AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 812 final

ANNEX 3 – PART 1/2

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo**

&

PRÍOMHTHÉACS.

**IARSCRÍBHINN I**

BEARTA ATÁ ANN CHEANA

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. Leagtar amach i Liosta Páirtí san Iarscríbhinn seo, de bhun Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí) agus Airteagal 11.8 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí), bearta an Pháirtí sin atá ann cheana nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach sna forálacha seo a leanas:

(a) 10.7 (Cóir Náisiúnta), 11.6 (Cóir Náisiúnta);

(b) 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair);

(c) 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta);

(d) 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí); nó

(e) 11.5 (Láithreacht Áitiúil).

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) Ciallaíonn ‘CMAP’ uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Meicsiceach Gníomhaíochtaí agus Táirgí (Clasificación Mexicana de Actividades y Productos) arna leagan amach ag an Institiúid Náisiúnta um Staidreamh agus Thíreolaíocht (Instituto Nacional de Estadística y Geografía), san Aicmiú Meicsiceach Gníomhaíochtaí agus Táirgí (Clasificación Mexicana de Actividades y Productos), 1994;

(b) ciallaíonn ‘CPC’ uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Lárnach Táirgí (CPC) mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach, 1991; agus

(c) ciallaíonn ‘ISIC’ Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le Gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Leag. 3.1, 2002.

3. Tá Liosta Páirtí gan dochar do chearta agus d’oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

4. I ngach Liosta leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn ‘earnáil’ don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

(b) tagraíonn ‘fo-earnáil’ don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;

(c) tagraíonn ‘aicmiú tionscail’, i gcás inarb iomchuí, don ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an mbeart neamh-chomhréireach de réir CMAP, CPC nó ISIC;

(d) sonraíonn ‘oibleagáidí lena mbaineann’ na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 nach mbaineann, de bhun Airteagail 10.12 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-chomhréireacha) agus 11.8 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-chomhréireacha), leis na bearta a liostaítear san iontráil;

(e) le ‘leibhéal rialtais’ tagraítear don leibhéal rialtais a choinníonn na bearta sonraithe ar bun;

(f) le ‘bearta’ aithnítear na dlíthe, na rialacháin nó na bearta eile a cháilítear, i gcás ina dtuairiscítear sin, leis an eilimint ‘tuairisc’ a bhfuil an iontráil á déanamh ina leith; maidir le beart a luaitear san eilimint ‘bearta’:

(i) ciallaíonn sé an beart arna leasú, arna leanúint nó arna athnuachan ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar aghaidh;

(ii) cuimsíonn sé aon fhobheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun faoi údarás an bhirt agus atá comhsheasmhach leis an mbeart; agus

(iii) maidir le treoracha an Aontais Eorpaigh, cuireann sé aon dlí, rialachán nó beart eile san áireamh lena gcuirtear an treoir ábhartha chun feidhme ar leibhéal na mBallstát; agus

(g) le 'tuairisc' leagtar amach gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana, sin nó soláthraítear tuairisc neamhcheangailteach ar an mbeart a ndearnadh an iontráil ina leith.

5. Agus iontráil á léiriú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú. Déanfar iontráil a léirmhíniú i bhfianaise na nAirteagal dá dtagraíonn na 'hOibleagáidí lena mBaineann' san iontráil sin.

6. Is tábhachtaí an eilimint 'beart' ná na heilimintí eile, ach amháin má mheastar neamhréireacht idir an eilimint 'beart' agus na heilimintí eile arna mbreith ina n-iomláine a bheith chomh substaintiúil agus chomh ábhartha sin go mbeadh sé míréasúnta a chinneadh gurb í an eilimint 'beart' is tábhachtaí, agus sa chás sin, is iad na heilimintí eile is tábhachtaí, ag brath ar mhéid na neamhréireachta sin.

7. Maidir le forchoimeádas a choinnítear ar bun ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais Eorpaigh agus de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, ach amháin i gcás ina n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas.

8. Maidir le forchoimeádas a choinnítear ar bun ar leibhéal náisiúnta Mheicsiceo nó ar leibhéal náisiúnta Ballstáit, tá feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den tír sin.

9. Is disciplíní ar leith iad Airteagail 11.5 (Láithreacht Áitiúil) agus 11.6 (Cóir Náisiúnta), agus i gcás beart nach bhfuil i gcomhréir go heisiach le hAirteagal 11.5 (Láithreacht Áitiúil), ní gá é a fhorchoimeád i gcoinne Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta).

10. I gcás ina gcoinníonn Páirtí beart ar bun lena gceanglaítear ar sholáthróir seirbhíse a bheith ina dhuine nádúrtha, ina shaoránach, ina bhuanchónaitheoir, nó ina chónaitheoir ina chríoch nó sainchónaí a bheith air ina chríoch, mar choinníoll le seirbhís a sholáthar sa chríoch sin, oibreoidh forchoimeádas don bheart sin arna ghlacadh i leith oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le Caibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) mar fhorchoimeádas i leith oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le Caibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), a mhéid a éilítear leis an mbeart sin.

11. Ní áirítear i Liosta Páirtí bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás nach teorannú córa náisiúnta iad de réir bhrí Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) nó 11.6 (Cóir Náisiúnta), ná i gcás nach srian ar rochtain ar an margadh iad de réir bhrí Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó 11.4 (Rochtain ar an Margadh). Na bearta sin, amhail an ceanglas ceadúnas a fháil, na hoibleagáidí seirbhíse uilíche, an ceanglas cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith faighte, an ceanglas pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena bhféadfaí scrúduithe teanga a áireamh, agus aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i gcriosanna nó limistéir chosanta, beidh feidhm acu in aon chás, fiú mura liostaítear iad.

12. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i Liosta an Aontais Eorpaigh:

AT An Ostair

BE An Bheilg[1]

[1] Chun críocha na bhforchoimeádas sa Bheilg, cumhdaíonn leibhéal lárnach an rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

EL An Ghréig

ES An Spáinn

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI An Fhionlainn[2]

FR An Fhrainc

---

[2] Chun críocha na bhforchoimeádas san Fhionlainn, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais Oileáin Åland.

| | |
|---|---|
| HR | An Chróit |
| HU | An Ungáir |
| IE | Éire |
| IT | An Iodáil |
| LT | An Liotuáin |
| LU | Lucsamburg |
| LV | An Laitvia |
| MT | Málta |
| NL | An Ísiltír |
| PL | An Pholainn |
| PT | An Phortaingéil |
| RO | An Rómáin |
| SE | An tSualainn |
| SI | An tSlóivéin |
| SK | An tSlóvaic |

13. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás an Aontais Eorpaigh, ní éilítear leis an oibleagáid chun cóir náisiúnta a dheonú ceanglas a bheith ann an chóir chéanna a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Mheicsiceo agus a thugtar i mBallstát do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Ballstáit eile de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' amach anseo), nó d'aon bheart arna ghlacadh de bhun CFAE, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na mbeart sin sna Ballstáit. De bhun CFAE, ní thugtar an chóir sin ach amháin d'fhiontair arna bhunú nó arna n-eagrú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na fiontair sin atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo.

14. Chun críocha Liosta Mheicsiceo:

(a) Ciallaíonn 'CFE' Coimisiún Feidearálach an Leictreachais (Comisión Federal de Electricidad);

(b) ciallaíonn 'CNIE' an Coimisiún Náisiúnta um Infheistíochtaí Coigríche (Comisión Nacional de Inversiones Extranjeras);

(c) ciallaíonn 'CNE' an Coimisiún Náisiúnta um Fhuinneamh (Comisión Nacional de Energía);

(d) ciallaíonn 'lamháltas' údarú arna dheonú ag Meicsiceo do dhuine chun acmhainn nádúrtha a shaothrú nó chun seirbhís a sholáthar, i gcás inarb airde an tosaíocht a thugtar do náisiúnaigh agus d'fhiontair Mheicsiceo i leith na hacmhainne nó na seirbhíse sin ná mar a thugtar d'eachtraigh;

(e) ciallaíonn 'clásal eisiaimh eachtrach' an comhaontú nó cúnant sonrach atá i gcroílár reachtanna fiontair, ina leagtar amach nach dtabharfaidh an fiontar cead isteach, go díreach ná go hindíreach, d'infheisteoirí eachtracha nó d'fhiontair ag a bhfuil clásal cead isteach d'eachtraigh mar pháirtithe nó mar scairshealbhóirí an fhiontair;

(f) ciallaíonn 'PEMEX' Petróleos Mexicanos, cuideachta peitriliam i Meicsiceo;

(g) ciallaíonn 'SAGARPA' an Aireacht Talmhaíochta, Beostoic, Forbartha Tuaithe, Iascaigh agus Bia (Secretaría de Agricultura, Ganadería, Desarrollo Rural, Pesca, y Alimentación);

(h) ciallaíonn 'SCT' an Aireacht Cumarsáide agus Iompair (Secretaría de Comunicaciones y Transportes);

(i) ciallaíonn 'SE' an Aireacht Geilleagair (Secretaría de Economía); agus

(j) ciallaíonn 'SENER' an Aireacht Fuinnimh (Secretaría de Energía).

15. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, chun críocha Liosta Mheicsiceo, is é Meicsiceo an chiall atá leis na téarmaí 'Náisiún' agus 'Stát'.

**Foscríbhinn I-A**

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA ATÁ ANN CHEANA

LIOSTA AN AONTAIS EORPAIGH

Liosta na bhforchoimeádas:

I-EU-1 – Gach earnáil

I-EU-2 – Seirbhísí Gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

I-EU-3 – Seirbhísí Gairmiúla (gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte agus miondíol táirgí cógaisíochta)

I-EU-4 – Seirbhísí Taighde agus Forbartha

I-EU-5 – Seirbhísí Réadmhaoine

I-EU-6 – Seirbhísí Gnó

I-EU-7 – Seirbhísí Foirgníochta

I-EU-8 – Seirbhísí Dáileacháin

I-EU-9 – Seirbhísí Oideachais

I-EU-10 – Seirbhísí Comhshaoil

I-EU-11 – Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta

I-EU-12 – An Turasóireacht agus Seirbhísí a Bhaineann le Taisteal

I-EU-13 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt

I-EU-14 – Seirbhísí Iompair agus Seirbhísí Cúnta Iompair

I-EU-15 – Talmhaíocht, iascach agus monaraíocht

I-EU-16 – Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfuinneamh

I-EU-1 – Gach earnáil

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Gach earnáil |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| | Láithreacht Áitiúil |
| | Ceanglais Feidhmíochta |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal Rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

(a) Cineál bunaíochta

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: Cóir a dheonaítear de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta) d'fhiontair a bhunaítear i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Aontas, lena n-áirítear fiontair a bhunaigh infheisteoirí de chuid Mheicsiceo sna Ballstáit, ní dheonaítear an chóir sin do bhrainsí ná do ghníomhaireachtaí fiontar a bhunaítear lasmuigh den Aontas.

Cóir a dheonaítear d'fhiontair arna mbunú ag infheisteoirí de chuid Mheicsiceo i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Aontas, tá an chóir sin gan dochar d'aon choinníoll nó oibleagáid, i gcomhréir le Caibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), a bhféadfadh sé gur forchuireadh iad ar na fiontair sin ar a mbunú dóibh san Aontas agus a mbeidh feidhm acu fós.

Bearta: San Aontas Eorpach: CFAE.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Aon Bhallstát, agus é ag díol nó ag diúscairt a chuid leasanna cothromais, nó na sócmhainní bainteacha, i bhfiontar stáit atá ann cheana nó in eintiteas rialtais atá ann cheana a bhfuil seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais á soláthar aige (CPC 93, 92), féadfaidh sé toirmeasc a chur ar infheisteoirí Mheicsiceo nó ar a bhfiontair, úinéireacht a bheith acu ar na leasanna nó na sócmhainní sin nó teorainneacha a chur leis an úinéireacht, agus srian a chur le cumas úinéirí na leasanna agus na sócmhainní sin aon fhiontar iarmhartach a rialú. Maidir leis an díolachán sin nó aon diúscairt eile, féadfaidh aon Bhallstát aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le náisiúntacht na mbainisteoirí sinsearacha nó náisiúntacht chomhaltaí na mbord stiúrthóirí.

Chun críocha an fhorchoimeádais seo:

(a) aon bheart choinnítear ar bun nó a ghlactar tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, lena dtoirmisctear úinéireacht ar leasanna cothromais nó ar shócmhainní nó lena bhforchuirtear teorainneacha ar an úinéireacht sin, tráth a ndíolachán nó tráth diúscartha eile, nó lena bhforchuirtear ceanglais náisiúntachta mar a chuirtear síos orthu san fhorchoimeádas seo, measfar an beart sin a bheith ina bheart atá ann cheana; agus

(b) ciallaíonn ‘fiontar stáit’ fiontar faoi úinéireacht aon Bhallstáit nó arna rialú ag aon Bhallstát trí leasanna úinéireachta, agus áirítear leis fiontar arna bhunú tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, díreach chun críoch leasanna cothromais i bhfiontar stáit nó in eintiteas rialtais atá ann cheana nó sócmhainní an fhiontair nó an eintitis sin a dhíol nó a dhiúscairt.

Bearta:

Mar a leagtar amach san eilimint 'Tuairisc' thuas.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In AT: Chun brainse a oibriú, ní mór do chorparáidí lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) duine amháin ar a laghad a cheapadh, a bhfuil cónaí air in AT, a bheidh freagrach as a ionadaíocht. Ní mór sainchónaí in AT a bheith ar fheidhmeannaigh (stiúrthóirí bainistíochta) atá freagrach as cloí le hAcht Trádála na hOstaire (Gewerbeordnung).

Bearta:

AT: Aktiengesetz, BGBL. Uimh. 98/1965, § 254 (2);

GmbH-Gesetz, RGBL. Uimh. 58/1906, § 107 (2); agus

Gewerbeordnung, BGBL. Uimh. 194/1994, § 39 (2a).

In EE: Ní mór do chuideachta eachtrach stiúrthóir nó stiúrthóirí a cheapadh le haghaidh brainse. Ní mór do stiúrthóir brainse a bheith ina dhuine nádúrtha agus cáil ghníomhach dlí a bheith aige. Ní mór áit chónaithe stiúrthóra amháin ar a laghad de chuid an bhrainse a bheith i mBallstát LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise.

Bearta:

EE: Äriseadustik (Cód Tráchtála) § 385.

In FI: Ní mór cónaí in LEE a bheith ar dhuine amháin ar a laghad de na comhpháirtithe i gcomhpháirtíocht ghinearálta nó ar dhuine amháin ar a laghad de na comhpháirtithe ginearálta i gcomhpháirtíocht theoranta nó, más duine dlítheanach é an comhpháirtí, sainchónaí a bheith air in LEE (ní cheadaítear brainsí). Féadfaidh an t-údarás clárúcháin díolúintí a dheonú.

Chun gabháil do cheird mar fhiontraí príobháideach, tá cónaí in LEE ina cheanglas.

I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag eagraíocht eachtrach as tír lasmuigh de LEE gabháil do ghnó nó do cheird trí bhrainse a bhunú in FI, tá cead trádála ina cheanglas.

Tá cónaí in LEE ina cheanglas ar dhuine amháin de ghnáthchomhaltaí agus duine amháin de leas-chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí ar a laghad, agus ar an stiúrthóir bainistíochta. Féadfaidh an t-údarás clárúcháin díolúintí cuideachta a dheonú.

Bearta:

FI: Laki elinkeinon harjoittamisen oikeudesta (An tAcht um an gCeart chun Gabháil do Cheird) (122/1919), s. 1;

Osuuskuntalaki (Acht na gComharchumann) 1488/2001;

Osakeyhtiölaki (Acht na gCuideachtaí faoi Dhliteanais Teoranta) (624/2006); agus

Laki luottolaitostoiminnasta (An tAcht um Institiúidí Creidmheasa) (121/2007).

In SE: Cuideachta eachtrach nach bhfuil eintiteas dlítheanach bunaithe aici in SE nó atá ag déanamh a gnó trí ghníomhaire tráchtála, déanfaidh sí a cuid oibríochtaí tráchtála trí bhrainse atá cláraithe in SE, ag a bhfuil bainistíocht neamhspleách agus cuntais ar leithligh. Ní mór cónaí a bheith ar stiúrthóir bainistíochta agus ar leas-stiúrthóir bainistíochta an bhrainse, i gcás ina gceaptar iad, in LEE. Ní mór do dhuine nádúrtha nach bhfuil cónaí air in LEE, a dhéanann oibríochtaí tráchtála in SE, ionadaí cónaitheach a cheapadh agus a chlárú, a bheidh freagrach as na hoibríochtaí in SE. Coinneofar cuntais ar leithligh le haghaidh na n-oibríochtaí in SE. I gcásanna aonair, féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí a dheonú ó na ceanglais maidir le brainsí agus cónaí. Tionscadail tógála a mhaireann níos lú ná bliain arna ndéanamh ag cuideachta atá lonnaithe lasmuigh de LEE nó ag duine nádúrtha a bhfuil cónaí air lasmuigh de LEE, díolmhaítear iad ó na ceanglais maidir le brainse a bhunú nó ionadaí cónaitheach a cheapadh.

Maidir le cuideachta Shualannach faoi dhliteanas teoranta a bhunú, féadfaidh duine nádúrtha a bhfuil cónaí air in LEE, duine dlítheanach Sualannach nó duine dlítheanach a bunaíodh i gcomhréir leis an reachtaíocht i stát laistigh de LEE agus a bhfuil a oifig chláraithe, a cheanncheathrú nó a phríomháit ghnó aige laistigh de LEE, an chuideachta sin a bhunú. Ní fhéadfaidh comhpháirtíocht a bheith ina bunaitheoir ach amháin má tá cónaí in LEE ar gach úinéir ag a bhfuil dliteanas pearsanta neamhtheoranta. Féadfaidh bunaitheoirí lasmuigh de LEE iarratas a dhéanamh ar chead ón údarás inniúil.

I gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus comhlachais eacnamaíocha chomhoibritheacha, ní mór cónaí in LEE a bheith ar 50 % ar a laghad den bhord stiúrthóirí, 50 % ar a laghad de leas-chomhaltaí an bhoird, an stiúrthóir bainistíochta, an leas-stiúrthóir bainistíochta agus duine amháin ar a laghad de na daoine atá údaraithe le síniú thar ceann na cuideachta, más ann dóibh. Féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí ón gceanglas sin a dheonú. Mura bhfuil cónaí ar ionadaí ar bith de chuid na cuideachta nó an chumainn in SE, ní mór don bhord duine a bhfuil cónaí air in SE a cheapadh agus a chlárú, duine ar údaraíodh a sheirbheáil thar ceann na cuideachta nó an chumainn.

Tá feidhm ag coinníollacha comhfhreagracha maidir le gach cineál eile eintitis dhlítheanaigh a bhunú.

Bearta:

SE: Lag om utländska filialer m.m (An tAcht um Oifigí Brainse Eachtracha) (1992:160);

Aktiebolagslagen (Acht na gCuideachtaí) (2005:551);

An tAcht um Chomhlachas Eacnamaíoch Comhoibritheach (1987:667); agus

An tAcht um Ghrúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch (1994:1927).

In SK: Duine nádúrtha eachtrach a mbeidh a ainm le clárú sa Chlár Tráchtála mar dhuine a údarófar le gníomhú thar ceann fiontraí, tá ceangal ar an duine sin cead cónaithe sa tSlóvaic a chur isteach.

Bearta:

SK: Acht 513/1991 maidir leis an gCód Tráchtála (Airteagal 21); agus

Acht Uimh. 404/2011 maidir le Cónaí Eachtrannach (Airteagail 22 agus 32).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta

In BG: Féadfaidh daoine dlítheanacha eachtracha, ach amháin sa chás inar bunaíodh faoi reachtaíocht Ballstáit den Aontas Eorpach nó Ballstáit de LEE iad, gabháil do ghnó agus gníomhaíochtaí a shaothrú má tá siad bunaithe in BG i bhfoirm cuideachta atá cláraithe sa Chlár Tráchtála. Tá bunú brainsí faoi réir údaraithe.

Ní mór oifigí ionadaíochta de chuid fiontar eachtrach a bheith cláraithe le Comhlachas Gnó agus Tionscail na Bulgáire agus ní fhéadfaidh siad gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch ach tá siad i dteideal fógraíocht a dhéanamh maidir lena n-úinéir agus gníomhú mar ionadaithe nó ghníomhairí, agus an méid sin amháin.

Bearta:

BG: An Dlí Tráchtála, Airteagal 17a; agus

An Dlí maidir le hInfheistíochtaí a Spreagadh, Airteagal 24.

In PL: An raon feidhme oibríochtaí atá ag oifig ionadaíoch, ní chuimseoidh sé ach fógraíocht agus cur chun cinn na máthairchuideachta eachtraí a bhfuil ionadaíocht á déanamh ag an oifig uirthi. I gcás gach earnála cé is moite de sheirbhísí dlí, ní fhéadfaidh infheisteoirí neamh-AE tabhairt faoi agus gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch ach amháin i bhfoirm comhpháirtíochta teoranta, comhpháirtíochta teoranta comhstoic, cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus cuideachta comhstoic, agus tá rochtain ag cuideachtaí intíre freisin ar na cineálacha cuideachtaí comhpháirtíochta neamhthráchtála (comhpháirtíocht ghinearálta agus comhpháirtíocht dliteanais theoranta).

Bearta:

PL: Gníomh an 6 Márta 2018 maidir le rialacha i dtaca le gníomhaíocht eacnamaíoch fiontraithe eachtracha agus daoine eachtracha eile i gcríoch Phoblacht na Polainne.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Ceanglais Feidhmíochta:

In BG: Ní fhéadfaidh cuideachtaí bunaithe náisiúnaigh tríú tír a fhostú ach amháin le haghaidh poist nach bhfuil náisiúntacht na Bulgáire ina ceanglas ina leith. Ní sháróidh líon iomlán na náisiúnach tríú tír a d’fhostaigh na cuideachtaí sin le 12 mhí anuas 20 % (35 % i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide) de mheánlíon na náisiúnach Bulgárach, náisiúnach na mBallstát eile, náisiúnach na stát is páirtithe i gComhaontú LEE nó náisiúnach Chónaidhm na hEilvéise, arna n-earcú ar conradh fostaíochta. Ina theannta sin, ní mór don fhostóir a thaispeáint nach bhfuil aon oibrí Bulgárach, ná aon oibrí Aontais, LEE nó Eilvéiseach ann atá oiriúnach don phost, trí thástáil a dhéanamh ar an margadh saothair roimh náisiúnaigh tríú tír a fhostú. Ní fhéadfar náisiúnaigh tríú tír a fhostú i bpoist a bhfuil gá le náisiúntacht na Bulgáire lena n-aghaidh.

I dtaca le hoibrithe ardcháilithe, oibrithe séasúracha agus oibrithe ar postú, chomh maithe le hoibrithe is aistrithe ionchorparáideacha, taighdeoirí agus mic léinn, níl aon teorainn leis an líon náisiúnach tríú tír a oibríonn in aon chuideachta amháin. Sna cásanna sin, ní gá tástáil margaidh saothair a dhéanamh.

Bearta:

BG: An tAcht um Imirce an Lucht Oibre agus um Shoghluaisteacht an Lucht Saothair.

(b) Réadmhaoin a éadáil

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In AT (tá feidhm aige maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá údarú ó na húdaráis réigiúnacha inniúla (Länder) ina cheangal ar dhaoine agus ar fhiontair nádúrtha neamh-AE chun réadmhaoin a éadáil, a cheannach, agus a fháil ar cíos nó ar léas. Ní dheonófar údarú ach amháin má mheastar go bhfuil an éadáil chun leas an phobail (leas eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an phobail go háirithe).

Bearta:

AT: Burgenländisches Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 25/2007;

Burgenländisches Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 9/2004;

NÖ Grundverkehrsgesetz, LGBL. 6800;

OÖ Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 88/1994;

Salzburger Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 9/2002;

Steiermärkisches Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 134/1993;

Tiroler Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 61/1996;

Voralberger Grundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 42/2004; agus

Wiener Ausländergrundverkehrsgesetz, LGBL. Uimh. 11/1998.

In CY: Ceadaítear do Chipirigh nó do dhaoine de bhunús na Cipire, chomh maith le náisiúnaigh Ballstáit, réadmhaoin a éadáil in CY gan srianta. Ní fhéadfaidh aon eachtrannach, seachas i gcásanna *mortis causa*, seilbh a fháil ar aon mhaoin dhochorraithe gan cead a fháil ó Chomhairle na n-Airí. I gcás eachtrannaigh a fhaigheann seilbh ar mhaoin dhochorraithe, má sháraíonn an éadáil sin an méid is gá chun áitreabh a thógáil do theach nó chun díon gairmiúil a thógáil, nó má sháraíonn sé ar bhealach eile méid dhá *donum* (2676 m cearnach), ní mór aon chead arna dheonú ag Comhairle na nAirí a bheith faoi réir na dtéarmaí, na dteorainneacha, na gcoinníollacha agus na gcritéar a socraíodh le Rialacháin arna ndéanamh ag Comhairle na nAirí agus arna bhfaomhadh ag Teach na nIonadaithe. Is é is eachtrannach ann aon duine nach saoránach é de CY, lena n-áirítear cuideachta faoi smacht eachtrach. Ní áirítear leis an téarma ‘eachtrannach’ eachtrannaigh de bhunús Cipireach nó céilí neamh-Chipireacha shaoránaigh CY.

Bearta:

CY: An Dlí maidir le hÉadáil Maoine Dochorraithe (Eachtrannaigh) (Caibidil 109), arna leasú le dlíthe uimhreacha 52 de 1969, 55 de 1972, 50 de 1990, 54(I) de 2003 agus 161(I)/2011.

In CZ: Féadfaidh daoine nádúrtha eachtracha a bhfuil buanchónaí orthu in CZ agus fiontair atá bunaithe in CZ talamh talmhaíochta agus foraoise a éadáil. Baineann rialacha sonracha le talamh talmhaíochta agus foraoise faoi úinéireacht stáit. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Sheiceacha, bardais agus ollscoileanna poiblí (le haghaidh oiliúna agus taighde) talamh talmhaíochta stáit a éadáil. Ní fhéadfaidh daoine dlítheanacha (gan beann ar chineál nó áit chónaithe) talamh talmhaíochta stáit a éadáil ón stát ach amháin má tá foirgneamh, atá faoina n-úinéireacht cheana, tógtha uirthi nó má tá an talamh sin bunriachtanach le haghaidh úsáid an fhoirgnimh sin. Ní fhéadfaidh ach bardais agus ollscoileanna poiblí foraoiseacha stáit a éadáil.

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 95/1999 Bail. (maidir le Coinníollacha a bhaineann le haistriú talún talmhaíochta agus foraoiseacha ó úinéireacht stáit go húinéireacht eintiteas eile); agus

Acht Uimh. 503/2012 Bail. maidir le hOifig Talún an Stáit.

In DK: Maidir le duine nádúrtha nach bhfuil cónaí air in DK, nó nach raibh cónaí air in DK roimhe seo le tréimhse 5 bliana san iomlán, ní mór don duine sin, i gcomhréir le hAcht um Éadáil na Danmhairge, cead a fháil ón Aireacht Dlí chun réadmhaoin a éadáil. Saoránaigh an Aontais agus LEE ar mian leo cónaí in DK chun oibriú, gnólacht a chur ar bun nó seirbhísí a sholáthar, ní gá dóibh cead a fháil réadmhaoin a cheannach chun na gcríoch sin. Tá cead ag teastáil chun réadmhaoin a éadáil chun críoch fóillíochta (áit chónaithe thánaisteach) ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an ceannaitheoir aonair na ceanglais um chónaí a leagtar síos sa Ghníomh um Éadáil Réadmhaoine. Tá cead ón Aireacht Comhshaoil agus Bia ina cheanglas le haghaidh daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha atá bunaithe lasmuigh den Aontas (agus lasmuigh de LEE) chun réadmhaoin talmhaíochta a éadáil.

Bearta:

DK: Acht na Danmhairge um Réadmhaoin a Éadáil (Gníomh Comhdhlúite Uimh. 265 an 21 Márta 2014 maidir le Réadmhaoin a Éadáil);

An tOrdú Feidhmiúcháin um Éadáil (Ordú Feidhmiúcháin Uimh. 764 an 18 Meán Fómhair 1995); agus

An tAcht um Ghabháltais Talmhaíochta (Gníomh Comhdhlúite Uimh. 27 an 4 Eanáir 2017).

In EL: I gcás daoine nádúrtha nó dlítheanacha eachtracha, is gá dóibh cead roghnach a fháil ón Aireacht Cosanta chun réadmhaoin a éadáil sna réigiúin teorann, go díreach nó trí rannpháirtíocht cothromais i gcuideachta nach liostaítear i Stocmhalartán na Gréige agus atá ina húinéir ar réadmhaoin sna réigiúin sin, nó chun aon athrú a dhéanamh ar stocshealbhóirí na cuideachta sin.

Bearta:
EL: Dlí 1892/1990, arna leasú le hAirteagal 114 de Dhlí 3978/2011, i gcomhar – a mhéid a bhaineann leis an iarratas – le cinneadh aireachta 110/3/330340/Σ.120/7-4-14 ón Aire Cosanta.

In HR: Ní cheadaítear do chuideachtaí eachtracha réadmhaoin a fháil chun seirbhísí a sholáthar ach amháin má tá siad bunaithe agus corpraithe in HR mar dhaoine dlítheanacha. Is gá do bhrainsí cead a fháil ón Aireacht Dlí agus Cirt chun an réadmhaoin a éadáil a bhfuil gá léi chun seirbhísí a sholáthar. Ní fhéadfaidh eachtrannaigh talamh talmhaíochta a éadáil.

Bearta:

HR: An Dlí maidir le Seilbh agus Cearta Ábhartha eile (OG 91/96, 68/98, 137/99, 22/00, 73/00, 114/01, 79/06, 141/06, 146/08, 38/09 i 153/09, 143/12, 152/14); An tAcht maidir le Talamh Talmhaíochta (OG 152/08, 25/09, 153/09, 21/10, 31/11 agus 63/11), (OG 39/13, 48/15), Airteagal 2;
An Gníomh um Úinéireacht agus Cearta Dílseánaigh eile, Airteagail 354 go 358.b; agus
An Gníomh um Thalamh Talmhaíochta agus an Nós Imeachta Riaracháin Ginearálta. (OG 47/09).

In HU: Ní féidir le daoine nach bhfuil cónaí orthu in HU réadmhaoin a cheannach ach amháin faoi réir údarú a fháil ón údarás riaracháin iomchuí atá freagrach as ionad geografach na réadmhaoine.

Bearta:

HU: Foraithne Rialtais Uimh. 251/2014 (X. 2.) maidir le hEachtraigh Réadmhaoin a Éadáil seachas Talamh a Úsáidtear chun Críoch Talmhaíochta nó Foraoiseachta, Gníomh LXXVIII de 1993 (Mír 1/A).

In MT: Ní fhéadfaidh daoine nach náisiúnaigh de Bhallstát iad réadmhaoin a fháil chun críoch tráchtála. Ní mór do chuideachtaí ag a bhfuil 25 % (nó níos mó) de scairsheilbh neamh-AE údarú a fháil ón údarás inniúil (Aire atá freagrach as an Airgeadas) chun réadmhaoin dhochorraithe a cheannach chun críoch tráchtála nó gnó. Socróidh an t-údarás inniúil cé acu is glansochar do gheilleagar Mhálta atá san éadáil atá beartaithe nó nach ea.

Bearta:

MT: An tAcht um Maoin Dhochorraithe (Éadáil ag Daoine nach bhfuil Cónaí orthu in MT) (Cap. 246); agus

Prótacal Uimh. 6 de Chonradh Aontachais an Aontais maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha i Málta a éadáil.

In PL: Ceanglaítear ar eachtrannaigh cead a fháil chun réadmhaoin a éadáil, bíodh sin go díreach nó hindíreach. Eisítear cead trí chinneadh riaracháin ó aire atá inniúil ar ghnóthaí inmheánacha, faoi réir cead ón Aire Cosanta Náisiúnta, agus i gcás réadmhaoin talmhaíochta, faoi réir cead ón Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe freisin.

Bearta:

PL: Dlí an 24 Márta 1920 maidir le hÉadáil Réadmhaoine ag Eachtrannaigh (Iris Dlíthe 2016, ítim 1061 arna leasú).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In LV: Tá cead ag náisiúnaigh Mheicsiceo talamh uirbeach a éadáil trí chuideachtaí corpraithe atá cláraithe in LV nó i mBallstáit eile:

(a) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais faoi úinéireacht náisiúnach Ballstát, rialtas na Laitvia nó bardais, ar leithligh nó san iomlán;

(b) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais faoi úinéireacht daoine nádúrtha agus cuideachtaí tríú tíortha lena bhfuil comhaontuithe déthaobhacha curtha i gcrích ag LV maidir le cur chun cinn agus cosaint chómhalartach infheistíochtaí agus arna bhfaomhadh ag Parlaimint na Laitvia roimh an 31 Nollaig 1996;

(c) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais i seilbh daoine nádúrtha agus cuideachtaí tríú tíortha lena bhfuil comhaontuithe déthaobhacha curtha i gcrích ag an Laitvia maidir le cur chun cinn agus cosaint chómhalartach infheistíochtaí tar éis an 31 Nollaig 1996; má socraíodh sna comhaontuithe sin cearta daoine nádúrtha agus cuideachtaí Laitviacha maidir le héadáil talún sa tríú tír ábhartha;

(d) má tá níos mó ná 50 % dá gcaipiteal cothromais i seilbh daoine ó (a) go (c) le chéile; nó

(e) ar cuideachtaí comhstoic poiblí iad, má luaitear a gcuid scaireanna iontu ar an stocmhalartán.

Áit a gceadaíonn Meicsiceo do náisiúnaigh agus d'fhiontair Laitviacha réadmhaoin uirbeach a cheannach ina gcuid críoch, ceadóidh LV do náisiúnaigh agus d'fhiontair Mheicsiceo réadmhaoin uirbeach a cheannach in LV faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh Laitviacha.

Bearta:

LV: An Dlí maidir le hathchóiriú talún i gcathracha Phoblacht na Laitvia, Airteagail 20 agus 21.

In RO: Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha, daoine gan stát agus daoine dlítheanacha (seachas náisiúnaigh Ballstáit den Aontas Eorpach agus náisiúnaigh Ballstáit de LEE) cearta maoine a fháil chun tailte, faoi na coinníollacha a bhíonn á rialáil ag conarthaí idirnáisiúnta, de réir cómhalartachta. Ní fhéadfaidh náisiúnaigh eachtracha, daoine gan stát ná daoine dlítheanacha an ceart maoine a shealbhú chun tailte, faoi choinníollacha atá níos fabhraí ná na cinn is infheidhme maidir le náisiúnach Ballstáit agus maidir le daoine dlítheanacha arna mbunú i gcomhréir le reachtaíocht Bhallstáit.

Bearta:

RO: Dlí Uimh. 17/2014 maidir le roinnt beart lena rialaítear díol agus ceannach talún talmhaíochta atá suite lasmuigh den bhaile lena leasaítear Dlí Uimh. 268/2001 maidir le príobháidiú cuideachtaí ar leo talamh faoi úinéireacht phoiblí agus faoi bhainistíocht phríobháideach an stáit le haghaidh talmhaíochta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Fearann an Stáit, agus leasuithe ina dhiaidh sin.

In DE: Féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha áirithe cómhalartachta maidir le héadáil réadmhaoine.

Bearta:

DE: An Dlí Réamhráiteach a ghabhann leis an gCód Sibhialta (Einführungsgesetz zum Bürgerlichen Gesetzbuche, EGBGB).

In ES: I gcás infheistíocht choigríche i ngníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le hinfheistíochtaí réadmhaoine le haghaidh misin taidhleoireachta arna ndéanamh ag stáit nach Ballstáit iad, tá údarú riaracháin ó Chomhairle Airí na Spáinne ina cheanglas lena haghaidh, ach amháin má tá comhaontú cómhalartach um léirscaoileadh i bhfeidhm.

Bearta:

In ES: Foraithne Ríoga 664/1999 an 23 Aibreán 1999 a bhaineann le hinfheistíocht choigríche.

I-EU-2 – Seirbhísí Gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí dlí; gníomhaire paitinne, gníomhaire maoine tionsclaíche, aturnae maoine intleachtúla; seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta; seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí comhairleacha cánach, seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí; seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 861, 862, 863, 8671, 8672, 8673, 8674, cuid de 879 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal Rialtais: | In AE / Náisiúnta (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

(a) Seirbhísí dlí (cuid de CPC 861)

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcomhréir leis na Nótaí Míniúcháin, go háirithe mír 10, d'fhéadfadh a bheith an áireamh leis na ceanglais maidir le clárú le Barra ceanglas maidir le céim sa dlí a bheith bainte amach sa tír ósta nó a coibhéis, nó roinnt oiliúna a bheith déanta faoi mhaoirseacht dlíodóra cheadúnaithe, nó oifig nó seoladh poist laistigh de dhlínse an Bharra a bheith ina cheanglas a luaithe a bhaintear ballraíocht sa Bharra amach. A mhéid atá na ceanglais sin neamh-idirdhealaitheach, ní liostaítear iad.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In AT: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise, chomh maith le cónaí (láithreacht tráchtála), ina gceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí náisiúnta (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Ní cheadaítear ach do dhlíodóirí a bhfuil náisiúntacht LEE nó Eilvéiseach acu seirbhísí dlí a sholáthar trí láithreacht tráchtála. Ceadaítear suas go 25 % rannpháirtíocht cothromais dlíodóirí eachtracha (nach mór dóibh a bheith láncháilithe ina ndlíchóras baile), chomh maith le scaireanna aon ghnólachta dlí; an chuid atá fágtha, ní mór iad a bheith i seilbh dhlíodóirí LEE nó dlíodóirí na hEilvéise atá láncháilithe, agus ní fhéadfaidh ach dlíodóirí de chuid na hEilvéise tionchar cinntitheach a imirt ar chinnteoireacht an ghnólachta dlí.

Bearta:

AT: Rechtsanwaltsordnung (Acht na nDlíodóirí) - RAO, RGBl. Uimh. 96/1868, Airteagail 1 agus 21c.

In BE (maidir le Cóir an Náisiúin Barrfhabhair): Tá cónaí ina cheanglas le haghaidh cead isteach iomlán sa Bharra, agus tá gá leis chun seirbhísí dlí a chleachtadh i leith dhlí náisiúnta na Beilge, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Is é 6 bliana an ceanglas maidir le cónaí atá ar dhlíodóir eachtrach chun cead isteach iomlán sa Bharra a bhaint amach, is é sin, 6 bliana ón dáta a rinneadh an t-iarratas ar chlárú, ach 3 bliana faoi choinníollacha áirithe. Tá deimhniú arna eisiúint ag Aire Gnóthaí Eachtracha na Beilge ina cheanglas, deimhniú ina bhfuil an chómhalartacht ceadaithe de réir an dlí náisiúnta nó de réir coinbhinsiún idirnáisiúnta (an coinníoll cómhalartachta).

Bearta:

BE: Cód Breithiúnach na Beilge (Airteagail 428-508); Foraithne Ríoga an 24 Lúnasa 1970.

In BG (maidir le Cóir an Náisiúin Barrfhabhair): Ní cheadaítear ach do náisiúnaigh Ballstáit nó náisiúnaigh eachtracha seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí an Aontais agus dhlí na mBallstát, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna, agus is gá do na náisiúnaigh sin a bheith ina ndlíodóirí láncháilithe agus a ndioplóma a bheith bainte amach acu, dioplóma a chruthaíonn go bhfuil siad i gcumas cleachtadh i mBallstát den Aontas. Féadfar cead a thabhairt do dhlíodóirí eachtracha gníomhú mar aturnae le cinneadh ó Chomhairle an Bharra Uachtaraigh agus ní mór dóibh a bheith cláraithe i gclár Aontachtaithe na nAturnaetha Eachtracha. Beidh dlíodóir Bulgárach in éineacht le dlíodóirí eachtracha i gcás ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá buanchónaí ina cheanglas le haghaidh seirbhísí idirghabhála dlí. Sa Bhulgáir, an chóir náisiúnta iomlán i leith bunú agus oibriú cuideachtaí, agus i leith soláthar seirbhísí, ní féidir í a leathnú ach amháin chuig cuideachtaí atá bunaithe i dtíortha a bhfuil nó a mbeidh comhaontuithe déthaobhacha curtha i gcrích leo maidir le cúnamh frithpháirteach dlí, agus chuig saoránaigh na dtíortha sin.

Bearta:

BG: Dlí na nAturnaetha; an Dlí maidir le hIdirghabháil; agus an Dlí maidir le Nótairí agus Gníomhaíocht Nótaire.

In CY: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise, chomh maith le cónaí in LEE nó san Eilvéis (láithreacht tráchtála), ina gceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Ní fhéadfaidh ach abhcóidí atá cláraithe leis an mBarra a bheith ina gcomhpháirtithe nó ina scairshealbhóirí den Bhord Stiúrthóirí i gcuideachta dlí in CY.

Bearta:

CY: Dlí na nAbhcóidí (Caibidil 2), arna leasú le dlíthe uimhir 42 de 1961, 20 de 1963, 46 de 1970, 40 de 1975, 55 de 1978, 71 de 1981, 92 de 1983, 98 de 1984, 17 de 1985, 52 de 1985, 9 de 1989, 175 de 1991, 212 de 1991, 9(I) de 1993, 56(I) de 1993, 83(I) de 1994, 76(I) de 1995, 103(I) de 1996, 79(I) de 2000, 31(I) de 2001, 41(I) de 2002, 180(I) de 2002, 117(I) de 2003, 130(I) de 2003, 199(I) de 2004, 264(I) de 2004, 21(I) de 2005, 65(I) de 2005, 124(I) de 2005, 158(I) de 2005, 175(I) de 2006, 117(I) de 2007, 103(I) de 2008, 109(I) de 2008, 11(I) de 2009, 130(I) de 2009, 4(I) de 2010, 65(I) de 2010, 14(I) de 2011, 144(I) de 2011, 116(I) de 2012 agus 18(I) de 2013.

In CZ: Tá cead isteach iomlán sa Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí náisiúnta (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna, tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaí in CZ ina gceanglas.

Bearta:

CZ: Gníomh Uimh. 85/1996 Bail., an tAcht um Ghairm an Dlí.

In DE: Ní féidir cead isteach chuig an mBarra a thabhairt ach do dhlíodóirí a bhfuil cáilíocht LEE nó Eilvéiseach acu, agus atá i dteideal, dá bhrí sin, seirbhís dlí a sholáthar i leith an dlí náisiúnta. Tá láithreacht tráchtála ina ceanglas chun cead isteach iomlán sa Bharra a fháil. Féadfaidh an comhlachas Barra inniúil díolúintí a dheonú. I gcás dlíodóirí eachtracha (a bhfuil cáilíochtaí acu nach cáilíochtaí LEE nó Eilvéiseacha iad), d’fhéadfadh srianta a bheith ar scaireanna a shealbhú i ngnólacht dlí a sholáthraíonn seirbhísí dlí sa dlí náisiúnta. Féadfaidh dlíodóirí eachtracha seirbhísí sa dlí eachtrach a thairiscint nuair a chruthaíonn siad go bhfuil saineolas acu; ní mór clárú chun seirbhísí sa dlí a chur ar fáil in DE.

Bearta:

DE: § 59e, § 59f, § 206 Bundesrechtsanwaltsordnung (BRAO; Acht na nDlíodóirí Feidearálacha), Gesetz über die Tätigkeit europäischer Rechtsanwälte in Deutschland (EuRAG); § 10 Rechtsdienstleistungsgesetz (RDG).

In DK: Tá feidhm ag ceanglais maidir le seirbhísí dlí a dhéanamh faoin teideal ‘advokat’ (dlíodóir). I gcoitinne, is do dhlíodóirí ag a bhfuil ceadúnas Danmhargach chun an dlí a chleachtadh a fhorchoimeádtar an ionadaíocht os comhair na gCúirteanna. Maidir le scaireanna gnólachta dlí, féadfaidh siad a bheith faoi úinéireacht dlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu agus a chleachtann an dlí go gníomhach sa ghnólacht, ina mháthairchuideachta, nó ina fhochuideachta, faoi úinéireacht fostaithe sa ghnólacht, nó faoi úinéireacht gnólachta dlí eile atá cláraithe in DK, agus an méid sin amháin. Thairis sin, 90 % de na scaireanna atá ag gnólacht dlí Danmhargach, ní mór iad a bheith faoi úinéireacht dlíodóirí ag a bhfuil ceadúnas Danmhargach, dlíodóirí atá cáilithe i mBallstát agus atá cláraithe in DK agus a chleachtann an dlí go gníomhach sa ghnólacht, ina mháthairchuideachta, nó ina fhochuideachta, nó faoi úinéireacht gnólachtaí dlí atá cláraithe in DK.

Bearta:

DK: Lovbekendtgørelse Uimh. 1101 de 22 Meán Fómhair 2017 (Gníomh Comhdhlúite Uimh. 1101 de 22 Meán Fómhair 2017 maidir le Riar an Cheartais).

In EE: Tá cónaí (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí an Aontais agus na mBallstát, rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla agus ionadaíocht os comhair na Cúirte Uachtaraí. Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach.

Bearta:

EE: Advokatuuriseadus (An tAcht um Chomhlachas Barra);

Notariaadiseadus (Acht na Nótairí);

Kohtutäituri seadus (Acht na mBáillí), tsiviilkohtumenetluse seadustik (Cód an Nós Imeachta Shibhialta); Halduskohtumenetluse seadustik (Cód Nós Imeachta na Cúirte Riaracháin);

Kriminaalmenetluse seadustik (Cód an Nós Imeachta Choiriúil); agus

Väärteomenetluse seadustik (Cód an Nós Imeachta Oilghnímh).

In EL: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaí in LEE nó san Eilvéis (láithreacht tráchtála) ina gceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí náisiúnta (an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Bearta:

EL: Cód Nua na nDlíodóirí n. 4194/2013.

In ES: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise ina ceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí náisiúnta an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Féadfaidh na húdaráis inniúla tarscaoileadh náisiúntachta a dheonú.

Bearta:

In ES: Estatuto General de la Abogacía Española, aprobado por Real Decreto 658/2001, Airteagal 13.1ª.

In FR: Tá cónaí nó bunú ina cheanglas le haghaidh cead isteach iomlán sa Bharra, rud a bhfuil gá leis chun seirbhísí dlí a chleachtadh i leith dhlí náisiúnta na Fraince, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Bearta:

In FR: Loi du 31 décembre 1971, Airteagal 56;

Loi 90-1258 relative à l'exercice sous forme de société des professions libérales; agus

Loi 90-1259 du 31 décembre 1990, Airteagal 7.

In FI: Tá cónaí in LEE nó san Eilvéis ina cheanglas le haghaidh úsáid an teidil ghairmiúil 'dlíodóir' ('asianajaja' san Fhionlainnis). Féadfaidh comhaltaí nach bhfuil cead isteach chuig an mBarra acu seirbhísí dlí a sholáthar chomh maith, dlí náisiúnta na Fionlainne san áireamh.

Bearta:

FI: Laki asianajajista (Acht na nDlíodóirí) (496/1958), ss. 1 agus 3; agus

Rättegångsbalken (Cód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh) (4:1734).

In HR: Tá náisiúntacht LEE ina ceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí náisiúnta (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. In imeachtaí lena mbaineann an dlí idirnáisiúnta, féadfaidh dlíodóirí eachtracha ar comhaltaí iad i gcomhlachas barra a dtíortha féin ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtithe os comhair cúirteanna eadrána agus cúirteanna *ad hoc*.

Bearta:

HR: An tAcht maidir le Gairm an Dlí (OG 9/94, 51/01, 117/08, 75/09, 18/11).

In HU: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaí in LEE nó san Eilvéis (láithreacht tráchtála) ina gceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí náisiúnta (an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Féadfaidh dlíodóirí eachtracha comhairle dlí a sholáthar faoin tír bhaile agus faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhpháirt le dlíodóir Ungárach nó gnólacht dlí.

Bearta:

HU: Acht XI de 1998 um Aturnaetha sa Dlí.

In LT (maidir le Cóir an Náisiúin Barrfhabhair): Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaí in LEE agus san Eilvéis (láithreacht tráchtála), chomh maith le cead isteach iomlán sa Bharra, ina gceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí náisiúnta (an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Ní féidir le haturnaetha as tíortha eachtrannacha cleachtadh mar abhcóidí sa chúirt ach amháin i gcomhréir le comhaontuithe déthaobhacha.

Bearta:

LT: An Dlí maidir le Barra Phoblacht na Liotuáine an 18 Márta 2004 Uimh. IX-2066 arna leasú go deireanach an 12 Nollaig 2017 le dlí Uimh. XIII-571.

In LU: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise (láithreacht tráchtála) ina ceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí náisiúnta LU, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Féadfaidh Comhairle an Oird a aontú, ar bhonn cómhalartachta, an ceanglas náisiúntachta a tharscaoileadh do náisiúnach eachtrach.

Bearta:

LU: Loi du 16 décembre 2011 modifiant la loi du 10 août 1991 sur la profession d'avocat.

In LV (maidir le Cóir an Náisiúin Barrfhabhair freisin): Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise ina ceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí coiriúil na Laitvia, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Ní féidir le haturnaetha as tíortha eachtrannacha a bheith ag cleachtadh mar abhcóidí sa chúirt ach amháin i gcomhréir le comhaontuithe déthaobhacha maidir le cúnamh frithpháirteach dlí. Tá ceanglais speisialta ann i gcás abhcóidí ón Aontas nó i gcás abhcóidí eachtracha. Mar shampla, níl rannpháirtíocht in imeachtaí cúirte i gcásanna coiriúla ceadaithe ach amháin i gcomhar le habhcóide as *Collegium* Laitviach na n-Abhcóidí faoi Bhrí Mionna.

Bearta:

An Dlí um Nós Imeachta Coiriúil LV, s. 79, Dlí Abhcóideachta Phoblacht na Laitvia, s. 4.

In MT: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise, chomh maith le cónaí in LEE nó san Eilvéis (láithreacht tráchtála), ina gceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí náisiúnta Mhálta, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Bearta:

MT: An Cód Eagrúcháin agus Nós Imeachta Shibhialta (Cap. 12).

In NL: Ní fhéadfaidh ach dlíodóirí atá cláraithe i gclárlann na hÍsiltíre an teideal 'abhcóide' a úsáid. In áit an téarma iomlán 'abhcóide' a úsáid, tá sé d'oibleagáid ar dhlíodóirí eachtracha (neamhchláraithe) eagraíocht ghairmiúil a dtíre dúchais a lua chun críocha a gcuid gníomhaíochtaí in NL.

Bearta:

In NL: Advocatenwet (an tAcht um Abhcóidí).

In PT (maidir le Cóir an Náisiúin Barrfhabhair freisin): Tá cónaí (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun dlí náisiúnta na Portaingéile a chleachtadh. Maidir le hionadaíocht os comhair na gcúirteanna, tá cead isteach iomlán sa Bharra ina cheanglas. Eachtrannaigh a bhfuil dioplóma acu a bhronn aon Dámh Dlí sa Phortaingéil orthu, féadfaidh siad clárú le Barra na Portaingéile (Ordem dos Advogados), faoi na téarmaí céanna le náisiúnaigh na Portaingéile, má thugann tír na n-eachtrannach sin cóir chómhalartach do náisiúnaigh na Portaingéile.

Féadfaidh eachtrannaigh eile a bhfuil céim sa dlí acu arna haithint ag Dámh Dlí in PT clárú mar chomhaltaí de Chumann an Bharra ar choinníoll go ndéanann siad an tréimhse faoi airteagail is gá agus go mbaineann siad pas amach sa scrúdú measúnaithe agus sa scrúdú iontrála deiridh. Comhlachtaí dlí ar le dlíodóirí a glaodh chun Barra na Portaingéile na scaireanna uile sna comhlachtaí sin, ní fhéadfaidh ach comhlachtaí den chineál sin cleachtadh in PT.

Bearta:

PT: Dlí 15/2005, Airteagail 203, 194;

Reacht Bharra na Portaingéile (Estatuto da Ordem dos Advogados) agus Dlí Foraithne 229/2004, Airteagail 5, 7–9;

Dlí Foraithne 88/2003, Airteagail 77 agus 102;

Reacht um an gComhlachas Gairmiúil Poiblí (Estatuto da Câmara dos Solicitadores), arna leasú le Dlí 49/2004, le Dlí 14/2006 agus le Dlí Foraithne Uimh. 226/2008;

Dlí 78/2001, Airteagail 31, 4;

Rialachán maidir le hidirghabháil teaghlaigh agus saothair (Reacht 282/2010);

Dlí 21/2007 maidir le hidirghabháil chóiriúil, Airteagal 12;

Dlí 32/2004 (arna leasú le Dlí Foraithne 282/2007 agus Dlí 34/2009) maidir le riarthóir féimheachta, Airteagail 3 agus 5, agus dlíthe eile nach iad; agus

Dlí Foraithne 54/2004, Airteagal 1 (Regime jurídico das sociedades de administradores de insolvência).

In RO: Ní fhéadfaidh dlíodóir eachtrach teacht ar chonclúidí ó bhéal ná conclúidí i scríbhinn os comhair na gcúirteanna ná comhlachtaí breithiúnacha eile, ach amháin i gcás eadráin idirnáisiúnta.

Bearta:

RO: Dlí na nAturnaetha;

An Dlí maidir le hIdirghabháil; agus

Dlí le haghaidh na Nótairí agus na Gníomhaíochta Nótaire.

In SI (maidir le Cóir an Náisiúin Barrfhabhair freisin): I dtaca le hionadaíocht a dhéanamh ar chliaint os comhair na cúirte i leith íocaíochta, tá sé sin faoi choinníoll láithreachta tráchtála in SI. Dlíodóir eachtrach a bhfuil sé de cheart aige an dlí a chleachtadh i dtír eachtrach, féadfaidh sé seirbhísí dlí a sholáthar nó an dlí a chleachtadh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34a d’Acht na nAturnaetha, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníoll na cómhalartachta iarbhír. Is é an tAire Gnóthaí Eachtracha a dheimhníonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh.

Bearta:

SI: Zakon o odvetništvu (Neuradno prečiščeno besedilo-ZOdv-NPB2 Državnega Zbora RS z dne 21.5.2009 (Acht na nAturnaetha) téacs comhdhlúite neamhoifigiúil arna ullmhú ag Parlaimint na Slóivéine ón 21.5.2009).

In SE: Ní fhéadfaidh comhalta de Chomhlachas Barra na Sualainne a bheith fostaithe ag aon duine seachas comhalta den Bharra nó cuideachta a dhéanann gnó thar ceann comhalta Barra. Mar sin féin, féadfaidh ball den Bharra a bheith fostaithe ag cuideachta eachtrach a dhéanann gnó abhcóide, ar choinníoll go bhfuil sainchónaí cuideachta ag an gcuideachta atá i gceist i dtír laistigh den Aontas, de LEE, nó de Chónaidhm na hEilvéise. Faoi réir díolúine ó Bhord Chomhlachas Barra na Sualainne, féadfaidh comhalta de Chomhlachas Barra na Sualainne a bheith fostaithe freisin ag gnólacht dlí neamh-AE. Comhaltaí Barra a dhéanann a gcuid gnó i bhfoirm cuideachta nó comhpháirtíochta, ní fhéadfaidh siad aon chuspóir eile a bheith acu agus ní fhéadfaidh siad aon ghnó eile a dhéanamh seachas cleachtas abhcóide.

Tá comhoibriú le gnóthais abhcóide eile ceadaithe, ach tá cead ó Bhord an Chomhlachais Barra ina cheanglas chun comhoibriú le gnóthais eachtracha.

Tá cónaí in LEE nó i gCónaidhm na hEilvéise ina cheanglas le haghaidh cead isteach chuig an mBarra agus úsáid an teidil ‘advokat’. Féadfaidh Comhlachas Barra na Sualainne díolúintí a dheonú. Níl gá le cead isteach chuig an mBarra chun dlí náisiúnta na Sualainne a chleachtadh.

Bearta:

SE: Rättegångsbalken (Cód an Nós Imeachta Bhreithiúnaigh sa tSualainnis) (1942:740), agus Cód Iompair Bharra na Sualainne a glacadh 29 Lúnasa 2008.

In SK: Tá náisiúntacht LEE agus cónaí (láithreacht tráchtála) in SK ina gceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí náisiúnta na Slóvaice, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. I gcás dlíodóirí neamh-AE, tá cómhalartacht iarbhír ina ceanglas.

Bearta:

SK: Acht 586/2003 um Abhcóideacht, Airteagail 5, 12.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In PL: Ní fhéadfaidh dlíodóirí eachtracha iad féin a bhunú ach i bhfoirm comhpháirtíochta cláraithe, comhpháirtíochta teoranta, nó comhpháirtíochta teoranta comhstoic.

Bearta:

PL: Acht an 5 Iúil 2002 um sholáthar cúnaimh dhlíthiúil i bPoblacht na Polainne ag dlíodóirí eachtracha, Airteagal 19.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In IE: Tá cónaí (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil le dlí náisiúnta na hÉireann, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Bearta:

IE: Achtanna na nAturnaetha 1954-2011.

In IT: Tá cónaí (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí náisiúnta (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna.

Bearta:

IT: Foraithne Ríoga 1578/1933, Airteagal 17 den dlí maidir le gairm an dlí.

(b) Gníomhairí paitinne, Gníomhairí maoine tionsclaíche, Aturnaetha maoine intleachtúla (cuid de CPC 879, 861, 8613)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG, CY, EE agus LT: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinne a chleachtadh.

In DE: Ní fhéadfar cead isteach chuig an mBarra a thabhairt ach do dhlíodóirí paitinne a bhfuil cáilíocht Ghearmánach acu, agus atá i dteideal, dá bhrí sin, seirbhísí gníomhaire paitinne a sholáthar faoin dlí náisiúnta sa Ghearmáin. Féadfaidh dlíodóirí paitinne eachtraí seirbhísí dlí a sholáthar sa dlí eachtrach nuair atá saineolas cruthaithe acu; tá clárú ina cheanglas chun seirbhísí dlí a sholáthar in DE. Ní fhéadfaidh dlíodóirí paitinne (seachas i gcás ina bhfuil cáilíocht LEE nó Eilvéiseach acu) gnólacht a bhunú i gcomhar le dlíodóirí paitinne náisiúnta. Is i bhfoirm Patentanwalts-GmbH nó Patentanwalt-AG agus san fhoirm sin amháin a fhéadfaidh dlíodóirí paitinne eachtracha (seachas dlíodóirí de chuid LEE agus dlíodóirí Eilvéiseacha) a láithreacht tráchtála a bheith acu agus ní fhéadfaidh siad ach scair mhionlaigh a fháil.

In ES agus PT: Tá náisiúntacht LEE ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta réadmhaoine tionsclaíche a chleachtadh.

In IE: Ar bhonn bunaíochta, ceanglaítear leis an bhfoirm dhlíthiúil duine amháin ar a laghad de stiúrthóirí, comhpháirtithe, bainisteoirí nó fostaithe cuideachta a bheith cláraithe mar aturnae paitinne nó aturnae maoine intleachtúla in IE. Leis an mbonn trasteorann, tá náisiúntacht LEE agus láithreacht tráchtála in LEE, príomháit ghnó i mBallstát LEE agus cáilíocht faoi dhlí Bhallstát LEE ina gceanglas.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In IE: Le haghaidh bunaíochta, ní mór duine amháin ar a laghad de stiúrthóirí, comhpháirtithe, bainisteoirí nó fostaithe cuideachta a bheith cláraithe mar aturnae paitinne nó aturnae maoine intleachtúla in IE. Leis an mbonn trasteorann, tá náisiúntacht LEE agus láithreacht tráchtála in LEE, príomháit ghnó i mBallstát LEE agus cáilíocht faoi dhlí Bhallstát LEE ina gceanglas.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In EE: tá buanchónaí ina cheanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinne a chleachtadh.

In CY, FI agus HU: Tá cónaí in LEE ina cheanglas chun seirbhísí gníomhaireachta paitinne a chleachtadh.

In SI: Tá cónaí in SI ina cheanglas le haghaidh daoine ag a bhfuil cearta cláraithe nó daoine atá ina n-iarratasóirí ar chearta cláraithe (paitinní, trádmharcanna, cosaint dearaidh). De mhalairt air sin, tá gá le gníomhaire paitinne nó gníomhaire trádmhairc agus deartha in SI le haghaidh phríomhchuspóir na seirbhísí próisis, fógra, etc.

Bearta:

BG: Airteagal 4 den Reacht um Ionadaithe maidir le Maoin Intleachtúil.

CY: Dlí na nAbhcóidí (Caibidil 2), arna leasú le dlíthe uimhir 42 de 1961, 20 de 1963, 46 de 1970, 40 de 1975, 55 de 1978, 71 de 1981, 92 de 1983, 98 de 1984, 17 de 1985, 52 de 1985, 9 de 1989, 175 de 1991, 212 de 1991, 9(I) de 1993, 56(I) de 1993, 83(I) de 1994, 76(I) de 1995, 103(I) de 1996, 79(I) de 2000, 31(I) de 2001, 41(I) de 2002, 180(I) de 2002, 117(I) de 2003, 130(I) de 2003, 199(I) de 2004, 264(I) de 2004, 21(I) de 2005, 65(I) de 2005, 124(I) de 2005, 158(I) de 2005, 175(I) de 2006, 117(I) de 2007, 103(I) de 2008, 109(I) de 2008, 11(I) de 2009, 130(I) de 2009, 4(I) de 2010, 65(I) de 2010, 14(I) de 2011, 144(I) de 2011, 116(I) de 2012 agus 18(I) de 2013.

DE: § 52e, § 52 f, § 154a und § 154 b Patentanwaltsordnung (PAO).

EE: Patendivoliniku seadus (An tAcht um Ghníomhairí Paitinne) § 2, § 14.

In ES: Ley 11/1986, de 20 de marzo, de Patentes de Invención y Modelos de utilidad, Airteagail 155–157.

FI: Tavaramerkkilaki (An tAcht um Thrádmharcanna) (7/1964); Laki auktorisoiduista teollisoikeusasiamiehistä (An tAcht um Aturnaetha Maoine Tionsclaíochta Údaraithe) (22/2014); agus

Laki kasvinjalostajanoikeudesta (An tAcht um Cheart na bPóraitheoirí Plandaí) 1279/2009; agus Mallioikeuslaki (An tAcht um Dhearaí Cláraithe) 221/1971.

HU: Acht XXXII 1995 um Aturnaetha Paitinne.

IE: Ranna 85 agus 86 d'Acht na dTrádmharcanna 1996, arna leasú;

Riail 51 d'Acht na dTrádmharcanna 1996, arna leasú;

Ailt 106 agus 107 d'Acht na bPaitinní 1992, arna leasú; agus

Clár Rialacha na nGníomhairí Paitinne I.R. 580 de 2015.

LT: An Dlí maidir le Trádmhairc an 10 Deireadh Fómhair 2000 Uimh. VIII–1981;

An Dlí maidir le Dearaí an 7 Samhain 2002 Uimh. IX–1181;

Dlí Paitinne an 18 Eanáir 1994 Uimh. I-372, an Dlí um Chosaint Dhlíthiúil Topagrafaíochtaí Táirgí Leathsheoltóra an 16 Meitheamh 1998; agus

Rialachán na nAturnaetha Paitinne, arna fhaomhadh ag Ord Rialtais Phoblacht na Liotuáine an 20 Bealtaine 1992 Uimh. 362 (arna leasú go deireanach an 8 Samhain 2004 Uimh. 1410).

PT: Dlí Foraithne 15/95, arna leasú le Dlí 17/2010, le Portaria 1200/2010, Airteagal 5, agus le Portaria 239/2013; agus

Dlí 9/2009.

SI: Zakon o industrijski lastnini (An tAcht um Maoin Thionsclaíoch), Uradni list RS, št. 51/06 – uradno prečiščeno besedilo in 100/13 (Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine, Uimh. 51/06 – téacs comhdhlúite oifigiúil agus 100/13).

(c) Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta (CPC 8621 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219, 86220)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FR: Ní féidir le soláthróirí seirbhísí eachtracha seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta a sholáthar ach amháin faoi réir cinneadh ón Aire Eacnamaíochta, Airgeadais agus Tionscail, agus an méid sin comhaontaithe leis an Aire Gnóthaí Eachtracha. (CPC 86213, 86219, 86220).

Bearta:

In FR: Ordonnance 45-2138 du 19 septembre 1945, Airteagail 3, 7, 7 ter, 7 quinquies, 27 agus 42 bis.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála cuntasóirí eachtracha agus leabharchoimeádaithe i bhfiontar Ostarach, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh na leasanna ná cearta sin a bheith níos mó ná 25 %. Ní mór oifig nó suíomh gairmiúil a bheith ag an soláthróir seirbhíse in LEE (CPC 862).

Bearta:

AT: Wirtschaftstreuhandberufsgesetz (An tAcht um Chuntasóir Poiblí agus Ghairm na hIniúchóireachta), BGBl. I Nr. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4; agus

Bilanzbuchhaltungsgesetz (BibuG), BGBL. I Nr. 191/2013, §§ 7, 11, 28.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In IT: Tá cónaí nó sainchónaí gnó ina cheanglas le haghaidh clárú ar an gclár gairmiúil, rud a bhfuil gá leis chun seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta a sholáthar
(CPC 86213, 86219, 86220

Bearta:

IT: Foraithne Reachtach 139/2005; agus Dlí 248/2006.

In SI: Tá bunaíocht san Aontas Eorpach ina cheanglas chun seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta a chur ar fáil (CPC 86213, 86219, 86220).

Bearta:

SI: An tAcht Iniúchóireachta (ZRev-2), Iris Oifigiúil RS Uimh. 65/2008 (arna leasú go deireanach Uimh. 63/13);

Acht na gCuideachtaí (ZGD-1), Iris Oifigiúil RS Uimh. 42/2006 (arna leasú go deireanach Uimh. 15/17); agus

Acht um sheirbhísí sa mhargadh inmheánach, Irisleabhar Oifigiúil RS Uimh. 21/10.

(d) Seirbhísí iniúchóireachta (CPC 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

San Aontas Eorpach: Féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit coibhéis cáilíochtaí iniúchóra a aithint atá ina náisiúnach de chuid Meicsiceo nó aon tríú tír d’fhonn an t-iniúchóir sin a fhormheas chun gníomhú mar iniúchóir reachtúil san Aontas Eorpach faoi réir cómhalartachta (CPC 8621).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In ES: Ní mór d'iniúchóirí reachtúla a bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le hiniúchadh a dhéanamh ar chuideachtaí neamh-AE atá liostaithe i margadh a bhíonn á rialáil ag an Spáinn.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála iniúchóirí eachtracha i bhfiontar Ostarach, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh na leasanna ná cearta sin a bheith níos mó ná 25 %. Ní mór oifig nó suíomh gairmiúil a bheith ag an soláthróir seirbhíse in LEE.

In SI: Féadfaidh eintiteas iniúchóireachta tríú tír a bheith ina scairshealbhóir nó comhpháirtíochtaí a fhoirmiú i gcuideachta iniúchóireachta Slóivéanach ar choinníoll, faoi dhlí na tíre ina bhfuil an t-eintiteas iniúchóireachta tríú tír corpraithe, go bhféadfaidh cuideachtaí iniúchóireachta Slóivéanacha a bheith ina scairshealbhóirí nó comhpháirtíochtaí a fhoirmiú in eintiteas iniúchóireachta sa tír sin (ceanglas cómhalartachta). Tá buanchónaí in SI ina cheanglas le haghaidh comhalta amháin ar a laghad den bhord bainistíochta a bhaineann le bunaíocht cuideachta iniúchóireachta in SI.

In SK: Ní fhéadfar ach fiontar ina bhforchoimeádtar 60 % ar a laghad de na leasanna caipitil nó cearta vótála do náisiúnaigh Shlóvacacha nó do náisiúnaigh Ballstáit a údarú le hiniúchtaí a dhéanamh in SK.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí amháin – Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In BE: Tá gá le bunaíocht in BE ina ndéanfar an ghníomhaíocht ghairmiúil agus ina gcoimeádfar achtanna, doiciméid agus comhfhreagras a bhaineann léi, agus is gá riarthóir amháin ar a laghad, sin nó bainisteoir na bunaíochta, a fhormheas mar iniúchóir formheasta.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In DK: Tá formheas mar iniúchóir sa Danmhairg ina cheanglas chun seirbhísí reachtúla a sholáthar. Tá cónaí i mBallstát den Aontas Eorpach nó i mBallstát de LEE ina cheanglas chun formheas a fháil.

In FI: Tá cónaí in LEE ina cheanglas le haghaidh duine amháin ar a laghad d'iniúchóirí cuideachta Fionlannaí faoi dhliteanas teoranta agus de chuid cuideachtaí atá faoi oibleagáid iniúchadh a dhéanamh. Ní mór an t-iniúchóir a bheith ina iniúchóir ag a bhfuil ceadúnas áitiúil nó ina ghnólacht iniúchóireachta ag a bhfuil ceadúnas áitiúil.

In HR: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha atá bunaithe in HR nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu in HR seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar.

In IT: Tá cónaí ina cheanglas ar dhaoine nádúrtha chun seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar.

In LT: Tá bunaíocht in LEE ina ceanglas chun seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar.

In PL: Tá bunaíocht san Aontas ina ceanglas maidir le seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar.

In SE: Maidir le hiniúchóirí comhlachas eacnamaíoch comhoibritheach agus fiontar áirithe eile, mura cuntasóirí deimhnithe ná formheasta iad na hiniúchóirí sin, tá cónaí in LEE ina cheanglas orthu ach amháin má cheadaíonn an Rialtas, nó údarás Rialtais arna cheapadh ag an Rialtas, a mhalairt i gcás áirithe. Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá formheasta in SE agus gnólachtaí iniúchóireachta atá cláraithe in SE seirbhísí iniúchóireachta reachtacha a fheidhmiú. Tá cónaí in LEE ina cheanglas. Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá formheasta nó údaraithe in SE na teidil 'iniúchóir formheasta' agus 'iniúchóir údaraithe' a úsáid.

In SI: Tá láithreacht tráchtála ina ceanglas.

Bearta:

San Aontas Eorpach: Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle; agus Treoir 2006/43/CE maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite.

AT: Wirtschaftstreuhandberufsgesetz (An tAcht um Chuntasóir Poiblí agus Ghairm na hIniúchóireachta), BGBl. I Uimh. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4.

BE: Dlí an 22 Iúil, 1953 lena gcruthaítear an Institiúid um Iniúchóirí Gnólachtaí agus lena n-eagraítear maoirseacht phoiblí ar ghairm na n-iniúchóirí gnólachta, arna chomhordú an 30 Aibreán, 2007.

DK: Revisorloven (Acht na Danmhairge um Iniúchóirí Formheasta agus Gnólachtaí Iniúchóireachta), Acht Uimh. 1167 an 9 Meán Fómhair 2016.

In ES: Ley 22/2015, de 20 de julio, de Auditoría de Cuentas (an Dlí Iniúchóireachta nua: Dlí 22/2015 ar Seirbhísí Iniúchóireachta).

FI: Tilintarkastuslaki (An tAcht Iniúchóireachta) (459/2007); agus

Dlíthe earnála lena gceanglaítear iniúchóirí a úsáid ag a bhfuil ceadúnas áitiúil.

HR: An tAcht Iniúchóireachta (OG 146/05, 139/08, 144/12), Airteagal 3.

IT: Foraithne Reachtach 58/1998, Airteagail 155, 158 agus 161;

Foraithne ó Uachtarán na Poblachta 99/1998; agus

Foraithne Reachtach 39/2010, Airteagal 2.

LT: An Dlí um Iniúchadh an 15 Meitheamh 1999 Uimh. VIII -1227 (leagan nua an 3 Iúil 2008 Uimh. X-1676).

PL: Acht an 11 Bealtaine 2017 um iniúchóirí reachtacha, gnólachtaí iniúchóireachta agus formhaoirseacht phoiblí – Iris Dlíthe 2017, ítim 1089.

SE: Revisorslagen (Acht na nIniúchóirí) (2001:883); Revisionslag (An tAcht Iniúchóireachta) (1999:1079); Aktiebolagslagen (Acht na gCuideachtaí) (2005:551); Lag om ekonomiska föreningar (Acht na gComhlachas Eacnamaíoch Comhoibritheach) (1987:667); agus

Eile, lena rialáiltear na ceanglais chun úsáid a bhaint as iniúchóirí formheasta.

SI: An tAcht Iniúchóireachta (ZRev-2), Iris Oifigiúil RS Uimh. 65/2008 (arna leasú go deireanach Uimh. 63/13); agus

Acht na gCuideachtaí (ZGD-1), Iris Oifigiúil RS Uimh. 42/2006 (arna leasú go deireanach Uimh. 15/17).
SK: Acht Uimh. 423/2015 um iniúchóireacht reachtach.

(e) Seirbhísí comhairleacha cánachais (CPC 863, gan seirbhísí comhairleacha dlíthiúla ná seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla san áireamh maidir le cúrsaí cánach, a chumhdaítear faoi sheirbhísí dlí)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In AT: Maidir le leasanna caipitil agus cearta vótála comhairleoirí cánachais eachtracha i bhfiontar Ostarach, atá cáilithe de réir dhlí a dtíre baile, ní fhéadfaidh na leasanna agus cearta sin a bheith níos mó ná 25 %. Ní mór oifig nó suíomh gairmiúil a bheith ag an soláthróir seirbhíse in LEE.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas le haghaidh comhairleoirí cánachais.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In HU: Tá cónaí in LEE ina cheanglas maidir le seirbhísí comhairleacha cánachais sa mhéid go bhfuil siad á soláthar ag duine nádúrtha atá i láthair i gcríoch HU.

In IT: Tá cónaí ina cheanglas.

Bearta:

AT: Wirtschaftstreuhandberufsgesetz (An tAcht um Chuntasóir Poiblí agus Ghairm na hIniúchóireachta), BGBl. I Nr. 58/1999), § 12, § 65, § 67, § 68 (1) 4.

BG: An tAcht um Chuntasaíocht, an tAcht um Iniúchadh Airgeadais Neamhspleách; an tAcht um Chánacha Ioncaim ar Dhaoine Nádúrtha; agus an tAcht um Cháin Ioncaim Chorparáidigh.

HU: Acht XCII 2003 um na Rialacha Cánachais; agus

Foraithne na hAireachta Airgeadais Uimh. 26/2008 um cheadúnú agus chlárú gníomhaíochtaí comhairleacha cánach.

IT: Foraithne Reachtach 139/2005; agus Dlí 248/2006.

(f) Seirbhísí ailtireachta, pleanála uirbí innealtóireachta agus innealtóireachta comhtháite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta amháin – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Ní mór taithí 2 bhliain ar a laghad a bheith ag speisialtóirí eachtracha i réimse na foirgníochta. Tá náisiúntacht LEE ina cheanglas le haghaidh pleanáil uirbeach agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8674).

In HR: ní mór dearadh nó tionscadal arna chruthú ag ailtire, innealtóir nó pleanálaí uirbeach a bheith bailíochtaithe ag duine údaraithe nádúrtha nó dlítheanach in HR chun a áirithiú go gcomhlíonann sé dlí na Cróite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE: Cuimsítear le soláthar seirbhísí ailtireachta cur i gcrích na n-oibreacha a rialú (CPC 8671, 8674). Ceanglaítear ar ailtirí eachtracha atá údaraithe ina dtíortha óstacha agus ar mian leo a ngairm a chleachtadh ar bhonn ócáideach in BE údarú a fháil roimh ré ó Chomhairle an Oird sa limistéar geografach ina bhfuil sé ar intinn acu a ngníomhaíocht a chleachtadh.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In CY: Tá feidhm ag an gcoinníoll náisiúntachta agus cónaithe maidir le seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí a sholáthar, chomh maith le seirbhísí innealtóireachta agus innealtóireachta comhtháite (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In CZ: Tá cónaí in LEE ina cheanglas (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

In IT: Tá cónaí nó sainchónaí gairmiúil/seoladh gnó in IT ina cheanglas le haghaidh clárú sa chlár gairmiúil, rud a bhfuil gá leis chun seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta a chleachtadh (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

In HU: Tá cónaí in LEE ina cheanglas le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo a leanas, sa mhéid go bhfuil siad á soláthar ag duine nádúrtha atá i láthair i gcríoch HU: seirbhísí ailtireachta, seirbhísí innealtóireachta (infheidhme maidir le hoiliúnaithe céime amháin), seirbhísí innealtóireachta comhtháite agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

In SK: Tá cónaí in LEE ina cheanglas chun clárú sa chomhlachas gairmiúil, rud a bhfuil gá leis chun seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta a fheidhmiú (CPC 8671, 8672, 8673, 8674).

Bearta:

BE: Dlí an 20 Feabhra, 1939 maidir le teideal ghairm an ailtire a chosaint; agus

Dlí an 26 Meitheamh 1963, lena gcruthaítear Rialacháin Ord na n-Ailtirí an 16 Nollaig, 1983, maidir le heitic arna bunú ag an gComhairle náisiúnta in Ord na nAiltirí (arna fhormheas le hAirt. 1ú de A.R. an 18 Aibreán, 1985, M.B., an 8 Bealtaine, 1985).

BG: An tAcht um Fhorbairt Spásúil;

An tAcht um Chomhlachas na dTógálaithe; agus

An tAcht um Chomhlachas na nAiltirí agus na nInnealtóirí um Dhearadh Forbartha Tionscadal.

CY: Dlí 41/1962;

Dlí 224/1990; agus

Dlí 29(i) 2001.

CZ: Acht Uimh. 360/1992, Bail. maidir le cleachtadh ghairm na n-ailtirí údaraithe agus na n-innealtóirí agus teicneoirí údaraithe atá ag oibriú i réimse na tógála.

HR: An tAcht um Ghníomhaíochtaí Ailtireachta agus Innealtóireachta sa Phleanáil Fhisiceach agus sa Tógáil (OG 152/08, 49/11, 25/13); agus

An tAcht um Phleanáil Fhisiceach an 12 Nollaig 2013 (011-01/13-01/291).

HU: Acht LVIII 1996 um Chomhlachais Ghairmiúla na nAiltirí agus na nInnealtóirí.

IT: Foraithne Ríoga 2537/1925 Rialachán maidir le gairm an ailtire agus an innealtóra;

Dlí 1395/1923; agus Foraithne Uachtarán na Poblachta (D.P.R.) 328/2001.

SK: Acht 138/1992 um Ailtirí agus Innealtóirí, Airteagail. 3, 15, 15a, 17a agus 18a.

I-EU-3 – Seirbhísí Gairmiúla (gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte agus miondíol táirgí cógaisíochta)

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí liachta (lena n-áirítear síceolaithe) agus seirbhísí fiaclóireachta; cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine; seirbhísí tréidliachta; miondíol táirgí cógaisíochta, míochaine agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile a bhíonn á soláthar ag cógaiseoirí |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 9312, 93191, 932, 63211 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br>Cóir an Náisiúin Barrfhabhair<br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí<br>Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

(a) Seirbhísí leighis, déidliachta, cnáimhseach, altraí, fisiteiripeoirí agus paraimhíochaine (CPC 852, 9312, 93191)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In CY: Tá feidhm ag coinníoll náisiúntachta agus cónaithe na Cipire maidir le soláthar seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh), déidliachta, cnáimhseach, altraí, fisiteiripeoirí agus paraimhíochaine.

Bearta:

CY: An Dlí um Chlárú Dochtúirí (Caibidil 250);

An Dlí um Chlárú Déidliachta (Caibidil 249);

Dlí 75(I)/2013 – Podeolaithe;

Dlí 33(I)/2008 – Fisic Liachta;

Dlí 34(I)/2006 – Teiripeoirí Saothair;

Dlí 9(I)/1996 – Teicneoirí Déidliachta;

Dlí 68(I)/1995 – Síceolaithe;

Dlí 16(I)/1992;

Dlí 23(I)/2011 – Raideolaithe/Radiaiteirpeoirí;

Dlí 31(I)/1996 – Diatéitigh/Cothaithigh;

Dlí 140/1989 – Fisiteiripeoirí; agus Dlí 214/1988 – Altraí.

In DE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Féadfar srianta geografacha a fhorchur ar an gclárú gairmiúil, srianta a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh araon. Féadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais maidir le bunaíocht i gcás seirbhísí leighis, déidliachta agus cnáimhseacha.

Ní mór do dhochtúirí (lena n-áirítear síceolaithe, síciteiripeoirí agus fiaclóirí) clárú le comhlachais réigiúnacha na ndochtúirí nó na bhfiaclóirí árachais sláinte reachtúil (*kassenärztliche* nó *kassenzahnärztliche Vereinigungen*), más mian leo othair a chóireáil a bhfuil árachas acu trí na cistí reachtúla breoiteachta. Féadfaidh an clárú sin a bheith faoi réir srianta cainníochtúla ag brath ar scaipeadh réigiúnach na ndochtúirí. Níl feidhm ag an srian sin maidir le fiaclóirí. Níl clárú riachtanach ach amháin le haghaidh dochtúirí atá rannpháirteach sa scéim sláinte poiblí. Féadfaidh srianta neamh-idirdhealaitheacha a bheith ar fhoirm dhlíthiúil na bunaíochta atá ina ceanglas chun na seirbhísí sin a sholáthar.

Féadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais maidir le bunaíocht.

Ní fhéadfar teilileigheas a sholáthar ach i gcomhthéacs cóireála príomhúla áit a raibh dochtúir i láthair go fisiceach roimhe sin. Féadfar líon na soláthróirí seirbhíse teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a theorannú chun idir-inoibritheacht, comhoiriúnacht agus caighdeáin sábháilteachta riachtanacha a ráthú. Cuirtear é sin i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach (CPC 9312, 93191).

Bearta:

DE: Bundesärzteordnung (Rialachán Leighis Feidearálach);

Gesetz über die Ausübung der Zahnheilkunde;

Gesetz über die Berufe des Psychologischen Psychotherapeuten und des Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten (Acht um Sholáthar Seirbhísí Síciteiripe an 16.07.1998);

Gesetz über die berufsmäßige Ausübung der Heilkunde ohne Bestallung;

Gesetz über den Beruf der Hebamme und des Entbindungspflegers;

Gesetz über die Berufe in der Krankenpflege;

§ 7 Absatz 3 Musterberufordnung fuer Aerzte (Samhailchód gairmiúil na Gearmáine do dhochtúirí);

§ 95, § 99 agus seq. SGB V (Leabhar faoin tSlándáil Shóisialach Uimh. V), Árachas Sláinte Reachtúil;

§ 1 Absatz 2 agus Absatz 5 Hebammengesetz (Cód na gCnáimhseach), § 291b SGB V (Leabhar faoin tSlándáil Shóisialach Uimh. V) maidir le soláthraithe R-shláinte;

Heilberufekammergesetz des Landes Baden-Württemberg in der Fassung de 16. 03. 1995 (GBl. BW an 17.05.1995 S. 314);

Gesetz über die Berufsausübung, die Berufsvertretungen und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Tierärzte, Apotheker sowie der Psychologischen Psychotherapeuten und der Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten (Heilberufe-Kammergesetz – HKaG) in Bayern an 06.02.2002 (BAY GVBl 2002, lch. 42);

Gesetz über die Kammern und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Apotheker, Psychologischen Psychotherapeuten und Kinder- und Jugendpsychotherapeuten (Berliner Kammergesetz) an 04.09.1978 (Berliner GVBl. lch. 1937, leag. lch. 1980);

§ 31 Heilberufsgesetz Brandenburg (HeilBerG) an 28.04.2003;

Bremisches Gesetz über die Berufsvertretung, die Berufsausübung, die Weiterbildung und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Psychotherapeuten, Tierärzte und Apotheker (Heilberufsgesetz - HeilBerG) an 12.05.2005;

§ 29 Heilberufsgesetz Brandenburg (HeilBerG) an 09.05.2000;

§ 20 Heilberufsgesetz Brandenburg (HeilBerG) an 07.02.2003;

Gesetz über Berufsausübung, Berufsvertretungen und Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte, Zahnärzte, Tierärzte, Apotheker sowie der Psychologischen Psychotherapeuten und der Kinder und Jugendlichenpsychotherapeuten im Freistaat (Sächsisches Heilberufekammergesetz – SächsHKaG) an 24.05.1994 (SächsGVBl. leathanach 935);

Gesetz über die öffentliche Berufsvertretung, die Berufspflichten, die Weiterbildung und die Berufsgerichtsbarkeit der Ärzte / Ärztinnen, Zahnärzte / Zahnärztinnen, psychologischen Psychotherapeuten / Psychotherapeutinnen und Kinder- und Jugendlichenpsychotherapeuten / -psychotherapeutinnen, Tierärzte / Tierärztinnen und Apotheker / Apothekerinnen im Saarland (Saarländisches Heilberufekammergesetz – SHKG) an 19.11.2007; agus

Thüringer Heilberufegesetz 29. Januar 2002 (GVBl 2002, 125).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In IT: Tá náisiúntacht an Aontais ina ceanglas maidir leis na seirbhísí a chuireann síceolaithe ar fáil, féadtar cead a thabhairt do ghairmithe eachtracha cleachtadh ar bhonn cómhalartachta (cuid de CPC 9312).

Bearta:

IT: Dlí 56/1989 um ghairm an tsíceolaí.

(b) Seirbhísí Tréidliachta (CPC 932)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In AT: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Ballstáit de LEE seirbhísí tréidliachta a sholáthar. Déantar an ceanglas náisiúntachta a tharscaoileadh le haghaidh náisiúnaigh tíre nach Ballstát í de LEE i gcás ina bhfuil comhaontú Aontais leis an tír sin nach Ballstát í de LEE, lena bhforáiltear maidir le cóir náisiúnta i ndáil le léirscaoileadh infheistíochta agus trádáil trasteorann i seirbhísí tréidliachta.

In ES: Tá ballraíocht i gcomhlachas gairmiúil ina ceanglas chun an ghairm a chleachtadh, mar aon le náisiúntacht an Aontais, ceanglas a fhéadfar a tharscaoileadh trí chomhaontú gairmiúil déthaobhach.

In FR: Tá náisiúntacht LEE ina cheanglas maidir le seirbhísí tréidliachta a sholáthar ach féadfar an ceanglas maidir le náisiúntacht a tharscaoileadh faoi réir na cómhalartachta.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In CY: Tá feidhm ag an gcoinníoll náisiúntachta agus cónaithe maidir le seirbhísí tréidliachta a sholáthar.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In EL: Tá cónaí in LEE nó san Eilvéis ina cheanglas chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar.

In HU: Tá ballraíocht i gCumann Tréidliachta na hUngáire ina ceanglas chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In HR: Is iad náisiúnaigh an Aontais agus iad sin amháin a fhéadann cleachtas tréidliachta a bhunú in HR.

In PL: Maidir le seirbhísí tréidliachta a bheith á soláthar ag duine nádúrtha atá i láthair i gcríoch PL, ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Ballstát ar cuid den Aontas é seirbhísí tréidliachta a sholáthar. Féadfaidh daoine eachtracha iarratas a dhéanamh ar chead chun cleachtadh.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In CZ: Tá láithreacht fhisiciúil sa chríoch ina ceanglas chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar.

In HR: Ní fhéadfaidh seirbhísí tréidliachta trasteorann a bheith á soláthar in HR ach amháin ag daoine dlítheanacha agus nádúrtha arna mbunú i mBallstát chun gníomhaíochtaí tréidliachta a dhéanamh.

In IT agus PT: Tá cónaí ina cheanglas chun seirbhísí tréidliachta a sholáthar.
In SI: Ní fhéadfaidh seirbhísí tréidliachta trasteorann a bheith á soláthar in SI ach amháin ag daoine dlítheanacha agus nádúrtha arna mbunú i mBallstát chun gníomhaíochtaí tréidliachta a dhéanamh.

In SK: Tá cónaí ina cheanglas chun clárú ar an gclár gairmiúil, rud atá riachtanach chun an ghairm a chleachtadh.

Bearta:

AT: Tierärztegesetz (Gníomh Tréidliachta), BGBl. Uimh. 16/1975, § 3 (2) (3).

CY: Dlí 169/1990.

CZ: Gníomh Uimh. 166/1999 Bail. (Gníomh Tréidliachta), § 58-63, 39; agus

Gníomh Uimh. 381/1991 Bail. (maidir le comhlachas na dTréidlianna i bPoblacht na Seice), mír 4.

EL: Foraithne Uachtaráin 38/2010; agus

Cinneadh Aireachta 165261/IA/2010 (Iris Rialtais 2157/B).

In ES: Real Decreto 126/2013, de 22 de febrero, por el que se aprueban los Estatutos Generales de la Organización Colegial Veterinaria. Airteagail 62 agus 64.

In FR: Code rural et de la pêche maritime Articles L241-1; L241-2; L241-2-1.

HR: Acht na Tréidliachta (OG 41/07, 55/11), Airteagail 89, 106.

HU: Acht CXXVII 2012 um Chumann Tréidliachta na hUngáire agus um na coinníollacha maidir le conas seirbhísí Tréidliachta a sholáthar.

IT: Foraithne Reachtach C.P.S. 233/1946, Airteagail 7-9; agus

Foraithne Uachtarán na Poblachta (DPR) 221/1950, mír 7.

PL: Dlí an 21 Nollaig 1990 um Ghairm an Tréidlia agus Comhlachais na dTréidlianna.

PT: Dlí Foraithne 368/91 (Reacht Chumann Gairmiúil na Tréidliachta).

SI: Pravilnik o priznavanju poklicnih kvalifikacij veterinarjev (Rialacha maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla tréidlianna), Uradni list RS, št. (Iris Oifigiúil Uimh.) 71/2008, 7/2011, 59/2014 in 21/2016, An tAcht um sheirbhísí sa mhargadh inmheánach, Iris Oifigiúil RS Uimh. 21/2010.

SK: Acht 442/2004 um Thréidlianna Príobháideacha, Airt. 2.

(c) Miondíol táirgí cógaisíochta, earraí míochaine agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile a bhíonn á soláthar ag cógaiseoirí (CPC 63211)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In AT: Tá náisiúntacht Ballstáit de LEE nó Chónaidhm na hEilvéise ina ceanglas chun cógaslann a oibriú. Tá náisiúntacht Ballstáit de LEE nó Chónaidhm na hEilvéise ina ceanglas maidir le sealbhóirí léasa agus daoine atá i gceannas ar chógaslann a bhainistiú.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In CY: Tá feidhm ag an gcoinníoll náisiúntachta maidir le soláthar miondíola táirgí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile a bhíonn á soláthar ag cógaiseoirí (CPC 63211).

In DE: Náisiúnaigh tíortha eile nó daoine nár bhain pas amach i scrúdú cógaisíochta na Gearmáine, ní fhéadfaidh siad ceadúnas a fháil ach amháin chun bheith i gceannas ar chógaslann a bhí ann le linn na 3 bliana roimhe sin.

In FR: Tá náisiúntacht LEE nó Chónaidhm na hEilvéise ina ceanglas chun cógaslann a oibriú. Féadfar cead a thabhairt do chógaiseoirí eachtracha bunú laistigh de chuótaí arna leagan síos go bliantúil.

In EL: Tá náisiúntacht LEE ina ceanglas chun cógaslann a oibriú.

In HU: Tá náisiúntacht LEE ina ceanglas chun cógaslann a oibriú.

In LV: Chun cleachtas neamhspleách a thosú i gcógaslann, ní mór do chógaiseoir nó cúntóir cógaiseora eachtrach, ar cuireadh oideachas air i stát nach Ballstát den Aontas Eorpach ná Ballstát de LEE é, oibriú ar feadh bliana amháin ar a laghad i gcógaslann faoi mhaoirseacht cógaiseora.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In BG: Tá cead buanchónaithe ina cheanglas le haghaidh náisiúnaigh eachtracha (tá láithreacht fhisiciúil ina ceanglas).

In DE: Tá cónaí ina cheanglas chun ceadúnas a fháil mar chógaiseoir nó chun cógaslann a oscailt chun táirgí cógaisíochta agus earraí míochaine áirithe a mhiondíol leis an bpobal.

Bearta:

AT: Apothekengesetz (An Dlí Cógaisíochta), RGBl. Uimh. 5/1907 arna leasú, §§§ 3, 4, 12;

Arzneimittelgesetz (An tAcht um Chógas), BGBl. Uimh. 185/1983 arna leasú, §§ 57, 59, 59a;

Medizinproduktegesetz (An Dlí maidir le Táirgí Leighis), BGBl. Uimh. 657/1996 arna leasú, § 99.

BG: An Dlí um Tháirgí Leighis sa Leigheas Daonna, Airteagail 146, 161, 195, 222 agus 228.

CY: An Dlí um Tháirgí Cógaisíochta agus Nimheanna (Caibidil 254).

DE: § 2 mír 2, § 11a Apothekengesetz (Acht Cógaisíochta na Gearmáine);

§§ 43 mír 1, 73 mír 1 Uimh. 1a, Arzneimittelgesetz (Acht na Gearmáine um Dhrugaí); agus

§ 11 Abs. 2 agus 3 Medizinproduktegesetz, Verordnung zur Regelung der Abgabe von Medizinprodukten.

EE: Ravimiseadus (An tAcht um Tháirgí Leighis), RT I 2005, 2, 4; § 29 (2); agus

Tervishoiuteenuse korraldamise seadus (An tAcht um Eagrú Seirbhísí Sláinte, RT I 2001, 50, 284).

EL: Dlí 5607/1932 arna leasú le Dlíthe 1963/1991 agus 3918/2011.

In ES: Ley 16/1997, de 25 de abril, de regulación de servicios de las oficinas de farmacia (Dlí 16/1997, an 25 Aibreán, seirbhísí cógaslainne a rialáil), Airteagail 2, 3.1; agus Real Decreto Legislativo 1/2015, de 24 de julio por el que se aprueba el Texto refundido de la Ley de garantías y uso racional de los medicamentos y productos sanitarios (Ley 29/2006).

In FR: Code de la santé publique, Articles L4221-1, L4221-13, L5125-10;

Loi 90-1258 relative à l’exercice sous forme de société des professions libérales, modifiée par les lois 2001-1168 du 12 décembre 2001 et 2008-776 du 4 août 2008 (Dlí 90-1258 um chleachtadh gairmeacha liobrálacha i bhfoirm cuideachta), lois 2011-331 du 28 mars 2011 et 2015-990 du 6 août 2015.

HR: An tAcht um Chúram Sláinte (OG 150/08, 71/10, 139/10, 22/11, 84/11, 12/12, 70/12, 144/12).

HU: Acht XCVIII 2006 um na Forálacha Ginearálta a bhaineann le Soláthar Táirgí Leighis agus Cúnaimh Leighis ar bhealach atá Iontaofa agus Indéanta go hEacnamaíoch agus um Scaipeadh Táirgí Leighis.

IT: Dlí 362/1991, Airteagail 1, 4, 7 agus 9;

Foraithne Reachtach CPS 233/1946, Airteagail 7 go 9; agus

Foraithne Uachtarán na Poblachta (D.P.R. 221/1950, míreanna 3 agus 7).

LU: Loi du 4 juillet 1973 concernant le régime de la pharmacie (annex a043), Règlement grand-ducal du 27 mai 1997 relatif à l'octroi des concessions de pharmacie (annex a041); agus

Règlement grand-ducal du 11 février 2002 modifiant le règlement grand-ducal du 27 mai 1997 relatif à l'octroi des concessions de pharmacie (iarscríbhinn a017).

LV: An Dlí Cógaisíochta, s. 38.

MT: Rialacháin um Cheadúnas Cógaisíochta (LN279/07) arna n-eisiúint faoin Acht Leigheasra (Cap. 458).

PT: Dlí Foraithne 307/2007, Airteagail 9, 14 agus 15; agus

Reacht 1430/2007.

SI: An tAcht um Sheirbhísí Cógaisíochta (Iris Oifigiúil an RS Uimh. 85/2016); agus

An tAcht um Tháirgí Íocshláinte (Iris Oifigiúil an RS, Uimh. 17/2014).

SK: Acht 362/2011 um tháirgí cógaisíochta agus feistí leighis, Airteagal 6; agus

Acht 578/2004 maidir le soláthraithe cúraim sláinte, gairmithe leighis, eagraíochtaí gairmiúla sa chúram sláinte.

I-EU-4 – Seirbhísí Taighde agus Forbartha

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí taighde agus forbartha |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 851, 853 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

San Aontas Eorpach: Maidir le seirbhísí taighde agus forbartha (dá ngairtear 'T&F' anseo feasta) a bhaineann leas as cistiú arna sholáthar ag an Aontas ar leibhéal an Aontais, ní fheadfar cearta nó údaruithe eisiacha a dheonú ach amháin do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais agus d'fhiontair an Aontais a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu san Aontas (CPC 851, 853).

Maidir le seirbhísí T&F a chistítear go poiblí agus a bhaineann leas as cistiú arna sholáthar ag Ballstát, ní fhéadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann agus d'fhiontair an Bhallstáit lena mbaineann a bhfuil a gceanncheathrú sa Bhallstát sin (CPC 851, 853).

Tá an forchoimeádas seo gan dochar do Pháirtí an soláthar a eisiamh, nó d'fhóirdheontais maidir le trádáil i seirbhísí i mír 2 d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), agus i mír 2 d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme).

Bearta:

AE: Gach clár réime taighde nó nuálaíochta de chuid an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear Rialacha Fís 2020 maidir le Rannpháirtíocht agus rialacháin a bhaineann le Comhthionscnaimh Teicneolaíochta (JTIanna), le hAirteagal 185 Cinntí, agus leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT), chomh maith le cláir thaighde náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

I-EU-5 – Seirbhísí Réadmhaoine

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí réadmhaoine

Aicmiú Tionscail: CPC 821, 822

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Láithreacht Áitiúil

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Leibhéal rialtais: In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In CY: I gcás soláthar seirbhísí réadmhaoine, tá feidhm ag coinníoll náisiúntachta agus cónaithe.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In CZ: Tá cónaí i gcás daoine nádúrtha agus bunú i gcás daoine dlítheanacha i bPoblacht na Seice ina gceanglas chun an ceadúnas is gá a fháil chun seirbhísí réadmhaoine a sholáthar.

In DK: I gcás seirbhísí réadmhaoine a bheith á soláthar ag duine nádúrtha atá i láthair i gcríoch DK, gníomhairí eastáit údaraithe, ar daoine nádúrtha iad a ceadaíodh a bheith ar chlár gníomhairí eastáit Údarás Gnó na Danmhairge, ní fhéadfaidh ach na gníomhairí sin úsáid a bhaint as an teideal 'gníomhaire eastáit'. Ceanglaítear leis an acht go mbeadh an t-iarratasóir ina chónaitheoir Danmhargach nó ina chónaitheoir de chuid an Aontais, LEE nó na hEilvéise.

Níl feidhm ag an Acht um réadmhaoin a dhíol ach amháin nuair atá seirbhísí réadmhaoine á soláthar do thomhaltóirí. Thairis sin, níl feidhm ag an Acht um réadmhaoin a dhíol maidir le léasú réadmhaoine (CPC 822).

In HR: Tá láithreacht tráchtála in LEE ina ceanglas chun seirbhísí réadmhaoine a sholáthar

In PT: Tá cónaí in LEE ina cheanglas i gcás daoine nádúrtha. Tá corprú in LEE riachtanach i gcás daoine dlítheanacha.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In SI: A mhéid a cheadaíonn Meicsiceo do náisiúnaigh agus d'fhiontair Shlóivéanacha seirbhísí gníomhaire eastáit a sholáthar, tabharfaidh SI cead do náisiúnaigh agus d'fhiontair Mheicsiceo seirbhísí gníomhaire eastáit a sholáthar faoi na coinníollacha céanna, chomh maith leis na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh: teidlíocht chun gníomhú mar ghníomhaire eastáit sa tír thionscnaimh, an doiciméad ábhartha maidir le saoirse ó phionós i nósanna imeachta coiriúla a chur isteach, agus cead a ainm a bheith san áireamh ar chlár na ngníomhairí eastáit ag an aireacht inniúil (Slóivéanach).

Bearta:

CY: An Dlí um Ghníomhairí Eastáit 71(1)/2010.

CZ: An tAcht um Cheadúnas Trádála.

DK: Lov om formidling af fast ejendom m.v. lov. nr. 526 af 28.05.2014.

HR: An tAcht um Bhróicéireacht Réadmhaoine (OG 107/07 agus 144/12), Airteagal 2.

PT: Dlí Foraithne 211/2004 (Airteagail 3 agus 25), arna leasú agus arna athfhoilsiú le Dlí Foraithne 69/2011.

SI: Acht na nGníomhaireachtaí Eastáit.

I-EU-6 – Seirbhísí Gnó

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gnó – seirbhísí fruilithe nó léasaithe gan oibreoirí; seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta; tástáil agus anailís theicniúil; seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla; seirbhísí gaolmhara a bhaineann le talmhaíocht; seirbhísí slándála; seirbhísí socrúcháin; seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta; seirbhísí gnó eile |
| Aicmiú Tionscail: | ISIC leag. 37, cuid de CPC 612, cuid de 621, cuid de 625, 831, cuid de 85990, 86602, 8675, 8676, 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209, 87901, 87902, 87909, 88, cuid de 893 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

(a) Seirbhísí cíosa nó léasa gan oibreoirí (CPC 83103, CPC 831)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In SE: Chun bratach na Sualainne a chur ar foluain, ní mór cruthúnas ar thionchar oibriúcháin ceannasach na Sualainne a léiriú i gcás leasanna úinéireachta eachtraí i longa. Ciallaíonn tionchar ceannasach na Sualainne go bhfuil oibriú na loinge suite in SE. Féadfar díolúine ón riail sin a dheonú do longa eachtracha i gcás ina bhfuil siad á léasú nó á ligean ar cíos ag daoine dlítheanacha Sualannacha trí chonarthaí cairtfhostaithe loim. Chun go ndeonófaí díolúine, ní mór an conradh cairtfhostaithe loim a chur ar fáil do Riarachán Muirí na Sualainne agus a léiriú ann go nglacann an cairtfhostóir freagracht iomlán as oibriú agus criú na loinge atá léasaithe nó ligthe ar cíos. Ba cheart tréimhse idir bliain amháin agus 2 bhliain a bheith ag baint leis an gconradh (CPC 83103).

Bearta:

SE: Sjölagen (An Dlí Muirí) (1994:1009), Caibidil 1, § 1.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In SE: Maidir le soláthróirí seirbhísí gluaisteán agus feithiclí easbhóthair áirithe ar cíos nó ar léas (terrängmotorfordon) gan tiománaí, a thógtar ar cíos nó ar léas ar feadh tréimhse is lú ná bliain amháin, tá sé d'oibleagáid ar na soláthróirí sin duine a cheapadh le bheith freagrach, i measc nithe eile, as a áirithiú go ndéantar an gnó i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme agus go gcomhlíontar na rialacha sábháilteachta tráchta ar bhóithre. Ní mór don duine atá freagrach a bheith ina chónaí in LEE (CPC 831).

Bearta:

SE: Lag (1998: 424) om biluthyrning (Acht ar ghluaisteán a fháil ar cíos agus ar léas).

(b) Seirbhísí ligean ar cíos nó ar léas agus seirbhísí gnó eile a bhaineann leis an eitlíocht

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

San Aontas Eorpach: I gcás aerárthaí ar cíos nó ar léas gan chriú (léas tirim), tá aerárthaí a bhíonn á n-úsáid ag aeriompróir de chuid an Aontais faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le clárú aerárthaí. Comhaontú léasa thirim ar páirtí ann iompróir de chuid an Aontais, beidh sé faoi réir ceanglais de réir dhlí an Aontais nó de réir an dlí náisiúnta maidir le sábháilteacht eitlíochta, amhail formheas roimh ré agus coinníollacha eile is infheidhme maidir le húsáid a bhaint as aerárthaí cláraithe tríú tíortha. Chun aerárthaí a chlárú, féadfar go mbeadh sé ina cheanglas iad a bheith faoi úinéireacht daoine nádúrtha a chomhlíonann critéir shonracha maidir le náisiúntacht nó fiontar a chomhlíonann critéir shonracha maidir le húinéireacht caipitil agus rialú (CPC 83104).

Maidir le seirbhísí ríomhchórais áirithinte (dá ngairfear ‘CRS’ anseo feasta), i gcás nach dtugann soláthróirí seirbhísí CRS atá ag oibriú lasmuigh den Aontas cóir d’aeriompróirí an Aontais atá coibhéiseach (neamh-idirdhealaitheach) leis an gcóir a thugtar san Aontas, nó i gcás nach dtugann aeriompróirí neamh-AE cóir do sholáthróirí seirbhísí CRS an Aontais atá coibhéiseach leis an gcóir a thugtar san Aontas, féadfar bearta a ghlacadh le go dtabharfadh na soláthróirí seirbhísí CRS atá ag oibriú san Aontas cóir choibhéiseach do na haeriompróirí neamh-AE nó go dtabharfadh aeriompróirí an Aontais cóir choibhéiseach do na soláthróirí seirbhísí CRS neamh-AE, faoi seach.

Bearta:

San Aontas Eorpach: Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (Athmhúnlú); Rialachán (CE) Uimh. 80/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le Cód Iompraíochta i dtaca le córais áirithinte ar ríomhairí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2299/89 ón gComhairle.

(c) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Rochtain ar an Margadh, Cóir náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Rochtain ar an Margadh, Cóir Náisiúnta:

In FR: Náisiúntacht LEE ina cheanglas le haghaidh bitheolaithe.

In CY: Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas ar cheimiceoirí agus bitheolaithe chun seirbhísí a sholáthar.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

In IT: I gcás bitheolaithe, anailíseoirí ceimiceacha, agranamaithe agus 'periti agrari', tá cónaí agus clárú ar an gclár gairmiúil ina gceanglas. Is féidir le náisiúnaigh tríú tír clárú faoi choinníoll na cómhalartachta.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In BG: Tá bunú in BG de réir Acht Tráchtála na Bulgáire, mar aon le clárú ar an gClár Tráchtála, ina cheanglas chun seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse a sholáthar.

Le haghaidh cigireacht thréimhsiúil ar chruthúnas ar riocht teicniúil feithiclí iompair bóthair, ní mór an duine a bheith cláraithe i gcomhréir le hAcht Tráchtála na Bulgáire nó leis an Acht um Dhaoine Dlítheanacha Neamhbhrabúis, nó é a bheith cláraithe i mBallstát eile den Aontas Eorpach nó i dtír eile de LEE.

Bearta:

BG: An tAcht um Cheanglais Theicniúla i dtreo Táirgí;

An tAcht Tomhais;

An tAcht um Chreidiúnú Náisiúnta d'Údaráis Comhlíontachta Comhréireachta;

An tAcht um Aer Comhthimpeallach Glan; agus

An tAcht Uisce, Reacht N-32 um chigireacht thréimhsiúil ar chruthúnas ar riocht teicniúil feithiclí iompair bóthair.

CY: Dlí 1988 um Chlárú Ceimiceoirí (Dlí 157/1988), arna leasú le dlíthe uimhir 24(I) de 1992 agus uimhir 20(I) 2004, Dlí 157/1988.

In FR: Airteagail L 6213-1 go 6213-6 du Code de la Santé Publique.

IT: Bitheolaithe, anailíseoirí ceimiceacha: Dlí 396/1967 maidir le gairm na mbitheolaithe;

Foraithne Ríoga 842/1928 maidir le gairm na n-anailíseoirí ceimiceacha.

(c) Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta – seirbhísí idir-réitigh agus eadrána (CPC 86602)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In HU: Tá údarú ón aire atá i gceannas ar an gcóras dlíthiúil, údarú i bhfoirm cead a bheith ar an gclár, ina cheanglas chun gníomhaíochtaí idirghabhála a shaothrú (amhail eadráin agus idir-réiteach), agus ní fhéadfar an t-údarú a dheonú ach amháin do dhaoine dlítheanacha nó nádúrtha atá bunaithe in HU nó a bhfuil cónaí orthu in HU.

Bearta:

HU: Acht LV de 2002 um Idirghabháil.

(d) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla (CPC 8675)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

In IT: Tá cónaí nó sainchónaí gairmiúil in IT ina cheanglas chun clárú ar chlár na ngeolaithe, rud atá riachtanach chun gairm an tsuirbhéara nó an gheolaí a chleachtadh d’fhonn seirbhísí a sholáthar a bhaineann le taiscéalaíocht agus oibriú mianach, etc. Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas; ach féadfaidh eachtrannaigh clárú faoi choinníoll na cómhalartachta.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In BG: Tá bunaíocht ina ceanglas, chomh maith le náisiúntacht LEE nó na hEilvéise don duine dlítheanach a dhéanann gníomhaíochtaí maidir le geodasaíocht agus suirbhéireacht chadastrach, agus sa chartagrafaíocht nuair a bhíonn staidéar á dhéanamh ar ghluaiseachtaí screamh an domhain.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In CY: Tá feidhm ag ceanglas na náisiúntachta maidir le seirbhísí ábhartha a sholáthar.

In FR: Ceanglaítear ar infheisteoirí eachtracha údarú sonrach a bheith acu le haghaidh seirbhísí taiscéalaíochta agus sirtheoireachta.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In HR: Maidir le seirbhísí bunúsacha um shainchomhairleoireacht gheolaíoch, gheodaiteach agus mianadóireachta, chomh maith le seirbhísí sainchomhairleoireachta gaolmhara a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, ní fhéadfar na seirbhísí sin a dhéanamh i gcríoch HR ach amháin trí dhaoine dlítheanacha náisiúnta, in éineacht leo, nó i gcomhpháirt leo.

Bearta:

BG: An tAcht um Chlár Réadmhaoine agus Talún; an tAcht um Gheodasaíocht agus Cartagrafaíocht.

CY: Dlí 224/1990.

In FR: Loi 90-1258 relative à l’exercice sous forme de société des professions libérales, modifiée par les lois 2001-1168 du 12 décembre 2001 et 2008-776 du 4 août 2008.

HR: Reacht maidir leis na ceanglais chun formheasanna a eisiúint do dhaoine dlítheanacha chun gníomhaíochtaí gairmiúla i ndáil le cosaint an chomhshaoil a dhéanamh (OG Uimh. 57/10), Airteagail 32 go 35.

IT: Geolaithe: Dlí 112/1963, Airteagail 2 agus 5; D.P.R. 1403/1965, Airteagal 1.

(e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla (CPC 8676)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In IT: I gcás bitheolaithe agus anailíseoirí ceimiceacha, tá cónaí agus clárú ar an gclár gairmiúil ina gceanglas.

In BG: Tá bunú in BG de réir Acht Tráchtála na Bulgáire agus clárú ar an gClár Tráchtála ina gceanglas chun seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse a sholáthar ar bhonn trasteorann. Le haghaidh cigireacht thréimhsiúil ar chruthúnas ar riocht teicniúil feithiclí iompair bóthair, ní mór go mbeadh an duine cláraithe i gcomhréir le hAcht Tráchtála na Bulgáire nó leis an Acht um Dhaoine Dlítheanacha Neamhbhrabúis, nó go mbeidís cláraithe i mBallstát eile den Aontas nó i dtír eile de LEE.

In PT: Tá gairm an anailíseora cheimicigh forchoimeádta do dhaoine nádúrtha.

Bearta:

BG: An tAcht um Cheanglais Theicniúla i dtreo Táirgí; An tAcht Tomhais;

An tAcht um Chreidiúnú Náisiúnta d'Údaráis Comhlíontachta Comhréireachta;

An tAcht um Aer Comhthimpeallach Glan; agus

An tAcht Uisce, Reacht N-32 um chigireacht thréimhsiúil ar chruthúnas ar riocht teicniúil feithiclí iompair bóthair.

IT: Dlí 3/1976 ar ghairm na n-agranamaithe ('Periti agrari'); Dlí 434/1968 arna leasú le Dlí 54/1991.

PT: Dlí Foraithne 119/92;

Dlí 47/2011; agus

Dlí Foraithne 183/98.

(f) Seirbhísí Socrúcháin (CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): An Réigiún Pléimeannach, Réigiún na Vallúine, Pobal Labhartha na Gearmáinise: ní mór do chuideachta a bhfuil a ceannoifig aici lasmuigh de LEE a chruthú go soláthraíonn sí seirbhísí socrúcháin ina tír thionscnaimh (CPC 87202).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In DE: Tá náisiúntacht Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó láithreacht tráchtála san Aontas ina ceanglas chun ceadúnas a fháil chun feidhmiú mar ghníomhaireacht fostaíochta sealadaí (de bhun s. 3 míreanna 3 go 5 den Acht ábhartha (Arbeitnehmerüberlassungsgesetz) maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach. Féadfaidh an Aireacht Fheidearálach Saothair agus Gnóthaí Sóisialta rialachán a eisiúint maidir le pearsanra neamh-AE agus neamh-LEE a lonnú agus a earcú le haghaidh gairmeacha sonraithe (CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206, 87209).

Bearta:

BE: Réigiún Fhlóndras: Besluit van de Vlaamse Regering van 10 december 2010 tot uitvoering van het decreet betreffende de private arbeidsbemiddeling.

Réigiún na Vallúine: Décret du 3 avril 2009 relatif à l'enregistrement ou à l'agrément des agences de placement (Foraithne ón 3 Aibreán 2009 um chlárú ghníomhaireachtaí socrúcháin), Airteagal 7; Arrêté du Gouvernement wallon du 10 décembre 2009 portant exécution du décret du 3 avril 2009 relatif à l'enregistrement ou à l'agrément des agences de placement (Cinneadh Rialtas na Vallúine an 10 Nollaig 2009 lena gcuirtear i bhfeidhm Foraithne an 3 Aibreán 2009 um chlárú ghníomhaireachtaí socrúcháin), Airteagal 4.

Pobal labhartha na Gearmáinise: Dekret über die Zulassung der Leiharbeitsvermittler und die Überwachung der privaten Arbeitsvermittler / Décret du 11 mai 2009 relatif à l'agrément des agences de travail intérimaire et à la surveillance des agences de placement privées, Airteagal 6.

DE: § 1 agus 3 Abs 5 Arbeitnehmerüberlassungsgesetz –AÜG, § 292 SGB III§ Airteagal 38 Beschäftigungsverordnung.

(g) Seirbhísí Slándála (CPC 87302, 87303, 87304, 87305, 87309)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In PT: Tá ceanglas náisiúntachta i gceist le haghaidh pearsanra speisialaithe.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In IT: Tá náisiúntacht Ballstáit agus cónaí ina gceanglas chun an t-údarú a fháil a bhfuil gá leis chun seirbhísí garda slándála a sholáthar, chomh maith le hiompar nithe luachmhara.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In DK: Tá cónaí ina cheanglas ar dhaoine a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar údarú chun seirbhísí slándála a chur ar fáil, agus ar bhainisteoirí agus ar thromlach na gcomhaltaí ar bhord eintitis dhlítheanaigh a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar údarú chun seirbhísí slándála a chur ar fáil. Níl cónaí ina cheanglas, áfach, a mhéid a eascraíonn sé as comhaontuithe nó orduithe idirnáisiúnta arna n-eisiúint ag an Aire Dlí agus Cirt.
Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In EE: Tá cónaí ina cheanglas chun seirbhísí slándála a sholáthar agus ar ghardaí slándála.

Bearta:

DK: Lovbekendtgørelse 2016-01-11 Uimh. 112 om vagtvirksomhed.

EE: Turvaseadus (An tAcht um Shlándáil) § 21, § 43.

IT: An Dlí maidir le slándáil phoiblí (TULPS) 773/1931, Airteagail. 133-141; agus

Foraithne Ríoga 635/1940, Airteagal 257.

PT: Dlí 34/2013; agus

Reacht 273/2013.

(h) Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin, seirbhísí tuairiscithe creidmheasa (CPC 87901, 87902)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In PT: Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta bailithe agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa a sholáthar (CPC 87901, 87902).

Bearta:

PT: Dlí 49/2004.

(i) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In CY: Tá feidhm ag an gceanglas náisiúntachta.

In EE: Ní mór aistritheoir faoi bhrí mionna a bheith ina náisiúnach de Bhallstát.

In HR: Tá náisiúntacht LEE ina ceanglas le haghaidh aistritheoirí creidiúnaithe.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In BG: Tá buanchónaí ina cheanglas chun seirbhísí oifigiúla aistriúcháin agus ateangaireachta a sholáthar.

In FI: Tá cónaí in LEE ina cheanglas le haghaidh aistritheoirí creidiúnaithe.

Bearta:

BG: Rialachán maidir le dlisteanú, deimhniú agus aistriú doiciméad, Airteagal 18.

CY: Bunú, Clárú agus Rialáil na Seirbhísí Aistritheoirí Deimhnithe i nDlí Phoblacht na Cipire.

EE: Vandetõlgi seadus § 2 (3), § 16, (Acht na nAistritheoirí faoi Bhrí Mionna).

FI: Laki auktorisoiduista kääntäjistä (An tAcht um Aistritheoirí Údaraithe) (1231/2007), s. 2(1)).

HR: Reacht um ateangairí cúirte buana (OG 88/2008), Airteagal 2.

(j) Seirbhísí Gnó Eile (cuid de CPC 612, cuid de 621, cuid de 625, cuid de 893, cuid de 85990)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In CY: An coinníoll náisiúntachta maidir le seirbhísí gruagaireachta, cóireála cosmaidí, lámh-mhaisithe agus cosmhaisithe, agus seirbhísí scéimhe eile.

Bearta:

CY: Dlí 28(i)/2003;

Dlí 40(i)/1993;

Dlí 40(i)/1993; agus

Dlí 182(i) 2013.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In CZ: Chun ceadúnas a fháil chun ceantanna poiblí deonacha a sholáthar, ní mór do chuideachta a bheith corpraithe in CZ, agus tá duine nádúrtha ina cheanglas chun cead cónaithe a fháil (cuid de CPC 612, cuid de 621, cuid de 625, cuid de 85990).

In NL: Chun seirbhísí hallamharcála a sholáthar, tá gá le láithreacht tráchtála in NL (cuid de CPC 893).

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 455/1991, Bail.;

An tAcht um Cheadúnas Trádála; agus

Acht Uimh. 26/2000 Bail., maidir le ceantanna poiblí.

In NL: Waarborgwet 1986.

I-EU-7 – Seirbhísí Foirgníochta

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí foirgníochta – foirgníocht agus seirbhísí a bhaineann le hinnealtóireacht

Aicmiú Tionscail: CPC 51

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Leibhéal rialtais: In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In CY: Ceanglas náisiúntachta.

Beart:

An Dlí um Chlárú agus Rialú Conraitheoirí Oibreacha Foirgníochta agus Teicniúla 2001
(29 (I) / 2001), Airteagail 15 agus 52.

I-EU-8 – Seirbhísí Dáileacháin

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí dáileacháin – ginearálta, dáileadh tobac agus deochanna alcólacha

Aicmiú Tionscail: CPC 3546, cuid de 621, 6222, 631, cuid de 632

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Leibhéal rialtais: In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt)

Tuairisc:

(a) Dáileadh Táirgí Cógaisíochta (CPC 62117, 62251, 8929)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In CY: Tá ceanglas náisiúntachta ann maidir le seirbhísí dáileacháin arna soláthar ag ionadaithe cógaisíochta (CPC 62117).

Bearta:

CY: Dlí 74(i) 202.

(b) Dáileadh tobac (cuid de CPC 6222, 62228, cuid de 6310, 63108)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AT: Tugtar tosaíocht do náisiúnaigh Ballstáit de LEE (CPC 63108).

In FR: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh tobacadóirí (*buraliste*) (cuid de CPC 6222, cuid de 6310).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In ES: Tá bunaíocht faoi réir ceanglas maidir le náisiúntacht Ballstáit (CPC 63108).

Bearta:

AT: An tAcht um Monaplacht Tobac 1996, § 5 agus § 27.

In ES: Dlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair 2014.

In FR: Code général des impôts, Airteagal 568 agus Airteagail 276 go 279 d'Iarscríbhinn 2.

(c) Seirbhísí dáileacháin eile (CPC 3546)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In LT: Tá dáileadh piriteicnice faoi réir ceadúnaithe. Ní fhéadfaidh ach amháin na daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas ceadúnas a fháil (CPC 3546).

Bearta:

LT: An Dlí um Maoirseacht ar Dháileadh Sibhialta Piriteicnice (23 Márta 2004. Uimh. IX-2074).

I-EU-9 – Seirbhísí Oideachais

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí oideachais (arna maoiniú go príobháideach) |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 921, 922, 923, 924 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FR: Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas chun bheith ag múineadh in institiúid oideachais arna cistiú go príobháideach (CPC 921, CPC 922, CPC 923). Mar sin féin, féadfaidh náisiúnaigh Mheicsiceo údarú a fháil ó na húdaráis inniúla ábhartha chun múineadh in institiúidí bunoideachais, oideachais dara leibhéal agus ardoideachais. Féadfaidh náisiúnaigh Mheicsiceo údarú a fháil freisin ó na húdaráis inniúla ábhartha chun institiúidí bunoideachais, oideachais dara leibhéal agus ardoideachais a bhunú agus a oibriú nó a bhainistiú. Deonaítear údarú den sórt sin ar bhonn lánroghnach.

In MT: Soláthróirí seirbhíse atá ag iarraidh seirbhísí ardoideachais nó oideachais aosaigh arna gcistiú go príobháideach a sholáthar, ní mór dóibh ceadúnas a fháil ón Aireacht Oideachais agus Fostaíochta. Féadfaidh an cinneadh faoi cibé acu ceadúnas a eisiúint nó gan ceadúnas a eisiúint a bheith lánroghnach (CPC 923,CPC 924).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In BG: Féadfar naíscoileanna agus scoileanna Bulgáracha ina bhfuil rannpháirtíocht eachtrach a bhunú ar fhorais comhaontuithe idirnáisiúnta ina bhfuil BG ina pháirtí. Ní fhéadfaidh scoileanna ardoideachais eachtracha foscoileanna a bhunú i gcríoch BG. Ní fhéadfaidh scoileanna ardoideachais eachtracha dámha, ranna, institiúidí ná coláistí a oscailt in BG ach amháin laistigh de struchtúr na scoileanna ardoideachais Bulgáracha agus i gcomhar leo (CPC 921, CPC 922).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In EL: Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas ar úinéirí agus ar thromlach chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí i mbunscoileanna agus i meánscoileanna arna gcistiú go príobháideach, agus ar mhúinteoirí in oideachas bunscoile agus meánscoile arna chistiú go príobháideach (CPC 921,CPC 922). Ní sholáthróidh ach institiúidí ar daoine dlítheanacha iad atá féinrialaithe go hiomlán de réir an dlí phoiblí oideachas ar an leibhéal ollscoile. Mar sin féin, le Dlí 3696/2008, ceadaítear do chónaitheoirí an Aontais (daoine nádúrtha nó dlítheanacha) institiúidí príobháideacha um oideachas tríú leibhéal a bhunú, a bhronnann deimhnithe nach n-aithnítear iad a bheith coibhéiseach le céimeanna ollscoile (CPC 923).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In CZ agus SK: Tá bunaíocht i mBallstát ina ceanglas chun iarratas a dhéanamh ar chead stáit chun oibriú mar institiúid ardoideachais arna cistiú go príobháideach. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí oideachais teicniúla agus gairme iar-mheánscoile (CPC 92310).

Bearta:

BG: An tAcht um Oideachas Réamhscoile agus Scoile (Forálacha Breise, mír 4); agus

An tAcht Ardoideachais (Forálacha Breise, mír 4).

CZ: Acht Uimh. 111/1998, Bail. (An tAcht Ardoideachais), § 39; agus

Acht Uimh. 561/2004 Bail. ar Oideachas Réamhscoile, Bunúsach, Dara Leibhéal, Tríú Leibhéal, Gairmiúil agus Eile (an tAcht Oideachais).

EL: Dlíthe 682/1977, 284/1968, 2545/1940 agus Foraithne ón Uachtarán 211/1994 arna leasú le Foraithne ón Uachtarán 394/1997, Bunreacht Hellas, Airteagal 16, mír 5 agus Dlí 3549/2007.

In FR: Code de l’éducation, Airteagail L 444-5, L 914-4, L 441-8, L 731-8, L 731-1 go 8.

MT: Fógra Dlí 296 de 2012.

SK: Dlí Uimh. 131 an 21 Feabhra 2002 um Ollscoileanna.

I-EU-10 – Seirbhísí Comhshaoil

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí comhshaoil |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 940 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | CBTS |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In SE: Eintitis arna mbunú in SE nó a bhfuil a bpríomhshuíomh acu in SE, is iad sin amháin atá incháilithe do chreidiúnú chun seirbhísí rialaithe gáis sceite a chur ar fáil (CPC 9404).

In SK: I gcás próiseáil agus athchúrsáil ceallraí agus taisc-cheallraí caite, dramholaí, seanghluaisteán agus dramhaíola ó threalamh leictreach agus leictreonach, tá corprú i mBallstát den Aontas Eorpach nó i mBallstát de LEE ina cheanglas (ceanglas cónaithe) (cuid de CPC 9402).

Bearta:

SE: Acht na bhFeithiclí (2002:574).

SK: Acht 79/2015 ar Dhramhaíl.

I-EU-11 – Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí sláinte agus sóisialta |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 931, CPC 933 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In FR: Cé go bhfuil cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d’infheisteoirí an Aontais, níl rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach amháin ar fhoirmeacha dlíthiúla SEL (*société d’exercice liberal*) agus SCP (*société civile professionnelle*). Tá náisiúntacht na Fraince ina ceanglas le haghaidh seirbhísí leighis, fiaclóireachta agus cnáimhseachais. Mar sin féin, féadfaidh eachtrannaigh rochtain a fháil laistigh de chuótaí a bhunaítear go bliantúil. Ní fhéadfar seirbhísí leighis, fiaclóireachta agus cnáimhseachais, ná seirbhísí arna ndéanamh ag altra a sholáthar ach amháin trí SARL (*anonyme, à responsabilité limitée*) nó SCP (*en commandite par actions*). I gcás seirbhísí ospidéil agus otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe (seachas seirbhísí ospidéil) agus seirbhísí sóisialta, tá gá le húdarú chun feidhmeanna bainistíochta a chleachtadh. Cuirtear san áireamh sa phróiseas údarúcháin bainisteoirí áitiúla a bheith ar fáil.

Bearta:

In FR: Loi 90-1258 relative à l’exercice sous forme de société des professions libérales, modifiée par les lois 2001-1168 du 12 décembre 2001 et 2008-776 du 4 août 2008 et la loi 66-879 du 29 novembre 1966 (SCP); Code de la santé publique, Airteagail L6122-1 agus L6122-2 (Ordonnance 2010-177 du 23 février 2010).

I-EU-12 – An Turasóireacht agus Seirbhísí a Bhaineann le Taisteal

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | An turasóireacht agus seirbhísí a bhaineann le taisteal – óstáin, bialanna agus lónadóireacht; seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais (bainisteoirí turais san áireamh); seirbhísí treoraithe turasóireachta |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 641, 642, 643, 7471, 7472 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí<br><br>Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Ní fhéadfaidh an líon bainisteoirí eachtracha an líon bainisteoirí ar náisiúnaigh Bhulgáracha iad a shárú, i gcásanna inar mó sciar an phobail (sciar stáit nó bardasach) i gcaipiteal cothromais cuideachta Bulgáraí ná 50 %. Ceanglas náisiúntachta LEE do threoraithe turasóireachta (CPC 641, 642, 643, 7471, 7472).

In CY: Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas chun seirbhísí treoraithe turasóireachta, gníomhaireachtaí taistil agus seirbhísí tionscnóra turas a sholáthar (CPC 7471, 7472).

In EL: Ní mór do náisiúnaigh tríú tíortha dioplóma a ghnóthú ó Scoileanna Treoraithe Turasóireachta Aireacht Turasóireachta na Gréige chun a bheith i dteideal an ceart a bheith acu an ghairm a chleachtadh. Mar eisceacht, féadfaidh an ceart chun an ghairm a chleachtadh a thabhairt go sealadach do náisiúnaigh tríú tíortha, de mhaolú ar na forálacha thuasluaite, i gcás nach bhfuil treoraí turasóireachta ar fáil le haghaidh teanga ar leith.

In ES (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Tá náisiúntacht Ballstáit ina ceanglas chun seirbhísí treoraithe turasóireachta a sholáthar (CPC 7472).

In HR: Tá náisiúntacht LEE ina ceanglas le haghaidh seirbhísí fáilteachais agus lónadóireachta i dteaghlaigh agus in áiteanna cónaithe tuaithe (CPC 641, 642, 643, 7471, 7472).

In HU: Soláthar seirbhísí gníomhairí taistil agus tionscnóirí turais, agus seirbhísí treoraithe turasóireachta ar bhonn trasteorann, tá an soláthar sin faoi réir ceadúnais. Tá ceadúnais forchoimeádta do náisiúnaigh LEE agus do dhaoine dlítheanacha a bhfuil suímh acu i mBallstáit LEE (CPC 7471, 7472).

In IT (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Is gá do threoraithe turasóireachta ó thíortha neamh-AE ceadúnas sonrach a fháil ón Réigiún chun gníomhú mar threoraí turasóireachta gairmiúil. Is féidir le treoraithe turais as Ballstáit eile oibriú go neamhshrianta gan an ceadúnas sin a bheith ina cheanglas orthu. Deonaítear an ceadúnas do threoraithe turasóireachta a léiríonn inniúlacht agus eolas sásúil (CPC 7472).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In BG: Féadfaidh duine atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i mBallstát de LEE seirbhísí tionscanta turais nó gníomhaireachta taistil a sholáthar. Tá náisiúntacht LEE nó Chónaidhm na hEilvéise, chomh maith le cónaí iontu, ina gceanglas chun seirbhísí treoraí turasóireachta a sholáthar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail treoraithe sléibhe nó oiliúnóirí sciála (CPC 7471, 7472).

Bearta:

BG: An Dlí um Thurasóireacht, Airteagail 61, 113 agus 146.

CY: An Dlí um Oifigí Turasóireachta agus Taistil agus um Threoraithe Turais 1995 go 2004 (N.41(I)/1995-2004).

EL: Foraithne Uachtaráin 38/2010, Cinneadh Aire 165261/IA/2010 (Iris Rialtais 2157/B), Airteagal 50 de dhlí 4403/2016.

In ES: Andalucía: Decreto 8/2015, de 20 de enero, Regulador de guías de turismo de Andalucía;

Aragón: Decreto 21/2015, de 24 de enero, Regulador de guías de turismo de Andalucía;

Cantabria: Decreto 51/2001, de 24 de julio, Article 4, por el que se modifica el Decreto 32/1997, de 25 de abril, por el que se aprueba el reglamento para el ejercicio de actividades turístico-informativas privadas;

Castilla y León: Decreto 25/2000, de 10 de febrero, por el que se modifica el Decreto 101/1995, de 25 de mayo, por el que se regula la profesión de guía de turismo de la Comunidad Autónoma de Castilla y León;

Castilla la Mancha: Decreto 86/2006, de 17 de julio, de Ordenación de las Profesiones Turísticas;

Cataluña: Decreto Legislativo 3/2010, de 5 de octubre, para la adecuación de normas con rango de ley a la Directiva 2006/123/CE, del Parlamento y del Consejo, de 12 de diciembre de 2006, relativa a los servicios en el mercado interior, Airteagal 88;

Comunidad de Madrid: Decreto 84/2006, de 26 de octubre del Consejo de Gobierno, por el que se modifica el Decreto 47/1996, de 28 de marzo;

Comunidad Valenciana: Decreto 90/2010, de 21 de mayo, del Consell, por el que se modifica el reglamento regulador de la profesión de guía de turismo en el ámbito territorial de la Comunitat Valenciana, aprobado por el Decreto 62/1996, de 25 de marzo, del Consell;

Extremadura: Decreto 37/2015, de 17 de marzo;

Galicia: Decreto 42/2001, de 1 de febrero, de Refundición en materia de agencias de viajes, guías de turismo y turismo activo;

Islas Baleares: Decreto 136/2000, de 22 de septiembre, por el cual se modifica el Decreto 112/1996, de 21 de junio, por el que se regula la habilitación de guía turístico en las Islas Baleares;

Islas Canarias: Decreto 13/2010, de 11 de febrero, por el que se regula el acceso y ejercicio de la profesión de guía de turismo en la Comunidad Autónoma de Canarias, Article 5;

La Rioja: Decreto 14/2001, de 4 de marzo, Reglamento de desarrollo de la Ley de Turismo de La Rioja; Navarra: Decreto Foral 288/2004, de 23 de agosto, Reglamento para actividad de empresas de turismo activo y cultural de Navarra;

Principado de Asturias: Decreto 59/2007, de 24 de mayo, por el que se aprueba el Reglamento regulador de la profesión de Guía de Turismo en el Principado de Asturias; agus

Región de Murcia: Decreto No. 37/2011, de 8 de abril, por el que se modifican diversos decretos en materia de turismo para su adaptación a la ley 11/1997, de 12 de diciembre, de turismo de la Región de Murcia tras su modificación por la ley 12/2009, de 11 de diciembre, por la que se modifican diversas leyes para su adaptación a la directiva 2006/123/CE, del Parlamento Europeo y del Consejo de 12 de diciembre de 2006, relativa a los servicios en el mercado interior (los guías podrían ser extranjeros si tienen homologación de las titulaciones requeridas).

HR: An tAcht don Tionscadal Fáilteachais agus Lónadóireachta (OG 138/06, 152/08, 43/09, 88/10 i 50/12); agus

An tAcht um Sholáthar Seirbhísí Turasóireachta (OG Uimh. 68/07 agus 88/10).

HU: Acht CLXIV de 2005 um Idirghabháil; agus

Foraithne Rialtais Uimh. 213/1996 (XII.23.) um Ghníomhaíochtaí Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí Taistil.

IT: Dlí 135/2001 Airteagail 6 agus 7.5; agus Dlí 40/2007 (DL 7/2007).

I-EU-13 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí áineasa – seirbhísí spóirt eile |
| Aicmiú Tionscail: | Cuid de CPC 96419 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

Seirbhísí eile spóirt (CPC 96419)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AT (tá feidhm aige maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Tá oibriú scoileanna sciála agus seirbhísí treoraí sléibhe rialaithe ag dlíthe na *Bundesländer*. Féadfaidh náisiúntacht Ballstáit de LEE a bheith ina ceanglas chun na seirbhísí sin a sholáthar. Féadfaidh ceanglas a bheith ar fhiontair stiúrthóir bainistíochta a cheapadh ar náisiúnach Ballstáit de LEE é.

In CY: Ceanglas náisiúntachta maidir le scoil rince a bhunú agus ceanglas náisiúntachta le haghaidh teagascóirí fisiceacha.

Bearta:

AT: Kärntner Schischulgesetz, LGBL. Uimh. 53/97;

Kärntner Berg- und Schiführergesetz, LGBL. Uimh. 25/98;

NÖ- Sportgesetz, LGBL. Uimh. 5710; OÖ- Sportgesetz, LGBL. Uimh. 93/1997;

Salzburger Schischul- und Snowboardschulgesetz, LGBL. Uimh. 83/89;

Salzburger Bergführergesetz, LGBL. Uimh. 76/81;

Steiermärkisches Schischulgesetz, LGBL. Uimh. 58/97;

Steiermärkisches Berg- und Schiführergesetz, LGBL. Uimh. 53/76;

Tiroler Schischulgesetz. LGBL. Uimh. 15/95;

Tiroler Bergsportführergesetz, LGBL. Uimh. 7/98;

Vorarlberger Schischulgesetz, LGBL. Uimh. 55/02 §4 (2)a;

Vorarlberger Bergführergesetz, LGBL. Uimh. 54/02; agus

Wien: Gesetz über die Unterweisung in Wintersportarten, LGBL. Uimh. 37/02.

CY: Dlí 65(i)/1997; Dlí 17(i) /1995.

I-EU-14 – Seirbhísí Iompair agus Seirbhísí Cúnta Iompair

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí iompair – iascaireacht agus iompar ar uisce – aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar ó long; iompar ar uisce agus seirbhísí cúnta iompair ar uisce; iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród; iompar de bhóthar agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar; seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair; seirbhísí iompair chomhcheangailte a sholáthar |
| Aicmiú Tionscail: | ISIC 0501, 0502; CPC 5122, 5133, 5223, 711, 712, 72, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749, 7461, 7469, 83103, 83104, 86751, 86754, 8730, 882 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br><br>Cóir an Náisiúin Barrfhabhair<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí<br><br>Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

Iompar muirí agus seirbhísí cúnta iompair mhuirí. Aon ghníomhaíocht tráchtála a dhéantar ó long (ISIC 0501, 0502; CPC 5133, 5223, 721, cuid de 742, 745, 74540, 74520, 74590, 882)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Iompar agus aon ghníomhaíocht a bhaineann le hinnealtóireacht hiodrálach agus oibreacha teicniúla faoin uisce, sirtheoireacht agus eastóscadh acmhainní mianracha agus acmhainní neamhorgánacha eile, píolótú, buncaeireacht, fáil dramhaíola, meascáin uisce agus ola agus gníomhaíochtaí eile den chineál sin; arna ndéanamh ag soithí in uiscí inmheánacha agus in uiscí teorann BG, ní fhéadfaidh ach amháin soithí a bhfuil bratach na Bulgáire ar foluain acu nó soithí a bhfuil bratach Ballstáit eile ar foluain acu na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh.

Ceanglas náisiúntachta le haghaidh seirbhísí tacaíochta. Ceanglaítear ar mháistir agus ar phríomhinnealtóir an tsoithigh a bheith ina náisiúnaigh Ballstáit den Aontas Eorpach nó de LEE, nó de Chónaidhm na hEilvéise. Ní mór 25 % ar a laghad de na poist ar an leibhéal bainistíochta agus oibriúcháin agus céatadán nach lú ná 25 % ar a laghad de na poist ar leibhéal tógála na n-orduithe a bheith i seilbh náisiúnaigh BG. An ceart chun seirbhísí tacaíochta a dhéanamh le haghaidh iompar poiblí a dhéantar i gcalafoirt Bhulgáracha agus i gcalafoirt ag a bhfuil tábhacht réigiúnach, deonaítear é trí chonradh le húinéir an chalafoirt (ISIC 0501, 0502, CPC 5133, 5223, 721, 74520, 74540, 74590, 882).

Bearta:

BG: Cód Loingseoireachta Ceannaíochta;

An Dlí maidir le hUisce Farraige, Uiscebhealaí Intíre agus Calafoirt Phoblacht na Bulgáire;

Reacht maidir leis an gcoinníoll agus leis an ord chun iompróirí Bulgáracha a roghnú chun paisinéirí agus lastaí a iompar faoi chonarthaí idirnáisiúnta; agus Reacht 3 chun soithí gan foireann a sheirbhísiú.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In DK: Ní fhéadfaidh soláthraithe píolótaíochta seirbhísí píolótaíochta a dhéanamh in DK ach amháin má tá sainchónaí orthu i dtír de chuid an Aontais nó LEE agus má tá siad cláraithe agus formheasta ag Údaráis na Danmhairge i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Píolótú (74520).

Bearta:

DK: Acht na Danmhairge um Píolótú, § 18.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In DE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Soitheach nach le náisiúnach de Bhallstát é, ní fhéadfar é a úsáid in uiscebhealaí feidearálacha na Gearmáine le haghaidh gníomhaíochtaí nach seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta iompair iad ach amháin i gcás ina bhfuil údarú sonrach faighte chuige sin. Ní fhéadfar tarscaoileadh a dheonú do shoithí neamh-AE ach amháin i gcás nach bhfuil soithí AE ar fáil nó go bhfuil fáil orthu ach faoi choinníollacha an-neamhfhabhrach, nó ar bhonn cómhalartachta. Féadfar tarscaoileadh a dheonú do shoithí a bhfuil bratach Mheicsiceo ar foluain acu ar bhonn cómhalartachta (§ 2 mír 3 Verordnung über die Küstenschifffahrt). Rialáiltear gach gníomhaíocht a thagann faoi raon feidhme dhlí na bpíolótaí, agus tá an creidiúnú srianta do náisiúnaigh LEE nó Chónaidhm na hEilvéise.

I gcás soithí farraige a ligean ar cíos nó ar léas maille le hoibreoirí nó gan iad, agus i gcás soithí nach soithí farraige iad a ligean ar cíos nó ar léas gan oibreoirí, féadfar srian a chur le conarthaí le haghaidh iompar lasta a bheith á dtabhairt i gcrích ag longa a bhfuil bratach eachtrannach ar foluain acu nó srian a chur le cairtfhostú na soithí sin, ag brath ar an bhfáil atá ar longa a bhfuil bratach na Gearmáine nó bratach Ballstáit eile ar foluain acu.

Féadfar srian a chur le hidirbhearta idir cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí laistigh den limistéar eacnamaíoch (Iompar uisce, Seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar uisce, Longa ar cíos, Seirbhísí léasaithe long gan oibreoirí (CPC 721, 745, 83103, 86751, 86754, 8730)) má bhaineann siad leis an méid seo a leanas:

(i) soithí uiscebhealaí inmheánacha, nach bhfuil cláraithe sa limistéar eacnamaíoch, a ligean ar cíos;

(ii) iompar lasta i soithí uiscebhealaí inmheánacha den sórt sin; nó

(iii) seirbhísí tuála arna ndéanamh ag soithí uiscebhealaí inmheánacha den sórt sin.

Bearta:

DE: §§ 1, 2 Flaggenrechtsgesetz (an tAcht um Chosaint Brataí);

§ 2 Verordnung über die Küstenschifffahrt vom 05.07. 2002;

§§ 1, 2 Binnenschifffahrtsaufgabengesetz (BinSchAufgG);

Verordnung über Befähigungszeugnisse in der Binnenschiffahrt (Binnenschifferpatentverordnung - BinSchPatentV);

§ 9 Abs.2 Uimh. 1 Seelotsgesetz an 8.12. 2010 (BGBl. I S. 1864);

§ 1 No. 9, 10, 11 agus 13 Seeaufgabengesetz (SeeAufgG); agus

See-Eigensicherungsverordnung an 19.09.2005 (BGBl. I S. 2787), geändert durch Artikel 516 Verordnung vom 31.10.2006 (BGBl. I S. 2407).

In FI: Seirbhísí tacaíochta le haghaidh muiriompair a chuirtear ar fáil in uiscí mara na Fionlainne, forchoimeádtar iad do fhlíteanna a oibríonn faoin mbratach náisiúnta, faoi bhratach an Aontais nó faoi bhratach na hIorua (CPC 745).

Bearta:

FI: Merilaki (An tAcht Muirí) (674/1994); agus

Laki elinkeinon harjoittamisen oikeudesta (An tAcht um an gCeart chun Gabháil do Cheird) (122/1919), s. 4.

Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród (CPC 711, 743)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh de Bhallstát seirbhísí iompair d'iarnród nó seirbhísí tacaíochta a ghabhann le hiompar d'iarnród a sholáthar in BG. Déanann an tAire Iompair ceadúnas chun paisinéirí nó lasta a iompar d'iarnród a eisiúint chuig oibreoirí iarnróid atá cláraithe mar thrádálaithe (CPC 711, 743)

Bearta:

BG: An Dlí um Iompar Iarnróid, Airteagail 37 agus 48.

Iompar de bhóthar agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar (CPC 712, 7121, 7122, 71222, 7123)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AT: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach amháin do náisiúnaigh na mBallstát agus do dhaoine dlítheanacha de chuid an Aontais a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas (CPC 712).

Bearta:

AT: Güterbeförderungsgesetz (An tAcht um Iompar Earraí), BGBl. Uimh. 593/1995; § 5;

Güterbeförderungsgesetz (An tAcht um Thrácht Ócáideach), BGBl., Uimh. 112/1996; § 6; agus

Kraftfahrliniengesetz (An Dlí um Iompar Sceidealaithe), BGBl. I Uimh. 203/1999 arna leasú, §§ 7 agus 8.

In CZ: Tá corprú ina cheanglas in CZ (ní cheadaítear brainsí) chun seirbhísí iompair de bhóthar a sholáthar.

Bearta:

CZ: Acht Uimh. 111/1994 Bail. um Iompar de Bhóthar.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In EL: I gcás oibreoirí seirbhísí um iompar lasta de bhóthar, chun gabháil do ghairm an oibreora iompair lasta de bhóthar, tá ceadúnas Heilléanach ina cheanglas. Deonaítear ceadúnais ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha, faoi choinníoll na cómhalartachta.

Bearta:

EL: Ceadúnú oibreoirí iompair lasta de bhóthar: Dlí na Gréige 3887/2010 (Iris Rialtais A’ 174), arna leasú le hAirteagal 5 de dhlí 4038/2012 (Iris Rialtais A’ 14)-Rialacháin CE 1071/09 agus 1072/09.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

In SE: Chun gabháil do ghairm an oibreora iompair de bhóthar, tá gá le ceadúnas Sualannach. Áirítear leis na critéir chun ceadúnas tacsaí a fháil go gceapfadh an chuideachta duine nádúrtha chun gníomhú mar bhainisteoir iompair (ceanglas cónaithe *de facto* – féach ar fhorchoimeádas na Sualainne maidir le cineálacha bunaíochta).

I gcás oibreoirí iompair bóthair eile, ceanglaítear de réir na gcritéar chun ceadúnas a fháil go mbeadh an chuideachta bunaithe san Aontas Eorpach, go mbeadh bunaíocht acu atá suite in SE agus go mbeadh duine nádúrtha ceaptha acu le gníomhú mar bhainisteoir iompair, nár mhór cónaí a bheith air san Aontas.

Is gá oibreoirí seirbhísí trasteorann um iompar lasta de bhóthar agus um iompar paisinéirí de bóthar a bheith ceadúnaithe le haghaidh na n-oibríochtaí sin ag an údarás inniúil sa tír ina bhfuil siad bunaithe. Féadfar ceanglais bhreise um thrádáil trasteorann a rialáil i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le hiompar de bhóthar. I gcás feithiclí nach bhfuil feidhm ag comhaontú déthaobhach ina leith, tá gá le ceadúnas ó Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne freisin (CPC 712).

Bearta:

SE: Yrkestrafiklag (2012:210) (An tAcht um thrácht gairmiúil);

Lag om vägtrafikregister (2001:558) (An tAcht um chlárlann tráchta bóthair);

Yrkestrafikförordning (2012:237) (Rialachán an Rialtais um thrácht gairmiúil);

Taxitrafiklag (2012:211) (An tAcht um Thacsaithe); agus

Yrkestrafikförordning (2012:238) (Rialachán an Rialtais um thacsaithe).

Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair (CPC 7461, 7469, 83104)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

San Aontas Eorpach: I gcás seirbhísí láimhseála ar an talamh, féadfar go mbeidh bunú laistigh den Aontas ina cheanglas. Leibhéal oscailteachta na seirbhísí láimhseála ar an talamh, braitheann sé ar mhéid an aerfoirt. Féadfar teorainn a chur leis an líon soláthróirí i ngach aerfort. I gcás aerfoirt mhóra, ní fhéadfaidh an teorainn sin a bheith níos lú ná dhá sholáthróir.

Bearta:

San Aontas Eorpach: Rialachán 2008/1008/CE an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal; Rialachán 2009/80/CE an 14 Eanáir 2009 maidir le Cód Iompraíochta i dtaca le córais áirithinte ar ríomhairí; Treoir 1996/67/CE an 15 Deireadh Fómhair 1996 maidir le rochtain ar mhargadh na láimhseála ar an talamh in aerfoirt an Chomhphobail.

In BE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Tá an chómhalartacht ina ceanglas le haghaidh seirbhísí láimhseáil ar an talamh.

Bearta:

BE: Arrêté Royal du 6 novembre 2010 réglementant l’accès au marché de l’assistance en escale à l’aéroport de Bruxelles-National (Airteagal 18);

Besluit van de Vlaamse Regering betreffende de togang tot de grondafhandelingsmarkt op de Vlaamse regionale luchthavens (Airteagal 14);

Arrêté du Gouvernement wallon réglementant l’accès au marché de l’assistance en escale aux aéroports relevant de la Région wallonne (Airteagal 14)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta.

In BE: Aerárthaí príobháideacha (sibhialta) ar le daoine nádúrtha iad nach náisiúnaigh iad den Aontas Eorpach ná de LEE, ní fhéadfar iad a chlárú ach amháin má tá sainchónaí nó cónaí ar na daoine sin in BE ar feadh bliana ar a laghad gan briseadh. Aerárthaí príobháideacha (sibhialta) ar le heintitis dhlíthiúla eachtracha iad nár cuireadh ar bun i gcomhréir le dlí Ballstáit den Aontas Eorpach ná de LEE, ní fhéadfar iad a chlárú ach amháin má tá suíomh oibríochtaí, gníomhaireacht nó oifig acu in BE ar feadh bliana ar a laghad gan briseadh (aerárthaí ar cíos CPC 83104).

Bearta:

BE: Arrêté Royal du 15 mars 1954 réglementant la navigation aérienne.

In PL: I gcás seirbhísí oibriúcháin aerfort, tá rannpháirtíocht eachtrach teoranta do 49 faoin gcéad (cuid de CPC 742).

Bearta:

PL: Dlí Eitlíochta na Polainne an 3 Iúil 2002, Airteagal 174.2 agus 174.3.

Seirbhísí tacaíochta le haghaidh gach modha iompair (cuid de CPC 748)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In AE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Ní fhéadfaidh ach cónaitheoirí an Aontais seirbhísí imréitigh custaim a sholáthar.

Bearta:

San Aontas Eorpach: Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais.

Seirbhísí Iompair Chomhcheangailte a sholáthar (CPC 711, 712, 7212, 7222, 741, 742, 743, 744, 745, 748, 749)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

San Aontas Eorpach: Cé is moite de FI: Ní fhéadfaidh ach tarlóirí atá bunaithe i mBallstát a chomhlíonann na coinníollacha maidir le cead isteach sa ghairm agus maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh iompar earraí idir Ballstáit, i gcomhthéacs oibríocht iompair traschórais idir Ballstáit, céimeanna tarlú de bhóthar a dhéanamh, bídís ina gcéimeanna tosaigh nó deiridh, atá ina ndlúthchuid den oibríocht iompair traschórais agus a bhféadfadh trasnú teorann a bheith san áireamh leo nó gan a bheith san áireamh leo. Tá feidhm ag teorainneacha a dhéanann difear d’aon mhodh iompair ar leith.

Is féidir bearta riachtanacha a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar na cánacha mótarfheithicle is infheidhme maidir le feithiclí bóthair arna ródú in iompar traschórais a laghdú nó a aisíoc.

Bearta:

San Aontas Eorpach: Treoir 1992/106/CEE an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit.

I-EU-15 – Talmhaíocht, iascach agus monaraíocht

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht; feirmeoireacht ainmhithe agus réinfhianna, iascaireacht agus dobharshaothrú; foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta |
| Aicmiú Tionscail: | ISIC 011, 012, 013, 014, 015, 1531, 050, 0501, 0502, 221, 222, 323, 324, CPC 882, 88442 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| | Ceanglais Feidhmíochta |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

(a) An talmhaíocht, an fiach agus an fhoraoiseacht (ISIC 011, 012, 013, 014, 015, 1531, CPC 881)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

In IT: Le haghaidh agranamaithe agus *periti agrari*, tá cónaí agus clárú ar an gclár gairmiúil ina gceanglas. Is féidir le náisiúnaigh tríú tír clárú faoi choinníoll na cómhalartachta.

Bearta:

IT: Dlí 3/1976 um ghairm na n-agranamaithe *Periti agrari*; Dlí 434/1968 arna leasú le Dlí 54/1991.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Ceanglais feidhmíochta:

San Aontas Eorpach: Ní mór do na gníomhaireachtaí idirghabhála arna n-ainmniú ag na Ballstáit gránaigh a baineadh san Aontas a cheannach. Ní dheonófar aon aisíocaíocht onnmhairiúcháin ar rís arna hallmhairiú ó aon tríú tír agus arna hathonnmhairiú chuig aon tríú tír. Ní fhéadfaidh ach amháin táirgeoirí ríse ón Aontas íocaíochtaí cúitimh a éileamh.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In FI: Náisiúnaigh Ballstáit de LEE a bhfuil cónaí orthu sa limistéar tréadaíochta réinfhianna, ní fhéadfaidh ach amháin na náisiúnaigh sin a bheith ina n-úinéirí réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh. Féadfar cearta eisiacha a dheonú.

In FR: Is gá údarú a fháil roimh ré chun bheith mar bhall de chomharchumann talmhaíochta nó gníomhú mar stiúrthóir air (ISIC 11, 12, 13, 14, 15).

In SE: Ní fhéadfaidh ach amháin daoine den phobal Sámach a bheith ina n-úinéirí réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh.

Bearta:

San Aontas Eorpach: Rialachán 2007/1234/CE an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (Rialachán maidir le CEM Aonair).

FI: Poronhoitolaki (An tAcht um Fheirmeoireacht Réinfhianna) (848/1990), Caibidil 1, Roinn 4, Prótacal 3 a ghabhann le Conradh Aontachais na Fionlainne.

In FR: Code rural et de la pêche maritime: Airteagal R331-1 maidir le suiteáil agus Airteagal L. 529-2 maidir le comharchumainn talmhaíochta.

SE: An tAcht um Fheirmeoireacht Réinfhianna (1971:437), mír 1.

(b) Monaraíocht – Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta (ISIC 221, 222, 323, 324, CPC 88442)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In DE (tá feidhm aige seo maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais freisin): Is gá 'eagarthóir freagrach' (ainm iomlán agus seoladh duine nádúrtha) a shonrú i ngach nuachtán, iris nó tréimhseachán a scaiptear go poiblí nó a phriontáiltear. Féadfar a cheangal gur buanchónaitheoir de chuid na Gearmáine, an Aontais, nó tíre LEE a bheidh san eagarthóir freagrach. Féadfaidh an tAire Feidearálach Gnóthaí Baile (ISIC 223, 224) eisceachtaí a cheadú.

In SE: Daoine nádúrtha atá ina n-úinéirí tréimhseachán a phriontáiltear agus a fhoilsítear in SE, is gá cónaí a bheith orthu in SE nó a bheith ina náisiúnaigh Ballstáit de LEE. Úinéirí na dtréimhseachán sin ar daoine dlítheanacha iad, ní mór dóibh a bheith bunaithe in LEE. Tréimhseacháin a phriontáiltear agus a fhoilsítear in SE, chomh maith le taifeadtaí teicniúla, is gá eagarthóir freagrach a bheith acu, nach mór sainchónaí a bheith air in SE.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In IT: A mhéid cheadaíonn Meicsiceo do náisiúnaigh agus d'fhiontair na hIodáile na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, ceadóidh IT do náisiúnaigh Mheicsiceo agus d'fhiontair Mheicsiceo na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoi na coinníollacha céanna. A mhéid a cheadaíonn Meicsiceo d'infheisteoirí Iodálacha níos mó ná 49 % den chaipiteal agus de na cearta vótála i gcuideachta foilsitheoireachta de chuid Mheicsiceo a bheith ina seilbh acu, ceadóidh IT d'infheisteoirí de chuid Mheicsiceo níos mó ná 49 % den chaipiteal agus de na cearta vótála i gcuideachta foilsitheoireachta de chuid na hIodáile a bheith ina seilbh acu faoi na coinníollacha céanna (ISIC 221, 222, CPC 88442).

Maidir le hInfheistíocht – Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In PL: Tá náisiúntacht ina ceanglas le haghaidh príomheagarthóirí nuachtán agus irisí (ISIC 221, 222).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In LV: Níl sé de cheart ach amháin ag daoine dlítheanacha atá corpraithe in LV agus daoine nádúrtha de chuid LV meáin ollchumarsáide a bhunú agus a fhoilsiú. Níl brainsí ceadaithe.

Bearta:

DE: § 10 Abs. 1 Nr. 4 Landesmediengesetz (LMG) Rheinland-Pfalz v. 4. Februar 2005, GVBl. S. 23;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Gesetz über die Presse Baden-Württemberg (LPG BW) v. 14 Jan. 1964, GBl. S.11;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Pressegesetz für das Land Nordrhein-Westfalen (Landespressegesetz NRW) v. 24. Mai 1966 (GV. NRW. S. 340);

§ 8 Abs. 1 Gesetz über die Presse Schleswig-Holstein (PressG SH) an 25.1.2012, GVOBL. SH S. 266;

§ 7 Abs. 2 Landespressegesetz für das Land Mecklenburg-Vorpommern (LPrG M-V) v. 6 Juni 1993, GVOBl. M-V 1993, S. 541;

§ 8 Abs. 1 Nr. 1 Pressegesetz für das Land Sachsen-Anhalt in der Neufassung an 2.5.2013 (GVBl. LSA S. 198);

§ 7 Abs. 2 Berliner Pressegesetz (BlnPrG) v. 15 Juni 1965, GVBl. S. 744;

§ 10 Abs. 1 Nr. 1 Brandenburgisches Landspressegesetz (BbgPG) v. 13. Mai 1993, GVBl. I/93, S. 162;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Gesetz über die Presse Bremen (BrPrG), Brem. GBl. 1965, S. 63;

§ 7 Abs. 3 Nr. 1 Hessisches Pressegesetz (HPresseG) v. 12. Dezember 2004, GVBl. 2004 I S. 2;

§ 7 Abs. 2 i.V.m § 9 Abs.1 Ziffer 1 Thüringer Pressegesetz (TPG) v. 31. Juli 1991, GVBl. 1991 S. 271;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1Hamburgisches Pressegesetz v. 29. Januar 1965, HmbGVBl., S. 15;

§ 6 Abs. 2 Sächsisches Gesetz über die Presse (SächsPresseG) v. 3. April 1992, SächsGVBl. S. 125;

§ 8 Abs. 2 Niedersächsisches Pressegesetz v. 22. März 1965, GVbl. S.9;

§ 9 Abs. 1 Nr. 1 Saarländisches Mediengesetz (SMG) vom 27 Februar 2002 (Amtsbl. S. 498); agus

Art. 5 Abs 2 Bayerisches Pressegesetz in der Fassung der Bekanntmachung v. 19. April 2000 (GVBl, S. 340).

IT: Dlí 416/1981, Airteagal 1 (agus leasuithe ina dhiaidh sin).

LV: An Dlí um an bPreas agus Meáin Ollchumarsáide eile, Roinn 8.

PL: Acht an 26 Eanáir 1984 um Dhlí an Phreasa, an Iris Dlíthe, Uimh. 5, ítim 24, le leasuithe ina dhiaidh sin.

SE: An tAcht um Shaoirse an Phreasa (1949:105);

An Dlí Bunúsach um Shaoirse Cainte (1991:1469); agus

An tAcht um reachtanna le haghaidh an Achta um Shaoirse an Phreasa agus an Dlí Bhunúsaigh um Shaoirse Cainte (1991:1559).

I-EU-16 – Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfuinneamh

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfuinneamh – an mhianadóireacht agus an cairéalú; leictreachas, gás, gal agus uisce te a tháirgeadh, a tharchur agus a dháileadh ar a gcuntas féin; iompar píblíne breoslaí; stóráil agus trádstóras breoslaí arna n-iompar trí phíblínte; seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh |
| Aicmiú Tionscail: | ISIC 10, 11, 12, 13, 14, 40, CPC 5115, 63297, 713, cuid de 742, 8675, 883, 887 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí<br><br>Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| Leibhéal rialtais: | In AE / Ballstát (mura sonraítear a mhalairt) |

Tuairisc:

(a) Mianadóireacht agus cairéalú (ISIC 10, 11, 12, 13, 14, CPC 5115, 7131, 8675, 883)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In CY: Féadfaidh Comhairle na n-Airí diúltú rochtain a cheadú ar shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón nó cleachtadh na ngníomhaíochtaí sin, d'aon eintiteas atá faoi smacht éifeachtach Mheicsiceo nó náisiúnaigh Mheicsiceo nó náisiúnach tríú tír. Ní fhéadfaidh aon eintiteas, tar éis údarú a bheith deonaithe dó chun gabháil do shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, teacht faoi rialú díreach ná indíreach Mheicsiceo ná náisiúnaigh Mheicsiceo gan formheas a fháil roimh ré ó Chomhairle na nAirí. Féadfaidh Comhairle na n-Airí diúltú údarú a thabhairt d'eintiteas chun gabháil do shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, más eintiteas é atá faoi smacht éifeachtach Mheicsiceo nó tríú tír nó náisiúnach Mheicsiceo nó tríú tír, i gcás nach dtugann Meicsiceo ná an tríú tír d'eintitis CY ná d'eintitis Bhallstát, i ndáil le rochtain ar shirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón nó cleachtadh na ngníomhaíochtaí sin, cóir atá inchomparáide leis an gcóir a thugann CY nó an Ballstát d'eintitis Mheicsiceo nó na tríú tír sin (ISIC 1110).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In SI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianracha, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialáilte, tá siad faoi réir bunaíocht nó saoránacht LEE, Chónaidhm na hEilvéise nó chomhalta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), nó tríú tír ar choinníoll na cómhalartachta. Is é an tAire atá freagrach as an mianadóireacht a dhearbhóidh go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh (ISIC 10, 11, 12, 13, 14, CPC 883, 8675).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In NL: Taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón in NL, is gníomhaíochtaí iad i gcónaí a dhéanann cuideachta phríobháideach i gcomhpháirt leis an gcuideachta phoiblí (theoranta) a ndéanfaidh an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha í a ainmniú. Sonraítear in Airteagail 81 agus 82 den Acht Mianadóireachta gur gá gach scair sa chuideachta shainithe sin a bheith faoi sheilbh dhíreach nó indíreach Stát na hÍsiltíre (ISIC leag. 3.1 10, 3.1 11, 3.1 12, 3.1 13, 3.1 14).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht áitiúil:

In FI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianracha, féadfar cead taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianracha a dheonú do dhuine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó duine dlítheanach atá bunaithe in LEE. (ISIC Leag. 3.1 120, CPC 5115, 883, 8675).

In SK: I gcás mianadóireachta, gníomhaíochtaí a bhaineann le mianadóireacht agus gníomhaíocht gheolaíoch, tá corprú i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE ina cheanglas (níl brainsí ceadaithe). Gníomhaíochtaí mianadóireachta agus sirtheoireachta a chumhdaítear le hAcht 44/1988 Phoblacht na Slóvaice um acmhainní nádúrtha a chosaint agus a shaothrú, rialaítear iad ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí bhearta beartais phoiblí lena bhféachtar le caomhnú agus cosaint acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil a áirithiú, amhail teicneolaíochtaí mianadóireachta áirithe a údarú nó a thoirmeasc. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear ar na bearta sin toirmeasc a chur ar láisteadh ciainíde a úsáid chun mianraí a chóireáil nó a scagadh, agus an ceanglas údarú sonrach a fháil i gcás fraiceáil ar mhaithe le gníomhaíochtaí sirtheoireachta, taiscéalaíochta nó eastósctha ola agus gáis, chomh maith le formheas a fháil roimh ré trí bhíthin reifreann áitiúil i gcás acmhainní mianracha núicléacha nó raidighníomhacha. Ní mhéadaíonn sé sin gnéithe neamh-chomhréireacha an bhirt atá ann cheana a bhfuil forchoimeádas á dhéanamh ina leith (ISIC 10, 11, 12, 13, 14, CPC 5115, 7131, 883 agus 8675).

Bearta:

CY: An Dlí um Hidreacarbóin (An Dlí um Shirtheoireacht, Taiscéalaíocht agus Saothrú) de 2007 (Dlí 4(I)/2007) arna leasú le dlíthe uimhreacha 126 (I) de 2013 agus 29(I) de 2014.

FI: Kaivoslaki (An tAcht Mianadóireachta) (621/2011); agus

Ydinenergialaki (An tAcht um Fhuinneamh Núicléach) (990/1987).

In NL: Mijnbouwwet (An tAcht Mianadóireachta).

SI: An tAcht Mianadóireachta 2014.

SK: Acht 51/1988 um an Mianadóireacht, Pléascáin agus Riarachán Mianadóireachta Stáit;

Acht Uimh. 44/1988 Phoblacht na Slóvaice um chosaint agus saothrú acmhainní nádúrtha; agus

Acht 569/2007 maidir le hOibreacha Geolaíocha.

Leictreachas (ISIC 40, 4010; CPC 62271, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In AT (tá feidhm aige seo freisin maidir leis an leibhéal réigiúnach rialtais): Maidir le leictreachas a tharchur agus a dháileadh, ní dheonaítear údarú ach amháin do náisiúnaigh Ballstáit de LEE a bhfuil sainchónaí orthu in LEE. I gcás ina gceapann an t-oibreoir stiúrthóir bainistíochta nó sealbhóir léasa, tarscaoiltear an ceanglas maidir le sainchónaí. Ní mór gur in LEE a bheadh a suíomh ag daoine (fiontair) dlítheanacha agus comhpháirtíochtaí. Ní mór dóibh stiúrthóir bainistíochta nó sealbhóir léasa a cheapadh, ar gá an bheirt sin a bheith ina náisiúnaigh Ballstáit de LEE agus sainchónaí a bheith orthu in LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais maidir le sainchónaí agus náisiúntacht a tharscaoileadh i gcás ina measfar go bhfuil oibriú an líonra chun leas an phobail (ISIC 40, CPC 887).

Bearta:

AT: Burgenländisches Elektrizitätswesengesetz 2006, LGBl. Nr. 59/2006 arna leasú;

Niederösterreichisches Elektrizitätswesengesetz, LGBl. Nr. 7800/2005 arna leasú;

Landesgesetz, mit dem das Oberösterreichische Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz 2006 erlassen wird (Oö. ElWOG 2006), LGBl. Nr. 1/2006 arna leasú;

Salzburger Landeselektrizitätsgesetz 1999 (LEG), LGBl. Nr. 75/1999 arna leasú;

Gesetz vom 16. November 2011 über die Regelung des Elektrizitätswesens in Tirol (Tiroler Elektrizitätsgesetz 2012 – TEG 2012), LGBl. Nr. 134/2011;

Gesetz über die Erzeugung, Übertragung und Verteilung von elektrischer Energie (Vorarlberger Elektrizitätswirtschaftsgesetz), LGBl. Nr. 59/2003 arna leasú;

Gesetz über die Neuregelung der Elektrizitätswirtschaft (Wiener Elektrizitätswirtschaftsgesetz 2005 – WElWG 2005), LGBl. Nr. 46/2005;

Steiermärkisches Elektrizitätswirtschafts- und Organisationsgesetz (ELWOG), LGBl. Nr. 70/2005;

Kärntner Elektrizitätswirtschafts-und Organisationsgesetz(ELWOG), LGBl. Nr. 24/2006;

Rohrleitungsgesetz (An Dlí um Iompar Píblíne), BGBl. Uimh. 411/1975, § 5(1) agus (2), §§ 5 (1) agus (3), 15, 16; agus

Gaswirtschaftsgesetz (An tAcht Gáis), BGBl. I Uimh. 121/2000, arna leasú in Airteagail 43 agus 44, Airteagail 90 agus 93.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In BE: Tá cónaí laistigh den Aontas ina cheanglas (ISIC 4010, CPC 887).

In CZ: Is gá údarú a fháil chun tabhairt faoi ghiniúint, tarchur, dáileadh agus trádáil leictreachais, agus faoi ghníomhaíochtaí eile de chuid oibreoirí margaidh leictreachais, mar aon le giniúint agus dáileadh teasa. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe aige nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas. Tá cearta eisiacha ann maidir le ceadúnais tarchurtha leictreachais agus gáis agus maidir le ceadúnais oibreoirí margaidh (ISIC 40, CPC 7131, 62279, 742, 887).

In LT: Na ceadúnais maidir le tarchur, dáileadh, soláthar poiblí agus eagrú na trádála leictreachais, ní fhéadfar iad a eisiúint ach amháin do daoine dlítheanacha LT nó do bhrainsí daoine dlítheanacha eachtracha nó eagraíochtaí eile a bunaíodh in LT (ISIC 4010, CPC 62279, 887).

Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí comhairleacha ná sainchomhairleoireachta a bhaineann le tarchur nó dáileadh leictreachais ar bhonn táille nó conartha.

In PL: Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir ceadúnú faoin Acht um Dhlí Fuinnimh:

i) giniúint leictreachas, cé is moite de ghiniúint leictreachais lena mbaintear úsáid as foinsí leictreachais ar thoilleadh iomlán nach mó ná 50 MW, seachas foinsí in-athnuaite fuinnimh; comhghiniúint leictreachais lena mbaintear úsáid as foinsí ar thoilleadh iomlán nach mó ná 5 MW, seachas foinsí in-athnuaite fuinnimh;

ii) tarchur nó dáileadh leictreachais; agus

iii) an trádáil sa leictreachas, cé is moite den trádáil sa leictreachas ina n-úsáidtear suiteálacha voltais faoi bhun 1 kV atá faoi úinéireacht an chustaiméara; agus an trádáil sa leictreachas a dhéantar ar mhalartuithe tráchtearraí trí thithe bróicéireachta a mbíonn an ghníomhaíocht bhróicéireachta á seoladh acu ar thráchtearraí malartaithe ar bhonn Acht an 26 Deireadh Fómhair 2000 maidir le malartuithe tráchtearraí.

Ní fhéadfaidh an tÚdarás Inniúil ceadúnas a dheonú ach amháin d’iarratasóir a bhfuil a phríomháit ghnó nó a príomháit chónaithe cláraithe aige i gcríoch Ballstáit den Aontas Eorpach, de LEE, nó de Chónaidhm na hEilvéise (ISIC 4010, CPC 62279, 63297, CPC 887).

In PT: Déantar na gníomhaíochtaí tarchurtha agus dáilte leictreachais trí lamháltais eisiacha na seirbhíse poiblí. Lamháltais le haghaidh na n-earnálacha leictreachais, ní shanntar iad ach amháin do chuideachtaí teoranta a bhfuil a gceanncheathrú agus a mbainistíocht éifeachtach acu in PT (ISIC 4010, CPC 887).

In SI: Táirgeadh, trádáil agus soláthar an leictreachais agus an gháis nádúrtha do chustaiméirí deiridh, nó iad a tharchur agus a dháileadh, is faoi réir bunaíocht san Aontas atá na gníomhaíochtaí sin (ISIC 4010, 4020, CPC 7131, 887).

In SK: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, mórdhíol agus miondíol leictreachais, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh. Le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin go léir, ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha ar a bhfuil buanchónaí i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas Eorpach nó in LEE (ISIC 4010, CPC 62279, 887).

In SI: Táirgeadh, trádáil agus soláthar an leictreachais agus an gháis nádúrtha do chustaiméirí deiridh, nó iad a tharchur agus a dháileadh, is faoi réir bunaíocht san Aontas atá na gníomhaíochtaí sin (ISIC 4020, CPC 7131, 887).

Breoslaí, táirgí gáis, amhola nó peitriliam (ISIC 232, 4020; CPC 62271, 63297, 7131, 742, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In AT: Maidir le gás a iompar, ní dheonaítear údarú ach amháin do náisiúnaigh Ballstáit de LEE a bhfuil sainchónaí orthu in LEE. Is gá d’fhiontair agus do chomhpháirtíochtaí a suíomh a bheith acu in LEE. Ní mór d’oibreoir an líonra Stiúrthóir Bainistíochta a cheapadh, chomh maith le Stiúrthóir Teicniúil a bheidh freagrach as rialú teicniúil oibriú an líonra, agus is gá don bheirt stiúrthóirí a bheith ina náisiúnaigh Ballstáit de LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais um náisiúntacht agus sainchónaí a tharscaoileadh i gcás ina measfar go bhfuil oibriú an líonra chun leas an phobail.

Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le hiompar earraí seachas gás agus uisce:

Maidir le daoine nádúrtha, ní dheonaítear údarú ach amháin do náisiúnaigh LEE nach mór suíomh a bheith acu san Ostair; agus

Ní mór a suíomh a bheith in AT ag fiontair agus comhpháirtíochtaí. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch nó tástáil leasa i bhfeidhm. Maidir le píblínte trasteorann, is gá nach baol a bheadh iontu do leasanna slándála AT ná dá stádas mar thír neodrach. Ní mór d’fhiontair agus do chomhpháirtíochtaí stiúrthóir bainistíochta a cheapadh nach mór a bheith ina náisiúnach Ballstáit de LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil na ceanglais maidir le náisiúntacht agus maidir le suíomh a tharscaoileadh má mheastar go bhfuil oibriú na píblíne chun leas an gheilleagair náisiúnta (CPC 713).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In BE: I gcás seirbhísí bulcstórála gáis, tá ceanglais ann maidir leis na cineálacha eintiteas dlíthiúil agus maidir leis an gcóir a thugtar d'oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas ina ceanglas le haghaidh seirbhísí bulcstórála gáis (cuid de CPC 742).

De ghnáth, an soláthar gáis nádúrtha do chustaiméirí atá bunaithe in BE (is é sin, custaiméirí ar cuideachtaí dáileacháin agus tomhaltóirí araon iad, a sroicheann a dtomhaltas foriomlán gáis arna eascairt ó gach ionad soláthair íosleibhéal d'aon mhilliún méadar ciúbach in aghaidh na bliana), tá an soláthar gáis sin faoi réir údarú aonair arna sholáthar ag an Aire, ach amháin i gcás inar cuideachta dáileacháin é an soláthróir, a úsáideann a líonra dáileacháin féin. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát (ISIC 4020, CPC 7131).

Tá iompar gáis nádúrtha agus breoslaí eile trí phíblíne faoi réir ceanglas údarúcháin. Ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát (i gcomhréir le hAirteagal 3 de AR an 14 Bealtaine 2002). Fiontair eachtracha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair tríú tír atá freagrach as níos mó ná 5 % d'allmhairí ola, gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, féadfar toirmeasc a chur orthu rialú a fháil ar an ngníomhaíocht.

I gcás ina n-iarrann fiontar an t-údarú, mura brainse nó oifig ionadaíoch an fiontar sin, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

i) ní mór an chuideachta a bheith bunaithe i gcomhréir le dlí na Beilge, nó le dlí Ballstáit eile, nó le dlí tríú tír a thug gealltanais chun creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais chomhchoiteanna a shonraítear i dTreoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha; agus

ii) ní mór suíomh riaracháin, príomhbhunaíocht nó ceannoifig an fhiontair a bheith i mBallstát, nó i dtríú tír a thug gealltanais creat rialála a choinneáil ar bun atá comhchosúil leis na ceanglais chomhchoiteanna a shonraítear i dTreoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha, ar choinníoll go bhfuil gníomhaíocht na bunaíochta nó na ceannoifige sin ina nasc éifeachtach leanúnach le geilleagar na tíre lena mbaineann (ISIC 4020, CPC 7131).

In CZ: Tá údarú ina cheanglas chun gás a ghiniúint, a tharchur, a dháileadh, a stóráil agus a thrádáil. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe aige nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas. Tá cearta eisiacha ann maidir le ceadúnais tarchurtha gáis agus maidir le ceadúnais oibreora margaidh (ISIC 2320, 4020, CPC 7131, 63297, 742, 887).

Soláthar Gaile agus Uisce The (ISIC 4030, CPC, 887).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In PL: Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas faoi réir ceadúnú faoin Acht um Dhlí Fuinnimh:

i) giniúint fuinnimh ón ngal agus ón uisce te, cé is moite díobh seo a leanas: comhghiniúint teasa agus úsáid á baint as foinsí seachas foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar thoilleadh iomlán nach mó ná 5 MW; giniúint teasa agus úsáid á baint as foinsí ar thoilleadh iomlán nach mó ná 5 MW;

ii) tarchur nó dáileadh teasa, seachas i gcás nach sáraíonn an toilleadh iomlán arna ordú ag custaiméirí 5 MW; agus

iii) trádáil i dteas i gcás nach sáraíonn an toilleadh arna ordú ag custaiméirí 5 MW.

Ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas a dheonú ach amháin d'iarratasóir a bhfuil a phríomháit ghnó nó chónaithe cláraithe aige i gcríoch Ballstáit den Aontas Eorpach, de LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise (ISIC 4030, CPC 887).

In SK: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the, mórdhíol agus miondíol gaile agus uisce the, agus seirbhísí gaolmhara a bhaineann le dáileadh fuinnimh. Le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin go léir, ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha ar a bhfuil buanchónaí i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas Eorpach nó in LEE (ISIC 4030, CPC 887).

Bearta:

AT: Burgenländisches Elektrizitätswesengesetz 2006, LGBl. Nr. 59/2006 arna leasú;

Niederösterreichisches Elektrizitätswesengesetz, LGBl. Nr. 7800/2005 arna leasú;

Landesgesetz, mit dem das Oberösterreichische Elektrizitätswirtschafts- und -organisationsgesetz 2006 erlassen wird (Oö. ElWOG 2006), LGBl. Nr. 1/2006 arna leasú;

Salzburger Landeselektrizitätsgesetz 1999 (LEG), LGBl. Nr. 75/1999 arna leasú;

Gesetz vom 16. November 2011 über die Regelung des Elektrizitätswesens in Tirol (Tiroler Elektrizitätsgesetz 2012 – TEG 2012), LGBl. Nr. 134/2011;

Gesetz über die Erzeugung, Übertragung und Verteilung von elektrischer Energie (Vorarlberger Elektrizitätswirtschaftsgesetz), LGBl. Nr. 59/2003 arna leasú;

Gesetz über die Neuregelung der Elektrizitätswirtschaft (Wiener Elektrizitätswirtschaftsgesetz 2005 – WElWG 2005), LGBl. Nr. 46/2005;

Steiermärkisches Elektrizitätswirtschafts- und Organisationsgesetz (ELWOG), LGBl. Nr. 70/2005;

Kärntner Elektrizitätswirtschafts-und Organisationsgesetz(ELWOG), LGBl. Nr. 24/2006;

Rohrleitungsgesetz (An Dlí um Iompar Píblíne), BGBl. Uimh. 411/1975, § 5(1) agus (2), §§ 5 (1) agus (3), 15, 16; agus

Gaswirtschaftsgesetz 2011(An tAcht Gáis), BGBl. I Uimh. 107/2011, Airteagail 43 agus 44, Airteagail 90 agus 93.

BE: Arrêté royal du 2 avril 2003 relatif aux autorisations de fourniture d'électricité par des intermédiaires et aux règles de conduite applicables à ceux-ci; agus

Arrêté royal du 12 juin 2001 relatif aux conditions générales de fourniture de gaz naturel et aux conditions d'octroi des autorisations de fourniture de gaz naturel.

CZ: Acht Uimh. 458/2000 Bail. um dhálaí gnó agus riarachán poiblí in earnálacha an fhuinnimh (An tAcht Fuinnimh).

DK: Bekendtgørelse uimh. 724 af 1. juli 2008 om indretning, etablering og drift af olietanke, rørsysrtemer og pipelines (Ordú maidir le socrú, bunú agus oibriú umar breosla, córas píobánra agus píblínte), Uimh. 724 an 1 Iúil 2008.

LT: An Dlí maidir le Gás Nádúrtha Phoblacht na Liotuáine an 10 Deireadh Fómhair 2000 Uimh. VIII-1973; agus

Dlí Phoblacht na Liotuáine um leictreachas an 20 Iúil 2000 Uimh. VIII-1881.

MT: An tAcht EneMalta Caib. 272 agus an tAcht EneMalta (Sócmhainní, Cearta, Dliteanais agus Oibleagáidí a Aistriú) Caib. 536.

In NL: Elektriciteitswet 1998; Gaswet.

PL: An tAcht um Dhlí Fuinnimh an 10 Aibreán 1997, Airteagail 32 agus 33.

SI: Energetski zakon (An tAcht Fuinnimh) 2014, Iris Oifigiúil RS, Uimh. 17/2014; An tAcht Mianadóireachta (2014).

**Foscríbhinn I-B-1**

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA ATÁ ANN CHEANA

LIOSTA MHEICSICEO

Forchoimeádais is Infheidhme ar an Leibhéal Lárnach

I-MX-1

Earnáil: Uile

Fo-earnáil:

Aicmiú Tionscail:

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Bearta: Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 27.

An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal II, Caibidlí I agus II.

Rialacháin a ghabhann leis an Dlí um Infheistíocht Choigríche agus an Chlárlann Náisiúnta um Infheistíochtaí Coigríche (Reglamento de la Ley de Inversión Extranjera y del Registro Nacional de Inversiones Extranjeras), Teideal II, Caibidlí I agus II.

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Náisiúnaigh eachtracha nó fiontair eachtracha, ní fhéadfaidh siad cearta maoine (*dominio directo*) a fháil ar talamh ná ar uisce laistigh de stráice 100 km feadh theorainneacha na tíre nó laistigh de stráice 50 km isteach óna cóstaí (Zón Srianta).

Fiontair Mheicsiceacha nach bhfuil clásal acu lena ndéantar eachtraigh a eisiamh, féadann siad cearta maoine (*dominio directo*) a fháil ar réadmhaoin atá suite sa Zón Srianta, a úsáidtear chun críoch neamh-chónaithe. Tabharfar fógra na héadála sin don Aireacht Gnóthaí Eachtracha (Secretaría de Relaciones Exteriores), (dá ngairtear 'SRE' anseo feasta) laistigh de 60 lá gnó tar éis dháta na héadála.

Fiontair Mheicsiceacha nach bhfuil clásal eisiaimh eachtrach acu, ní fhéadann siad cearta maoine (*dominio directo*) a fháil ar réadmhaoin atá suite sa Zón Srianta, a úsáidtear chun críoch cónaithe.

De bhun an nós imeachta a dtugtar tuairisc air thíos, féadfaidh fiontair Mheicsiceacha nach bhfuil clásal eisiaimh eachtrach acu cearta a fháil chun úsáid a bhaint as réadmhaoin sa Zón Srianta, réadmhaoin a úsáidtear chun críoch cónaithe, agus taitneamh a bhaint aisti. Beidh feidhm ag an nós imeachta sin freisin i gcás ina bhfuil náisiúnaigh nó fiontair eachtraigh ag féachaint le cearta a fháil chun úsáid a bhaint as réadmhaoin sa Zón Srianta agus taitneamh a bhaint aisti, gan beann ar an gcuspóir a n-úsáidtear an réadmhaoin lena aghaidh.

Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ceadúnas a fháil ó SRE chun cearta, mar iontaobhaithe, a fháil ar réadmhaoin atá suite sa Zón Srianta, i gcás inarb é cuspóir an iontaobhais go n-úsáidfí an réadmhaoin sin agus go mbainfí taitneamh aisti, gan fíorchearta maoine uirthi a dheonú, agus i gcás inarb iad tairbhithe an iontaobhais na fiontair Mheicsiceacha, nach bhfuil clásal eisiaimh eachtrach acu, nó na náisiúnaigh eachtracha nó fiontair eachtracha dá dtagraítear thuas.

Is é is ciall leis na téarmaí ‘úsáid’ agus ‘taitneamh a bhaint as’ i dtaca leis an réadmhaoin atá suite sa Zón Srianta na cearta chun an réadmhaoin sin a úsáid agus taitneamh a bhaint aisti, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, tairbhí, táirgí agus, go ginearálta, aon toradh a eascraíonn ón oibriú agus ón saothrú trí thríú páirtithe nó trí na hinstitiúidí creidmheasa, agus iad ag gníomhú mar iontaobhaithe.

An t-iontaobhas dá dtagraítear san iontráil seo, mairfidh sé go ceann uastréimhse 50 bliain, tréimhse a fhéadfar a athnuachan ar a iarraidh sin do pháirtí leasmhar.

Féadfaidh SRE a dhearbhú ag aon tráth go bhfuil na coinníollacha faoinar deonaíodh na ceadúnais dá dtagraítear san iontráil seo á gcomhlíonadh, mar aon le seoladh isteach agus fírinneacht na bhfógraí dá dtagraítear thuas.

Déanfaidh SRE cinneadh maidir leis na ceadúnais, i bhfianaise na dtairbhí eacnamaíoch agus sóisialta a d’fhéadfadh a bheith ag na hoibríochtaí sin ar an Náisiún.

Náisiúnaigh eachtracha nó fiontair eachtracha atá ag féachaint le réadmhaoin a fháil lasmuigh den Zón Srianta, beidh orthu ráiteas a sheoladh chuig SRE roimh ré ina gcomhaontóidh siad iad féin a mheas mar náisiúnaigh Mheicsiceacha chun na gcríoch thuasluaite, agus ina dtarscaoilfidh siad an ceart chun cosaint a rialtas a agairt i leith na réadmhaoine sin.

I-MX-2

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Uile |
| Fo-earnáil: | |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal VI, Caibidil III. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Cuirfidh CNIE na critéir seo a leanas san áireamh agus na hiarratais[1] a cuireadh isteach lena mbreith á measúnú aige:

(a) éifeachtaí maidir le fostaíocht agus oiliúint oibrithe;

(b) rannchuidiú teicneolaíochta;

(c) comhlíonadh na bhforálacha comhshaoil arna leagan amach sa reachtaíocht chomhshaoil; agus

(d) go ginearálta, an rannchuidiú chun iomaíochas chóras táirgiúlachta Mheicsiceo a mhéadú.

Agus cinneadh á dhéanamh aige faoi iarratas, ní fhéadfaidh CNIE ceanglais a fhorchur ach amháin ceanglais nach saobhann an trádáil idirnáisiúnta agus nach bhfuil toirmeasc orthu de réir Airteagal 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta).

---

1 Iarratais ar éadáil nó bunú infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí srianta mar a leagtar amach sa Liosta seo.

I-MX-3

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Uile |
| Fo-earnáil: | |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.<br><br>Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Níl gá le réiteach fabhrach ó CNIE chun go bhféadfaidh infheisteoirí ón Aontas Eorpach nó a bhfiontair a bheith páirteach go díreach nó go hindíreach, i níos mó ná 49 % de leas úinéireachta fiontair Mheicsicigh, ach amháin i gcás ina sáraíonn luach iomlán shócmhainní an fhiontair Mheicsicigh an tairseach is infheidhme tráth a chuirtear isteach an t-iarratas ar éadáil.

An méid a dhéanfaidh CNIE a chinneadh, is éard a bheidh ann an tairseach is infheidhme chun athbhreithniú a dhéanamh ar éadáil fiontair Mheicsicigh. An tairseach ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh sí coibhéiseach, in *pesos* Mheicsiceo, le haon bhilliún dollar na Stát Aontaithe, agus ráta malairte oifigiúil an 5 Deireadh Fómhair 2015 á úsáid.

Gach bliain, déanfar an tairseach a choigeartú i gcomhréir le ráta fáis ainmniúil olltáirgeacht intíre Mheicsiceo, arna fhoilsiú ag an Institiúid Náisiúnta um Staidreamh agus Thíreolaíocht (Instituto Nacional de Estadística y Geografía).

I-MX-4

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Uile |
| Fo-earnáil: | |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 25.<br><br>Dlí Ginearálta na gCuideachtaí Comhoibríocha (Ley General de Sociedades Cooperativas), Teideal I agus Teideal II, Caibidil II.<br><br>An Dlí Feidearálach Saothair (Ley Federal del Trabajo), Teideal I.<br><br>An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Ní fhéadfaidh níos mó ná 10 % de na daoine nádúrtha atá páirteach i bhfiontar Meicsiceach um tháirgeadh comhoibríoch a bheith ina náisiúnaigh eachtracha.

I gcás infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontar, ní fhéadfaidh ach suas le 10 % den leas úinéireachta i bhfiontar Meicsiceach um tháirgeadh comhoibríoch a bheith ina seilbh acu.

Ní fhéadfaidh aon náisiúnaigh eachtracha feidhmeanna ginearálta riaracháin nó gníomhaíochtaí bainistíochta a dhéanamh san fhiontar sin.

Is éard is fiontar um tháirgeadh comhoibríoch ann fiontar a nascann a chomhaltaí a n-obair phearsanta, bíodh sin ina hobair fhisiciúil nó ina hobair intleachtúil, leis an gcuspóir táirgí nó seirbhísí a tháirgeadh.

I-MX-5

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Uile |
| Fo-earnáil: | |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí Feidearálach maidir le Micrithionscal agus Lámhcheardaíocht a Chothú (Ley Federal para el Fomento de la Microindustria y la Actividad Artesanal), Caibidlí I go IV. |

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta<br><br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha iarratas a dhéanamh ar cheadúnas (*cédula*) chun cáiliú mar fhiontar micrithionscail.<br><br>Ní fhéadfaidh fiontair mhicrithionscail Mheicsiceacha daoine eachtracha a bheith mar chomhpháirtithe acu.<br><br>Leis an Dlí Feidearálach maidir le Micrithionscal agus Lámhcheardaíocht a Chothú, déantar 'fiontar micrithionscail' a shainmhíniú mar fhiontar ina bhfuil suas le 15 oibrí comhtháthaithe, a bhíonn ag gabháil d'earraí a chlaochlú, agus nach sáraíonn a dhíolachán bliantúil an méid a chinneann SE go tréimhsiúil. |

I-MX-6

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Talmhaíocht, Beostoc, Foraoiseacht agus Gníomhaíochtaí Adhmaid |
| Fo-earnáil: | Talmhaíocht, Beostoc nó Foraoiseacht |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 1111 Talmhaíocht |
| | CMAP 1112 Beostoc agus Fiach (teoranta do bheostoc) |
| | CMAP 1200 Foraoiseacht agus Lománaíocht |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 27. |
| | An Dlí Talúntais (Ley Agraria), Teideal VI. |
| | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha nó fiontair Mheicsiceacha amháin talamh a bheith ina seilbh acu chun críoch talmhaíochta, beostoic nó foraoiseachta. Eiseoidh na fiontair sin cineál speisialta scaire (scair ‘T’) lena léireofar luach na talún sin tráth a héadála.

I gcás infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontar, ní fhéadfaidh siad ach suas le 49 % de na scaireanna ‘T’ a bheith ina seilbh acu.

I-MX-7

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Trádáil Mhiondíola |
| Fo-earnáil: | Díol Táirgí Neamhbhia i mBunaíochtaí Speisialaithe |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 623087 Trádáil Miondíola Arm Tine, Cartús agus Muinisean |
| | CMAP 612024 Trádáil Mórdhíola nach bhfuil Aicmithe in Áit Eile (teoranta d'airm thine, cartúis agus muinisin) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo agus ar fiontar é a bhíonn ag gabháil do phléascáin, airm thine, cartúis, armlón agus tinte ealaíne a dhíol, gan fáil agus úsáid pléascán le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus eastóscacha san áireamh, agus ullmhú meascán pléascach le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

I-MX-8

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Cumarsáid |
| Fo-earnáil: | Craoladh (raidió agus teilifís saorchraolta)[2] |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (teoranta do chumarsáid satailíte) |
| | CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (Gan Seirbhísí Feabhsaithe nó Breisluacha san Áireamh) |
| | CMAP 502003 Suiteálacha Teileachumarsáide |
| | CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (teoranta d'athdhíoltóirí) |
| | CMAP 941104 Léiriú agus Tarchur Príobháideach Clár Raidió (teoranta do léiriú agus tarchur clár craoltóireachta fuaime (raidió)) |

---

2 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(c) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(a) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), fágtar seirbhísí closamhairc as an áireamh ó raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

| | |
|---|---|
| | CMAP 941105 Seirbhísí Príobháideacha um Léiriú, Tarchur agus Atarchur Clár Teilifíse (teoranta do tharchur agus atarchur clár teilifíse saorchraolta) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 10.8) |
| | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stát Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 28 agus 32, agus an Cúigiú Foráil Idirthréimhseach. |
| | An Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión), Teideal IV, Caibidlí I, III agus IV; agus Teideal X, Caibidil II. |
| | An Dlí maidir le Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidil III. |

An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidlí II agus III.

Rialacháin a ghabhann leis an Dlí Infheistíochta Coigríche agus an Chlárlann Náisiúnta um Infheistíochtaí Coigríche (Reglamento de la Ley de Inversión Extranjera y del Registro Nacional de Inversiones Extranjeras), Teideal VI.

Treoirlínte Ginearálta maidir le Lamháltais a Dheonú dá dTagraítear i dTeideal a Ceathair den Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Lineamientos Generales para el otorgamiento de las concesiones a que se refiere el Título Cuarto de la Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión).

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

I gcomhréir lena gcuspóirí, ní dheonófar lamháltais aonair nó lamháltais bhanda minicíochta ach amháin do náisiúnaigh Mheicsiceacha nó d’fhiontair Mheicsiceacha atá comhdhéanta faoi dhlí Mheicsiceo.

Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfhiontair, féadfaidh siad rannpháirtíocht suas le 49 % a bheith acu i bhfiontair lamháltóra a mbíonn seirbhísí craolacháin á soláthar acu. Beidh feidhm ag an uas-tairseach rannpháirtíochta coigríche sin i gcomhréir leis an gcómhalartacht atá ann leis an tír ina bhfuil an t-infheisteoir nó trádálaí bunaithe, a rialóidh ar deireadh í.

Chun críocha na míre thuas, tá tuairim fhabhrach faoi CNIE ina ceanglas sula ndeonófar an lamháltas aonair maidir le seirbhísí craolacháin a sholáthar ina mbeidh infheistíocht choigríche páirteach.

Ní fhéadfar aon lamháltas, na cearta a thugtar leis, saoráidí, seirbhísí cúnta, oifigí nó gabhálais, ná réadmhaoine a ndéantar difear dóibh ina leith, a shannadh, a chur faoi eire, a chur i ngeall, a thabhairt ar iontaobhas, a chur faoi mhorgáiste, ná a aistriú go hiomlán nó go páirteach chuig aon rialtas nó stát eachtrach, faoi aon chúinse.

Lamháltais a bhfuil úsáid dhúchasach shóisialta leo, deonófar iad do phobail dhúchasacha Mheicsiceo, agus é ina chuspóir dóibh teangacha, cultúr, eolas, traidisiúin, féiniúlacht agus rialacha inmheánacha na bpobal sin a chur chun cinn, ar nithe iad a chumasaíonn, i gcomhréir le prionsabal an chomhionannais inscne, comhtháthú ban dúchasach i mbaint amach na gcuspóirí ar deonaíodh an lamháltas ina leith.

Ráthóidh Meicsiceo go gcuirfidh an craolachán luachanna na féiniúlachta náisiúnta chun cinn. Úsáidfidh agus spreagfaidh na lamháltóirí craolacháin luachanna ealaíonta áitiúla agus náisiúnta an chultúir Mheicsicigh, i gcomhréir le saintréithe a gclársceidealaithe. I gcás cláir laethúla ina bhfuil léirithe pearsanta, áireofar leo níos mó ama á chumhdach ag náisiúnaigh Mheicsiceacha.

I-MX-9

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Cumarsáid |
| Fo-earnáil: | Teileachumarsáid (lena n-áirítear athdhíoltóirí agus seirbhís shrianta teilifíse agus fuaime) |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile |
| | CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (gan seirbhísí feabhsaithe nó breisluacha san áireamh) |
| | CMAP 502003 Suiteáil Teileachumarsáide |
| | CMAP 720006 Seirbhísí Teileachumarsáide Eile (teoranta d'athdhíoltóirí) |
| | CMAP 502004 Suiteálacha Speisialta Eile |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) |
| | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |

| | |
|---|---|
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 28 agus 32.<br><br>An Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión), Teideal IV, Caibidlí I, III agus IV; Teideal IV, Caibidil X; agus Teideal V, Caibidil I.<br><br>An Dlí maidir le Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación).<br><br>An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II.<br><br>Rialacháin a ghabhann leis an Dlí Infheistíochta Coigríche agus an Chlárlann Náisiúnta um Infheistíochtaí Coigríche (Reglamento de la Ley de Inversión Extranjera y del Registro Nacional de Inversiones Extranjeras), Teideal VI. |

Treoirlínte Ginearálta maidir le Lamháltais a Dheonú dá dTagraítear i dTeideal a Ceathair den Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Lineamientos Generales para el otorgamiento de las concesiones a que se refiere el Título Cuarto de la Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión).

Rialacha de chineál ginearálta lena mbunaítear na téarmaí agus na ceanglais maidir le húdaruithe teileachumarsáide a dheonú arna leagan síos sa Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Reglas de carácter general que establecen los plazos y requisitos para el otorgamiento de autorizaciones en material de telecomunicaciones establecidas en la Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión).

Treoirlínte Ginearálta maidir le hÚdarú chun Speictream Raidió a Chur Amach ar Léas (Lineamientos Generales sobre la Autorización de Arrendamiento del Espectro Radioeléctrico).

Treoirlínte maidir leis an gClárú Údaraithe a dheonú, le haghaidh úsáid agus forbairt bhandaí minicíochta na speictream raidió lena n-úsáid ar bhonn tánaisteach (Lineamientos para el otorgamiento de la Constancia de Authorización, para el uso y aprovechamiento de bandas de frecuencias del espectro radioeléctrico para uso secundario).

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

I gcomhréir lena gcuspóirí, ní dheonófar lamháltais aonair nó lamháltais bhanda minicíochta ach amháin do náisiúnaigh Mheicsiceacha nó d'fhiontair Mheicsiceacha atá comhdhéanta faoi dhlí Mheicsiceo.

Lamháltais a bhfuil úsáid dhúchasach shóisialta leo, deonófar iad do phobail dhúchasacha Mheicsiceo, agus é ina chuspóir dóibh teangacha, cultúr, eolas, traidisiúin, féiniúlacht agus rialacha inmheánacha na bpobal sin a chur chun cinn, ar nithe iad a chumasaíonn, i gcomhréir le prionsabal an chomhionannais inscne, comhtháthú ban dúchasach i mbaint amach na gcuspóirí ar deonaíodh an lamháltas ina leith.

Lamháltais a bhfuil úsáid dhúchasach shóisialta leo, deonófar iad do phobail dhúchasacha Mheicsiceo gan aon chineál infheistíochta coigríche.

Ní fhéadfar aon lamháltas, na cearta a thugtar leis, saoráidí, seirbhísí cúnta, oifigí nó gabhálais, ná réadmhaoine a ndéantar difear dóibh dá bharr, a shannadh, a chur faoi eire, a chur i ngeall, a thabhairt ar iontaobhas, a chur faoi mhorgáiste, ná a aistriú go hiomlán nó go páirteach chuig aon rialtas nó stát eachtrach, faoi aon chúinse.

Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha nó fiontair Mheicsiceacha a bhunaítear faoi dhlí Mheicsiceo údarú a fháil chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar mar athdhíoltóir gan bheith ina lamháltóir.

Faoi na Treoirlínte Ginearálta maidir le hÚdarú chun Speictream Raidió a Chur Amach ar Léas, aon chuideachta ar mian léi a bheith ina léasaí bandaí minicíochta, is gá di lamháltas aonair le haghaidh úsáid tráchtála nó lamháltas aonair le haghaidh úsáid phríobháideach a fháil.

Iarrthóirí ar údarú chun bandaí minicíochta speictream raidió a úsáid ar bhonn tánaisteach, is gá dóibh seoladh dlíthiúil a cheapadh i gCathair Mheicsiceo.

I-MX-10

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Cumarsáid |
| Fo-earnáil: | Iompar |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 7100 Iompar |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidil IV.<br><br>Dlí Rialaitheach na Seirbhíse Iarnróid (Ley Reglamentaria del Servicio Ferroviario), Caibidil II, Roinn III.<br><br>An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidil III, Roinn III.<br><br>Dlí na nAerfort (Ley de Puertos), Caibidil IV. |

An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III.

An Dlí maidir le Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí III agus V.

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta |
| | Ní fhéadfaidh aon rialtas ná stát eachtrach infheistiú, go díreach nó go hindíreach, i bhfiontair Mheicsiceacha a bhíonn ag gabháil d’iompar agus do mhodhanna ginearálta cumarsáide eile. |

I-MX-11

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar Talamh agus Iompar ar Uisce |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 501421 Tógáil Oibreacha Muirí agus Abhann<br><br>CMAP 501422 Tógáil Oibreacha Bóthair agus Oibreacha le haghaidh Iompar ar Talamh |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)<br><br>Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.<br><br>An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III. |

Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidil IV.

An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal I, Caibidil II.

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun oibreacha muirí nó abhann a thógáil agus a oibriú, nó chun iad a oibriú agus é sin amháin.

Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas freisin chun droichid agus bóithre feidearálacha a thógáil, a oibriú, a shaothrú, a chaomhnú nó a chothabháil.

Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha na lamháltais sin a fháil.

I-MX-12

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Fuinneamh |
| Fo-earnáil: | Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Ola agus Hidreacarbón Eile.<br><br>Hidreacarbóin, táirgí peitriliam agus peitriceimiceáin a iompar, a chóireáil, a scagadh, a phróiseáil, a stóráil, a dháileadh, a chomhbhrú, a leachtú, a dhí-chomhbhrú, a athghású, a dhíol leis an bpobal agus a thráchtálú, chomh maith le húsáideoirí na dtáirgí agus na seirbhísí sin.<br><br>Onnmhairiú agus allmhairiú hidreacarbón agus táirgí peitriliam. |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)<br><br>Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)<br><br>Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |

Bearta: Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 25, 27 agus 28.

Foraithne lena leasaítear agus lena bhforlíontar forálacha éagsúla de Bhunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le Fuinneamh (Decreto por el que se reforman y adicionan diversas disposiciones de la Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos, en materia de energía), arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 31 Deireadh Fómhair 2024.

Dlí na hEarnála Hidreacarbón (Ley del Sector de Hidrocarburos), Airteagail 1, 4, 6, 10 go 14, 17, 22, 24, 25, 26, 27, 31, 37 go 44, 54, 55, 56, 58, 65, 69, 74, 76, 82, 95, 96, 110, 118, 151, 153, 158, 162 agus 163.

An Dlí um Thrádáil Eachtrach (Ley de Comercio Exterior).

An Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, Petróleos Mexicanos (Ley de la Empresa Pública del Estado, Petróleos Mexicanos), Airteagail 2, 8, 10, 11, 62, 65 agus 79.

Rialacháin maidir leis an Dlí um Hidreacarbóin (Reglamento de la Ley de Hidrocarburos), Airteagail 8, 9, 14, 16, 36, 37, 61, 92, 95, 96.

Rialachán maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i dTeideal a Trí den Dlí um Hidreacarbóin (Reglamento de las actividades a que se refiere el Título Tercero de la Ley de Hidrocarburos), Airteagal 51.

Modheolaíocht maidir le Tomhas an Ábhair Náisiúnta i dTeidlíochtaí agus i gConarthaí Taiscéalaíochta agus Táirgeachta Hidreacarbón, agus ceadanna sa Tionscal Hidreacarbón arna n-eisiúint ag an Aireacht Geilleagair (Metodología para la Medición del Contenido Nacional en Asignaciones y Contratos para la Exploración y Extracción de Hidrocarburos, así como para los permisos en la Industria de Hidrocarburos, emitida por la Secretaría de Economía).

Comhaontú lena leagtar síos luachanna 2015 agus 2025 an ábhair náisiúnta sna gníomhaíochtaí Taiscéalaíochta agus Eastósctha Hidreacarbón i ndomhainuiscí agus i rídhomhainuiscí, arna eisiúint ag an Aireacht Geilleagair, arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 29 Márta 2016 (Acuerdo por el que se establecen los valores para 2015 y 2025 de contenido nacional en las actividades de Exploración y Extracción de Hidrocarburos en aguas profundas y ultra profundas, emitidos por la Secretaría de Economía).

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Is ag an Náisiún atá úinéireacht dhíreach, dhoshannta agus dhochloíte gach hidreacarbóin i bhfo-ithir a chríche, lena n-áirítear an scairbh ilchríochach agus an limistéar eacnamaíoch eisiach atá suite lasmuigh den fharraige theorann agus lena taobh, i sraitheanna nó i bhfosuithe, gan beann ar a riocht fisiceach. Ní dhéanfaidh ach amháin an Náisiún taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón, trí theidlíochtaí nó trí chonarthaí. Na conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, sonrófar iontu i gcónaí gur maoin an Náisiúin iad na hidreacarbóin atá san fho-ithir.

Féadfaidh SENER teidlíochtaí a bhronnadh ar PEMEX chun hidreacarbóin a thaiscéaladh agus a tháirgeadh.

Chun na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na teidlíochtaí le haghaidh féinfhorbartha a dhéanamh, ní dhéanfaidh PEMEX conarthaí seirbhísí a fhorghníomhú ach amháin le páirtithe príobháideacha. Maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na teidlíochtaí le haghaidh forbairt mheasctha, forghníomhóidh PEMEX conarthaí measctha le páirtithe príobháideacha, le céatadán de leas rannpháirtíochta PEMEX nach lú ná daichead faoin gcéad.

Leagfaidh SENER síos an tsamhail chonartha chuí le haghaidh gach limistéir chonarthaigh a ghabhfaidh do phróiseas tairisceana, agus a mbronnfar conradh air i gcomhréir leis an dlí; féadfaidh sé an tsamhail sin a roghnú as measc samhlacha conartha eile amhail seirbhísí, roinnt bhrabúis, roinnt táirgeachta nó ceadúnais. I gcás conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, féadfaidh PEMEX comhghuaillíochtaí nó comhlachais a dhéanamh chun páirt a ghlacadh i bpróisis tairisceana, ach ní fhéadfaidh sé conarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí a dhéanamh le páirtithe príobháideacha.

Féadfaidh SENER rannpháirtíocht dhíreach a bhunú le haghaidh PEMEX sna conarthaí maidir le taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón. Bunóidh SENER rannpháirtíocht éigeantach PEMEX sna conarthaí maidir le taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón i gcás ina bhfuil an fhéidearacht ann taiscumar trasteorann a aimsiú.

Ní dhéanfar aon phróiseas tairisceana i gcás conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe le haghaidh Gás Nádúrtha le haghaidh féintomhaltais atá i síoga guail agus a bhíonn á dtáirgeadh acu, mar go bhféadfar na conarthaí sin a bhronnadh go díreach ar na sealbhóirí lamháltas mianadóireachta.

Leis na gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe hidreacarbón a dhéantar sa chríoch náisiúnta trí theidlíochtaí agus trí chonarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, ní mór sprioc a chomhlíonadh maidir le híoschéatadán ábhair náisiúnta ar an meán. An sprioc seo maidir le meán an ábhair náisiúnta, ní chuirfear san áireamh léi taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón i dtionscadail domhainuisce agus rídhomhainuisce, mar go bhfuil ceanglais dhifriúla acu maidir le hábhar náisiúnta arna leagan síos ag SE faoi réir thuairim SENER, agus saintréithe na ngníomhaíochtaí sin á meas.

Leis an sainordú thuasluaite, ní mór an mhodheolaíocht a bhunaigh an

Aireacht Geilleagair a chomhlíonadh, agus ní mór a chur san áireamh nach ndéanfaidh sé difear do staid iomaíoch PEMEX ná aon fhiontair tháirgiúil stáit eile ná aon ghníomhaireachta eacnamaíoch a bhfuil taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón á bhforbairt acu.

Bunóidh an Feidhmeannas Feidearálach zóin chosanta sna limistéir ina gcinneann an Stát gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe a thoirmeasc, limistéir atá difriúil leis na limistéir nádúrtha faoi chosaint, nach féidir teidlíochtaí agus conarthaí a bhronnadh iontu.

Laistigh de na coinníollacha maidir le teidlíochtaí agus conarthaí taiscéalaíochta agus táirgthe, agus sna ceadanna, cuirfidh Rialtas Mheicsiceo san áireamh gur cheart tosaíocht a thabhairt, más ionann na cúinsí ó thaobh praghsanna, cáilíochta agus seachadadh tráthúil de, d’earraí náisiúnta a cheannach agus do sheirbhísí náisiúnta a fháil ar conradh, lena n-áirítear oiliúint agus earcú náisiúnach Meicsiceach, ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal bainistíochta araon.

Chun gabháil do ghníomhaíochtaí dhromchlacha taiscéalaíochta agus aitheanta, tá údarú arna eisiúint ag SENER ina cheanglas, rud nach ndeonófar cearta leis chun taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón a dhéanamh. Daoine a bhfuil teidlíocht nó conradh taiscéalaíochta agus táirgthe faighte acu, ní gá dóibh údarú a bheith acu le haghaidh taiscéalaíocht dhromchlach agus aitheantais sna limistéir a chumhdaítear leis an teidlíocht nó conradh taiscéalaíochta agus táirgthe.

Bunóidh SENER nó CNE na samhlacha ceadanna le haghaidh iompar, cóireáil, scagadh, próiseáil, stóráil, dáileadh, comhbhrú, leachtú, dí-chomhbhrú, athghású, díol leis an bpobal, tráchtálú, foirmliú agus seoladh le haghaidh féintomhaltas hidreacarbón (lena n-áirítear gás nádúrtha), táirgí peitriliam nó gáis nádúrtha (lena n-áirítear gásailín agus díosal), agus peitriceimiceán, de réir mar is iomchuí, chomh maith le bainistiú Córas Comhtháite, agus é á chur san áireamh go mbeidh fiontar ionchorpraithe faoi dhlí Mheicsiceo ag sealbhóirí ceadanna agus go mbeidh sainchónaí orthu i Meicsiceo. Na ceadúnais chun hidreacarbóin agus táirgí peitriliam nó gáis nádúrtha a onnmhairiú agus a allmhairiú, eiseofar iad i gcomhréir leis an Dlí maidir le Trádáil Eachtrach (Ley de Comercio Exterior), dlí a chuireann ceangal ar shealbhóirí ceadúnais fiontar a bheith corpraithe acu faoi dhlí Mheicsiceo agus sainchónaí a bheith orthu i Meicsiceo.

I-MX-13

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Fuinneamh |
| Fo-earnáil: | |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 623090 Trádáil Miondíola Earraí agus Earraí eile Nach nAicmítear in Ait ar Bith Eile (bithbhreosla) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Bithbhreoslaí (Ley de Biocombustibles), Airteagal 19. |
| Tuairisc: | Infheistíocht |
| | Bunóidh SE an mhodheolaíocht chun méid an ábhair náisiúnta i mbithmhais a thomhas, le haghaidh úsáid dhíreach mar bhithbhreoslaí nó chun bithbhreoslaí a tháirgeadh, chomh maith lena fhíorú. |

I-MX-14

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Fuinneamh |
| Fo-earnáil: | Leictreachas |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)<br><br>Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)<br><br>Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 25, 27 agus 28<br><br>Foraithne lena leasaítear agus lena bhforlíontar forálacha éagsúla de Bhunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le Fuinneamh (Decreto por el que se reforman y adicionan diversas disposiciones de la Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos, en materia de energía), arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 31 Deireadh Fómhair 2024. |

Dlí na hEarnála Leictrí (Ley del Sector Eléctrico), Airteagail 1, 2, 4, 10, 12, 13, 39, 40, 44, 61, 108, 109, 132, agus 151..

An Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, an Coimisiún Feidearálach Leictreachais (Ley de la Empresa Pública del Estado, Comisión Federal de Electricidad), Airteagail 8, 65 agus 81.

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Baineann pleanáil agus rialú an chórais leictreachais náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagail 25, 27 agus 28 den Bhunreacht, chomh maith leis an tSeirbhís Phoiblí um tharchur agus dáileadh leictreachais, go heisiach leis an Náisiún; ní dheonófar lamháltais sna gníomhaíochtaí sin.

An tseirbhís phoiblí lena ndéantar leictreachas a tharchur agus a dháileadh, féadfaidh an fiontar poiblí stáit conradh a dhéanamh le heintitis phríobháideacha chun an bonneagar a bhfuil gá leis le haghaidh na seirbhíse sin a shuiteáil, a chothabháil agus a leathnú, i measc nithe eile.

Ní mór do SE an mhodheolaíocht a bhunú chun méid an ábhair náisiúnta in earnáil an leictreachais a thomhas.

Féadfaidh SENER, i dtuairim SE, a shuíomh, sna himthosca céanna, lena n-áirítear comhionannas praghsanna, cáilíocht agus seachadadh tráthúil, go dtabharfaidh conarthaí an fhiontair phoiblí stáit a bhaineann le tionscadail bhonneagair a fhorbairt, infheistíocht mheasctha agus iad siúd a eascraíonn as na sásraí chun fuinneamh agus táirgí gaolmhara a leithdháileadh arna ndéanamh ag rannpháirtithe earnáil an leictreachais tús áite d’fháil earraí náisiúnta, agus do chonraitheoireacht seirbhísí de thionscnamh náisiúnta, lena n-áirítear oiliúint agus fruiliú, ar leibhéal teicniúil agus bainistíochta, daoine de náisiúntacht Mheicsiceo.

I gcás ina gceadófar don earnáil phríobháideach páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile de chuid an tionscail leictreachais, ní cheadófar di, faoi aon chúinse, tosaíocht a bheith aici ar fhiontar poiblí de chuid an stáit, arb é atá de chúram uirthi go bunúsach, a freagracht shóisialta a chomhlíonadh agus leanúnachas agus inrochtaineacht na seirbhíse leictreachais poiblí a dheimhniú.

Ní mór don fhiontar poiblí stáit caoga a ceathair faoin gcéad ar a laghad den mheánfhuinneamh a instealltar san eangach i mbliain féilire a choinneáil ar bun.

Féadfaidh an earnáil phríobháideach a bheith rannpháirteach sa phróiseas giniúna cumhachta leictrí trí scéimeanna infheistíochta measctha, ar scéimeanna iad nach mór don fhiontar poiblí stáit rannpháirtíocht dhíreach nó indíreach a bheith aige ina leith de chaoga a ceathair faoin gcéad ar a laghad sa tionscadal.

Ní féidir ach leis an bhfiontar poiblí stáit an soláthar bunúsach leictreachais a sholáthar, ar an bpraghas is ísle is féidir.

Maidir leis na gníomhaíochtaí corparáide ar fad eile atá ag CFE agus a fho-fhiontair tháirgiúla, i gcomhréir le dlí CFE, eiseoidh an Bord Stiúrthóirí rialacháin maidir le seirbhísí a éadáil, a léasú agus a chonrú, agus oibreacha a dhéanamh. I measc nithe eile, féadfaidh an Bord íoschéatadáin ábhair náisiúnta a cheangal i gcomhréir le cineál na conraitheoireachta, leis an rialachán um tharaifí agus leis na conarthaí idirnáisiúnta a bhfuil Meicsiceo ina shínitheoir ina leith.

Na ceadúnais uile a dheonófar faoi Dhlí an Tionscail Leictreachais, is é CNE a dheonóidh iad. Ní mór do na sealbhóirí ceadúnais a bheith ina ndaoine nádúrtha nó ina bhfiontair atá corpraithe faoi aoi dhlí Mheicsiceo.

I-MX-15

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Fuinneamh |
| Fo-earnáil: | Hidreacarbóin agus Táirgí Peitriliam (soláthar breosla agus bealaí le haghaidh aerárthaí, long agus trealamh iarnróid) |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta<br><br>Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, féadfaidh seilbh a bheith acu ar suas le 49 % de leas úinéireachta fiontair Mheicsicigh a sholáthraíonn breosla agus bealaí le haghaidh soithí agus trealamh iarnróid, chomh maith le breoslaí eitlíochta chuig an soláthar breosla aerárthaigh. |

I-MX-16

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Clódóireacht, Eagarthóireacht agus Tionscail Ghaolmhara |
| Fo-earnáil: | Foilsiú nuachtán |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 342001 Nuachtáin, Irisí agus Tréimhseacháin a fhoilsiú (teoranta do nuachtáin) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.<br><br>Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a bhíonn ag gabháil do phriontáil nó d’fhoilsiú nuachtán laethúil a scríobhtar le haghaidh lucht spéise Meicsiceach go príomha, agus a dháiltear i gcríoch Mheicsiceo.

Chun críocha na hiontrála seo, is éard is nuachtáin laethúla ann nuachtáin nach ndáiltear saor in aisce agus a fhoilsítear 7 lá sa tseachtain.

I-MX-17

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Monarú Earraí |
| Fo-earnáil: | Pléascáin, tinte ealaíne, airm thine agus cartúis |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 352236 Monarú Pléascán agus Tinte Ealaíne |
| | CMAP 382208 Monarú Tinte Ealaíne agus Cartús |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a mhonaraíonn pléascáin, tinte ealaíne, airm thine, cartúis agus muinisean, gan ullmhú meascán pléascach le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus eastóscacha san áireamh.

I-MX-18

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iascaireacht |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 1300 Iascaireacht |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 11.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32. |
| | An Dlí Ginearálta um Iascaireacht agus Dobharshaothrú Inbhuanaithe (Ley General de Pesca y Acuacultura Sustentables), Teideal a Sé, Caibidil IV; agus Teideal a Seacht, Caibidil II. |

An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal I, Caibidil I; Teideal II, Caibidil IV; agus Teideal a Trí, Caibidil II.

Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidlí I, IV agus VI.

Rialachán a ghabhann leis an Dlí Iascaireachta (Reglamento de la Ley de Pesca), Teideal a Dó, Caibidil I; agus Caibidil II, Séú Roinn.

Tuairisc: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Chun gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta, tá ceadúnas ina cheanglas, arna eisiúint ag SAGARPA tríd an gCoimisiún Náisiúnta um Dhobharshaothrú agus Iascaireacht (Comisión Nacional de Acuacultura y Pesca); nó ag SCT, laistigh de raon feidhme a inniúlachta.

Tá ceadúnas arna eisiúint ag SAGARPA ina cheanglas chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh, amhail jabanna iascaireachta a bhfuil gá leo mar údar le hiarratais ar lamháltas, agus trealamh seasta iascaireachta a shuiteáil in uiscí feidearálacha. Mar rogha thosaíochta, tabharfar an ceadúnas sin do chónaitheoirí i bpobail áitiúla. I gcúinsí coibhéiseacha, tabharfar tosaíocht d’iarratais pobal dúchasach.

Tá údarú arna eisiúint ag SCT ina cheanglas ar shoithí faoi bhratach eachtrach chun seirbhísí dreidireachta a sholáthar.

Tá údarú arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí calafoirt a bhaineann leis an iascaireacht a sholáthar, amhail oibríochtaí lódála agus soláthar do shoithí, trealamh cumarsáide a chothabháil, oibreacha leictreachais, bailiú dramhaíola agus diúscairt camrais. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.

I-MX-19

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iascaireacht |
| Fo-earnáil: | Iascaireacht |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 130011 Báid Iascaireachta ar an Mórmhuir<br><br>CMAP 130012 Iascaireacht Chósta<br><br>CMAP 130013 Iascaireacht Fionnuisce |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí Ginearálta um Iascaireacht agus Dobharshaothrú Inbhuanaithe (Ley General de Pesca y Acuacultura Sustentables), Teideal VI, Caibidil IV; Teideal VII, Caibidil I; Teideal XIII, Caibidil Uathúil; agus Teideal XIV, Caibidlí I, II agus III.<br><br>An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal II, Caibidil I.<br><br>An Dlí Feidearálach Mara (Ley Federal del Mar), Teideal I, Caibidlí I agus III. |

An Dlí um Uiscí Náisiúnta (Ley de Aguas Nacionales), Teideal I agus Teideal IV, Caibidil I.

An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.

Rialachán a ghabhann leis an Dlí Iascaireachta (Reglamento de la Ley de Pesca), Teideal I, Caibidil I; Teideal II, Caibidlí I, III go VI; agus Teideal III, Caibidlí III agus IV.

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Infheisteoirí de chuid an Aontais nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a dhéanann iascaireacht chósta, iascaireacht fionnuisce agus iascaireacht sa limistéar eacnamaíoch eisiach, gan dobharshaothrú san áireamh.

Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a dhéanann iascaireacht ar an mórmhuir.

I-MX-20

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí Oideachais |
| Fo-earnáil: | Scoileanna príobháideacha |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 921101 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais Réamh-Bhunscoile<br>CMAP 921102 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais Bunscoile<br>CMAP 921103 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais Meánscoile<br>CMAP 921104 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais Ardscoile<br>CMAP 921105 Seirbhísí Príobháideacha Ardoideachais<br>CMAP 921106 Seirbhísí Príobháideacha Oideachais lena gComhcheanglaítear na Leibhéil Réamh-Scoile, Bhunscoile, Mheánscoile, Ardscoile agus Ardoideachais |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |

| | |
|---|---|
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.<br><br>An Dlí um Chomhordú an Ardoideachais (Ley para la Coordinación de la Educación Superior), Caibidil II.<br><br>An Dlí Ginearálta um an Oideachas (Ley General de Educación), Caibidil III. |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta<br><br>Tá gá le réiteach fabhrach ó CNIE le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a sholáthraíonn seirbhísí príobháideacha oideachais ag na leibhéil réamh-scoile, bhunscoile, mheánscoile, ardscoile agus ardoideachais, nó seirbhísí príobháideacha comhcheangailte oideachais. |

I-MX-21

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí leighis |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 9231 Seirbhísí Leighis, Déidliachta agus Tréidliachta arna soláthar ag an Earnáil Phríobháideach (teoranta do sheirbhísí leighis) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí Feidearálach Saothair (Ley Federal del Trabajo), Caibidil I. |
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha atá ceadúnaithe mar dhochtúirí i gcríoch Mheicsiceo seirbhísí leighis intí a sholáthar i bhfiontair Mheicsiceacha. |

I-MX-22

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe |
| Fo-earnáil: | Pearsanra speisialaithe |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 951012 Seirbhísí Custam agus Gníomhaireachtaí Ionadaíocha |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí Custam (Ley Aduanera), Teideal II, Caibidlí I agus III, agus Teideal VII, Caibidil I.<br><br>An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II. |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh a rugadh i Meicsiceo a bheith ina ngníomhairí custaim. |

Ní fhéadfaidh ach gníomhairí custaim atá ag gníomhú mar choinsínithe nó ionadaithe dlíthiúla (*mandatarios*) allmhaireora nó onnmhaireora, chomh maith le sannaithe na ngníomhairí custaim, na foirmiúlachtaí a dhéanamh a bhaineann le himréiteach custaim earraí an allmhaireora nó onnmhaireora sin.

Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó bhfiontair, ní fhéadfaidh siad a bheith páirteach, go díreach ná go hindíreach, i ngníomhaireacht gníomhaire custaim.

I-MX-23

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí speisialaithe (Nótaire Poiblí Tráchtála) |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) |
| | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí Feidearálach maidir le Nótaire Poiblí Tráchtála (Ley Federal de Correduría Pública), Airteagail 7, 8, 12 agus 15. |
| | Rialachán a ghabhann leis an Dlí Feidearálach maidir le Nótaire Poiblí Tráchtála (Reglamento de la Ley Federal de Correduría Pública), Caibidlí I agus II, Ranna I agus II. |
| | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Ní fhéadfaidh ach náisiúnach a rugadh i Meicsiceo a bheith ina nótaire poiblí (corredor público).

Ní fhéadfaidh nótaire poiblí tráchtála cleamhnacht ghnó a bheith aige le haon duine chun seirbhísí nótaire poiblí tráchtála a sholáthar.

Ní mór do nótairí poiblí tráchtála oifig a bhunú san áit ina bhfuil siad údaraithe le cleachtadh.

Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha a bhfuil clásal eisiaimh eachtrach acu an ceadúnas sin a fháil.

I-MX-24

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí gairmiúla |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 951002 Seirbhísí Dlí (lena n-áirítear sainchomhairleoireacht dlí eachtrach) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)<br><br>Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Dlí Rialaitheach Airteagal 5 den Bhunreacht a bhaineann le Cleachtadh Gairmeacha sa Cheantar Feidearálach (Ley Reglamentaria del Artículo 5º Constitucional, relativo al Ejercicio de las Profesiones en el Distrito Federal), Caibidil III, Roinn III; agus Caibidil V.<br><br>An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a sholáthraíonn seirbhísí dlí.

In éagmais conradh idirnáisiúnta maidir leis an gceist, ní fhéadfaidh náisiúnaigh eachtracha gabháil do chleachtadh gairmiúil ach amháin faoi réir cómhalartachta in áit chónaithe an iarratasóra, agus faoi réir chomhlíonadh na gceanglas eile atá bunaithe i ndlí Mheicsiceo.

Ach amháin mar a fhoráiltear san iontráil seo, ní fhéadfaidh ach dlíodóirí atá ceadúnaithe i Meicsiceo leas úinéireachta a bheith acu i gnólacht dlí atá bunaithe i gcríoch Mheicsiceo.

Dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh san Aontas Eorpach, beidh cead acu comhpháirtíocht a chur ar bun le dlíodóirí atá ceadúnaithe i Meicsiceo.

An líon dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh san Aontas Eorpach agus a fhónann mar chomhpháirtithe i ngnólacht dlí i Meicsiceo, ní fhéadfaidh an líon sin líon na ndlíodóirí a shárú atá ceadúnaithe i Meicsiceo agus a fhónann mar chomhpháirtithe an ghnólachta dlí sin. Dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh san Aontas Eorpach, féadfaidh siad cleachtadh agus comhairliúcháin dlí a sholáthar maidir le dlí Mheicsiceo, i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais chun cleachtadh mar dhlíodóir i Meicsiceo.

Gnólacht dlí arna bhunú ag comhpháirtíocht dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh san Aontas Eorpach, agus dlíodóirí atá ceadúnaithe chun cleachtadh i Meicsiceo, féadfaidh siad dlíodóirí a earcú atá ceadúnaithe i Meicsiceo mar fhostaithe.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an iontráil seo maidir le soláthar seirbhísí comhairleacha dlí sa dlí eachtrach agus sa dlí idirnáisiúnta, ar bhonn daoine a eitilt isteach nó amach go sealadach ná trí theicneolaíocht ar líne nó teicneolaíocht teileachumarsáide a úsáid, agus, i ndáil leis an dlí eachtrach agus idirnáisiúnta amháin, níl feidhm aici maidir le headráin agus idir-réiteach dlíthiúil nó seirbhísí eadrána arna gcur ar fáil ag dlíodóirí eachtracha.

I-MX-25

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí gairmiúla |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 9510 Soláthar Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe (teoranta do sheirbhísí gairmiúla) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 11.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Dlí Rialaitheach Airteagal 5 den Bhunreacht a bhaineann le Cleachtadh Gairmeacha i gCathair Mheicsiceo (Ley Reglamentaria del Artículo 5º Constitucional, relativo al Ejercicio de las Profesiones en el Distrito Federal), Caibidil III, Roinn III, agus Caibidil V. |

Rialacháin a ghabhann le Dlí Rialaitheach Airteagal 5 den Bhunreacht a bhaineann le Cleachtadh Gairmeacha sa Cheantar Feidearálach (Ley Reglamentaria del Artículo 5º Constitucional, relativo al Ejercicio de las Profesiones en el Distrito Federal), Caibidil III.

An Dlí Ginearálta maidir leis an Daonra (Ley General de Población), Caibidil III.

Tuairisc: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

De bhun na gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha a bhfuil Meicsiceo ina chomhpháirtí iontu; féadfaidh náisiúnaigh eachtracha gairmeacha a chleachtadh i gCathair Mheicsiceo ar gairmeacha iad a leagtar amach i nDlí Rialaitheach Airteagal 5 den Bhunreacht a bhaineann le Cleachtadh Gairmeacha i gCathair Mheicsiceo.

In éagmais conradh idirnáisiúnta maidir leis an gceist, ní fhéadfaidh náisiúnaigh eachtracha gabháil do chleachtadh gairmiúil ach amháin faoi réir cómhalartachta in áit chónaithe an iarratasóra, agus faoi réir chomhlíonadh na gceanglas eile atá bunaithe i ndlí Mheicsiceo.

I-MX-26

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí Reiligiúnacha |
| Fo-earnáil: | |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 929001 Seirbhísí Eagraíochtaí Reiligiúnacha |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)<br><br>Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Comhlachais Reiligiúnacha agus an Dlí maidir le hAdhradh Poiblí (Ley de Asociaciones Religiosas y Culto Público), Teideal II, Caibidlí I agus II. |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Ní mór d’ionadaithe comhlachas reiligiúnach i Meicsiceo a bheith ina náisiúnaigh Mheicsiceacha. |

Is comhlachais iad comhlachais reiligiúnacha a chomhdhéanfar i gcomhréir leis na Comhlachais Reiligiúnacha agus leis an Dlí maidir le hAdhradh Poiblí.

Ní mór do chomhlachais reiligiúnacha clárú os comhair an Aire Gnóthaí Inmheánacha (Secretaría de Gobernación, SEGOB). Chun clárú, ní mór don chomhlachas reiligiúnach a bheith bunaithe i Meicsiceo.

I-MX-27

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí talmhaíochta |
| Fo-earnáil: | |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 971010 Soláthar Seirbhísí Talmhaíochta |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| | Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32. |
| | An Dlí Feidearálach um Fholláine Plandaí (Ley Federal de Sanidad Vegetal), Teideal II, Caibidil IV. |
| | Rialachán a ghabhann le Dlí Fíteashláintíochta Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Reglamento de la Ley de Sanidad Fitopecuaria de los Estados Unidos Mexicanos), Caibidil VII. |

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |
| | Tá lamháltas arna dheonú ag SAGARPA ina cheanglas chun lotnaidicídí a spraeáil. |
| | Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil. |

I-MX-28

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Aeriompar |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 384205 Monarú, Cóimeáil agus Deisiú Aerárthaí (teoranta do dheisiú aerárthaí) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidil III, Roinn II.<br><br>An Rialachán um Eitlíocht Shibhialta (Reglamento de la Ley de Aviación Civil), Caibidil VII. |

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun saoráid deisithe aerárthaí agus ionaid le haghaidh teagasc agus oiliúint pearsanra a bhunú agus a oibriú, nó a oibriú agus a shaothrú.<br><br>Chun an ceadúnas sin a fháil, is gá don pháirtí leasmhar a chruthú gur i Meicsiceo atá sainchónaí na saoráidí deisithe aerárthaí agus na n-ionad le haghaidh teagasc agus oiliúint pearsanra. |

I-MX-29

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Aeriompar[3] |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 973302 Seirbhísí Bainistíochta Aerfoirt agus Héileapoirt |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32. |
| | An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I, II agus III. |
| | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. |

[3] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(e) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(g) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), níl aersheirbhísí, nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí, san áireamh i raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidlí I agus IV.

Dlí na nAerfort (Ley de Puertos), Caibidil III.

Rialachán a ghabhann leis an Dlí na nAerfort (Reglamento de la Ley de Pesca), Teideal II, Caibidlí I, II agus III.

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tá gá le lamháltas arna dheonú ag SCT chun aerfoirt agus héileapoirt a thógáil agus a oibriú, nó a oibriú. Ní fhéadfaidh ach fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.

Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, atá ina lamháltóir nó ina cheadúnaí aerpháirceanna le haghaidh seirbhís phoiblí.

Agus cinneadh á dhéanamh aige, tabharfaidh CNIE tosaíocht don fhorbairt náisiúnta agus teicneolaíochta, agus cosnóidh sé ionracas ceannasach an Náisiúin.

I-MX-30

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Aeriompar[4] |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 713001 Seirbhísí Aeriompair Sceidealaithe ar Aerárthaí atá Cláraithe go Náisiúnta<br><br>CMAP 713002 Aeriompar Neamh-Sceidealaithe (Aerthacsaithe)<br><br>Aersheirbhísí Speisialtachta |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidlí IX agus X.<br><br>Rialachán a ghabhann leis an Dlí Eitlíochta Sibhialta (Reglamento de la Ley de Pesca), Teideal II, Caibidil I. |

[4] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(e) d’Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(g) d’Airteagal 11.2 (Raon feidhme), níl aersheirbhísí, nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí, san áireamh i raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.

Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce.

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % de na leasanna vótála i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, ar fiontar é a sholáthraíonn seirbhís aeriompair intíre, idir sceidealaithe agus neamh-sceidealaithe, seirbhís aeriompair idirnáisiúnta neamh-sceidealaithe de chineál aerthacsaí, nó aersheirbhís speisialtachta. Ní mór don chathaoireach agus dhá thrian ar a laghad den bhord stiúrthóirí agus dhá thrian d’oifigigh bhainistíochta an fhiontair sin a bheith ina náisiúnaigh Mheicsiceacha.

Ní fhéadfar aerárthach a bheith cláraithe i Meicsiceo ach amháin ag náisiúnaigh Mheicsiceacha agus ag fiontair Mheicsiceacha ina bhfuil 51 % den leas úinéireachta i seilbh nó faoi rialú náisiúnach Meicsiceach, agus ina bhfuil an cathaoirleach agus dhá thrian ar a laghad d’oifigigh bhainistíochta an fhiontair ina náisiúnaigh Mheicsiceacha.

I-MX-31

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Aersheirbhísí Speisialtachta[5] |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidil III.<br><br>An Dlí um Eitlíocht Shibhialta (Ley de Aviación Civil), Caibidlí I, II, IV agus IX.<br><br>Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce. |

[5] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(e) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(g) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), níl aersheirbhísí, nó seirbhísí gaolmhara a thacaíonn le haersheirbhísí, san áireamh i raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun gach aersheirbhís speisialtachta a sholáthar i gcríoch Mheicsiceo. Ní fhéadfar an ceadúnas sin a dheonú ach amháin i gcás ina bhfuil sainchónaí i gcríoch Mheicsiceo ag an duine ar spéis leis na seirbhísí sin a sholáthar. |

I-MX-32

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar uisce |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 973203 Riarachán Calafort Muirí, Lochanna agus Aibhneacha |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidlí IV agus V.<br><br>Rialachán a ghabhann le Dlí na gCalafort (Reglamento de la Ley de Pesca), Teideal I, Caibidlí I agus VI.<br><br>An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III. |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta<br><br>Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar Meicsiceach atá údaraithe chun gníomhú mar riarthóir lárnach calafort. |

I-MX-33

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar uisce |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 384201 Monarú agus Deisiú Soithí |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |

Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)

| | |
|---|---|
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32. |
| | An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I, II agus III. |
| | An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal I, Caibidil II. |
| | Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidil IV. |

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun longchlós a bhunú agus a oibriú, nó a oibriú. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil. |

I-MX-34

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar uisce |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 973201 Seirbhísí Lódála agus Dílódála Iompair Uisce (lena n-áirítear oibriú agus cothabháil na ndugaí; luchtú agus díluchtú soithí cois cladaigh; láimhseáil lasta mhuirí; oibriú agus cothabháil céanna; glanadh long agus bád; stíbheadóireacht; aistriú lasta idir longa agus trucailí, traenacha, píblínte agus céanna; agus oibríochtaí críochfoirt ar imeall an uisce) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)<br><br>Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32. |

An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal I, Caibidil II; agus Teideal II, Caibidlí IV agus V.

Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidlí II, IV agus VI.

An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I, II agus III.

Rialachán a bhaineann le hÚsáid agus Taitneamh a Bhaint as an bhFarraige Theorann, Uiscebhealaí, Tránna, an Limistéar Cósta Feidearálach Ábhartha agus Tailte a Fuarthas chuig an bhFarraige (Reglamento para el Uso y Aprovechamiento del Mar Territorial, Vías Navegables, Playas, Zona Federal Marítimo Terrestre y Terrenos Ganados al Mar), Caibidil II, Roinn II.

Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce.

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a sholáthraíonn seirbhísí calafoirt do shoithí le haghaidh loingseoireacht intíre amhail tuáil, múráil agus báid freastail.

Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun críochfoirt chalafoirt, idir mhuirí agus intíre, a thógáil agus a oibriú, nó a oibriú, lena n-áirítear dugaí, craenacha agus saoráidí gaolmhara. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.

Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí stíbheadóireachta agus ollstórála a sholáthar. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.

I-MX-35

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar uisce |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 973203 Muirí agus Intíre (Riarachán Calafort Lochanna agus Aibhneacha) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal III, Caibidil III.<br><br>An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.<br><br>Dlí na gCalafort (Ley de Puertos), Caibidlí IV agus VI. |

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta |
| | Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh siad a bheith páirteach ach i suas le 49 % de na fiontair Mheicsiceacha a bhíonn ag gabháil do seirbhísí píolótaithe calafort a sholáthar do shoithí a oibríonn sa loingseoireacht intíre. |

I-MX-36

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar uisce[6] |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 712011 Infheistíocht agus Seirbhísí Muiriompair Idirnáisiúnta |
| | CMAP 712012 Seirbhísí Cabatáiste Mhuirí |
| | CMAP 712013 Seirbhísí Tuála Idirnáisiúnta agus Cabatáiste |
| | CMAP 712021 Seirbhísí Iompair ar Aibhneacha agus Lochanna |
| | CMAP 712022 Seirbhísí Iompair Uisce Calafort Inmheánach |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |

6 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(d) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(b) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), níl cabatáiste muirí náisiúnta san áireamh i raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

| | |
|---|---|
| Bearta: | An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos), Teideal III, Caibidil I.<br><br>An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.<br><br>An Dlí Feidearálach maidir le hIomaíocht Eacnamaíoch (Ley Federal de Competencia Económica), Caibidil IV. |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Tá oibriú agus saothrú soithí loingseoireachta ar an mórmhuir, lena n-áirítear iompar agus seirbhísí tuála idirnáisiúnta, oscailte d'úinéirí long agus do shoithí gach tíre, ar bhonn na cómhalartachta i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta. |

Tá oibriú agus saothrú an chabatáiste agus na loingseoireachta intíre forchoimeádta d’úinéirí long Meicsiceach ag a bhfuil soithí Meicsiceacha. Mura bhfuil fáil ar shoithí Meicsiceacha cuí ag a bhfuil na dálaí teicniúla céanna, nó más riachtanach ar mhaithe le leas an phobail, féadfaidh SCT ceadúnais loingseoireachta shealadacha chun oibriú agus chun saothrú a sholáthar d’úinéirí Meicsiceacha ag a bhfuil soitheach eachtrach, i gcomhréir leis na tosaíochtaí seo a leanas:

(a) Longúinéir Meicsiceach ag a bhfuil soitheach eachtrach faoi pháirtí cairtfhostaithe loim; agus

(b) Longúinéir Meicsiceach ag a bhfuil soitheach eachtrach faoi aon chineál páirtí cairtfhostaithe.

Maidir le hoibriú agus saothrú, sa loingseoireacht intíre agus cabatáiste, long cúrsála turasóireachta, chomh maith le dreidirí agus gairis mhuirí chun calafoirt a thógáil, a chaomhnú agus a oibriú, féadfaidh fiontair loingseoireachta Mheicsiceacha nó eachtracha a bhfuil soithí nó gairis mhuirí Mheicsiceacha nó eachtracha acu na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, ar bhonn cómhalartachta leis an Aontas Eorpach nó a Bhallstáit, agus an dlí is infheidhme á chomhlíonadh acu agus iarracht á déanamh acu tús áite a thabhairt d’fhiontair Mheicsiceacha.

Faoi réir tuairim a bheith faighte aige roimh ré ón gCoimisiún Náisiúnta in aghaidh Trustaí (Comisión Nacional Antimonopolio), féadfaidh SCT a chinneadh, maidir le loingseoireacht cabatáiste áirithe, nach bhféadfaidh ach fiontair Mheicsiceacha ag a bhfuil soithí Meicsiceacha an loingseoireacht cabatáiste sin a dhéanamh go hiomlán ná go páirteach, é sin nó soithí a meastar ina leith gur soithí Meicsiceacha iad, in éagmais dálaí iomaíochta éifeachtaí sa mhargadh ábhartha, i gcomhréir le téarmaí an Dlí Fheidearálaigh maidir le hIomaíocht Eacnamaíoch (Ley Federal de Competencia Económica).

Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh seilbh a bheith acu ach ar suas le 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar loingseoireachta Meicsiceach nó i soithí Meicsiceacha a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a bhíonn ag gabháil do shaothrú tráchtála soithí le haghaidh loingseoireacht intíre agus cabatáiste, gan long cúrsála turasóireachta san áireamh, nó saothrú dreidirí agus gairis mhuirí chun calafoirt a thógáil, a chaomhnú agus a oibriú.

Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí loingseoireachta ar an mórmhuir nó do sheirbhísí tuála calafort.

I-MX-37

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Píblínte neamh-fhuinnimh |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)<br>Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.<br>An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I, II agus III.<br>An Dlí um Uiscí Náisiúnta (Ley de Aguas Nacionales), Teideal I, Caibidil II agus Teideal IV, Caibidil II. |

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun píblínte a iompraíonn earraí seachas fuinnimh nó peitriceimiceáin bhunúsacha a thógáil agus a oibriú, nó a oibriú.<br><br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil. |

I-MX-38

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí Iompar d'Iarnród |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 711101 Seirbhísí Iompar d'Iarnród |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)<br><br>Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil III.<br><br>Dlí Rialaitheach na Seirbhíse Iarnróid (Ley Reglamentaria del Servicio Ferroviario), Caibidlí I agus II, Roinn III.<br><br>Rialachán a ghabhann leis an tSeirbhís Iarnróid (Reglamento del Servicio Ferroviario), Teideal I, Caibidlí I, II agus III; Teideal II, Caibidlí I agus IV; agus Teideal III, Caibidil I, Ranna I agus II. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tá réiteach fabhrach ó CNIE ina cheanglas le haghaidh infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontar chun go mbeadh seilbh acu ar níos mó ná 49 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a bhíonn ag gabháil do thógáil, oibriú agus saothrú iarnród a mheastar a bheith ina modhanna ginearálta cumarsáide, nó i soláthar seirbhíse poiblí i dtaca le hiompar iarnróid.

Agus cinneadh á dhéanamh aige, measfaidh CNIE gur tosaíocht í an fhorbairt náisiúnta agus teicneolaíochta, agus go gcosnófar ionracas ceannasach an Náisiúin.

Tá lamháltas arna dheonú ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí iarnróid a thógáil, a oibriú agus a shaothrú agus chun seirbhís phoiblí i dtaca le hiompar iarnróid a sholáthar. Ní fhéadfaidh ach fiontair Mheicsiceacha an lamháltas sin a fháil.

Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí cúnta a sholáthar; saoráidí bealach isteach agus bealach amach, crosbhealaí agus saoráidí imeallacha a thógáil sa cheart slí; fógráin agus comharthaí poiblíochta a shuiteáil ar an gceart slí; agus droichid os cionn línte iarnróid a thógáil agus a oibriú. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.

I-MX-39

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar talamh |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 973101 Seirbhísí Bainistíochta Críochfort Busanna Paisinéara agus Seirbhísí Cúnta (teoranta do phríomhchríochfoirt bhus agus trucaile agus príomhstáisiúin bhus agus trucaile) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| | Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 11.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III. |

Rialacháin a ghabhann le Taitneamh a Bhaint as an gCeart Slí i dtaca leis na Bóithre Feidearálacha agus na Zóin Máguaird (Reglamento para el Aprovechamiento del Derecho de Vía de las Carreteras Federales y Zonas Aledañas), Caibidlí II agus IV.

Rialacháin a ghabhann le hIompar Feidearálach de Bhóthar agus Seirbhísí Cúnta (Reglamento de Autotransporte Federal y Servicios Auxiliares), Caibidil I.

Tuairisc: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun stáisiún nó críochfort bus nó trucaile a bhunú nó a oibriú. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.

Chun an ceadúnas sin a fháil, cruthóidh an páirtí leasmhar go bhfuil sainchónaí air i Meicsiceo.

I-MX-40

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar talamh |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 973102 Seirbhísí Bainistíochta i dtaca le Bóithre, Droichid agus Seirbhísí Cúnta |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)<br><br>Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.<br><br>An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III. |

Rialacháin a ghabhann le hIompar Feidearálach de Bhóthar agus Seirbhísí Cúnta (Reglamento de Autotransporte Federal y Servicios Auxiliares), Caibidlí I agus V.

Tuairisc: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí cúnta iompair fheidearálaigh de bhóthar a sholáthar. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha an ceadúnas sin a fháil.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní cuid d'iompar paisinéirí ná lasta, ná de thurasóireacht iad seirbhísí cúnta, ach déanann siad a n-oibriú agus a saothrú siúd a chomhlánú.

I-MX-41

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar talamh |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 711201 Seirbhísí Iompair Ábhar Foirgníochta |
| | CMAP 711202 Seirbhísí Aistrithe |
| | CMAP 711203 Seirbhísí Speisialaithe Iompair Lasta eile |
| | CMAP 711204 Seirbhísí Ginearálta Iompair Lasta |
| | CMAP 711311 Seirbhísí Iompair Fad-Achair Busanna Paisinéara agus Cóiste |
| | CMAP 711318 Seirbhísí Iompair Scoile agus Turasóireachta (teoranta do sheirbhísí iompair turasóireachta) |
| | CMAP 720002 Seirbhísí Cúiréireachta |

| | |
|---|---|
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) |
| | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| | Leibhéal Rialtais: Lárnach |
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II. |
| | An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidlí I agus III. |
| | Rialachán a ghabhann le hIompar Feidearálach de Bhóthar agus Seirbhísí Cúnta (Reglamento de Autotransporte Federal y Servicios Auxiliares), Caibidil I. |
| | Arna cháiliú le heilimint na Tuairisce. |

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, ní fhéadfaidh siad leas úinéireachta a éadáil i bhfiontar ina bhfuil clásal eisiaimh eachtrach, a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo, a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí iompair lasta intíre de bhóthair idir pointí i gcríoch Mheicsiceo, cé is moite de sheirbhísí beartán agus cúiréireachta.

Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí lasta, paisinéara nó turasóireachta de bhóthar a sholáthar.

Infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh nó a bhfiontair, féadfaidh seilbh a bheith acu ar suas le 100 % den leas úinéireachta i bhfiontar a bunaíodh nó atá le bunú i gcríoch Mheicsiceo chun seirbhís bus idirchathrach, seirbhís iompair turasóirí nó seirbhís iompair lasta idirnáisiúnta de bhóthar idir pointí i gcríoch Mheicsiceo.

Maidir le seirbhísí iompair lasta intíre de bhóthar idir pointí i gcríoch Mheicsiceo, ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha ag a bhfuil clásal eisiaimh eachtrach na seirbhísí sin a sholáthar, agus úsáid á baint acu as trealamh arna chlárú i Meicsiceo, a tógadh i Meicsiceo nó a iompórtáladh go dleathach.

Tá ceadúnas arna eisiúint ag SCT ina cheanglas chun seirbhísí beartán agus cúiréireachta a sholáthar. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha na seirbhísí sin a sholáthar.

I-MX-42

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí iompair d'iarnród |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 711101 Seirbhísí Iompair trí Iarnród (teoranta do chriú iarnróid) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | An Dlí Feidearálach Saothair (Ley Federal del Trabajo), Teideal VI, Caibidil V |
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Ní mór baill an chriú iarnróid a bheith ina náisiúnaigh Mheicsiceacha. |

I-MX-43

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Iompar ar talamh |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 711312 Seirbhísí Iompair Uirbeacha agus Fo-Uirbeacha Busanna Paisinéara agus Cóiste<br><br>CMAP 711315 Mótarfheithicil - Seirbhísí Iompair Tacsaí<br><br>CMAP 711316 Mótarfheithicil - Seirbhísí Iompair Bealaigh Sheasta<br><br>CMAP 711317 Seirbhísí Iompair i dtaca le Mótarfheithiclí ó Stad Tacsaithe<br><br>CMAP 711318 Seirbhísí Iompair Scoile agus Turasóireachta (teoranta do sheirbhísí iompair scoile) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |

| | |
|---|---|
| Bearta: | An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera), Teideal I, Caibidil II.<br><br>An Dlí um Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación), Leabhar I, Caibidlí I agus II.<br><br>An Dlí um Bóithre, Droichid agus Iompar Feidearálach de Bhóthar (Ley de Caminos, Puentes y Autotransporte Federal), Teideal I, Caibidil III.<br><br>Rialachán a ghabhann le hIompar Feidearálach de Bhóthar agus Seirbhísí Cúnta (Reglamento de Autotransporte Federal y Servicios Auxiliares), Caibidil I. |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí<br><br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha agus fiontair Mheicsiceacha ag a bhfuil clásal eisiaimh eachtrach seirbhísí bus paisinéara uirbeacha agus fo-uirbeacha áitiúla, seirbhísí bus scoile, agus seirbhísí tacsaí agus iompair chomhcoitinn eile a sholáthar. |

I-MX-44

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Cumarsáid |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí siamsaíochta (Pictiúrlann)[7] |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 941103 Taispeántas Príobháideach Scannán |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7)<br><br>Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Bearta: | Dlí Feidearálach na Cineamatagrafaíochta (Ley Federal del Trabajo), Caibidil III.<br><br>Rialachán a ghabhann le Dlí Feidearálach na Cineamatagrafaíochta (Reglamento de la Ley Federal de Cinematografía), Caibidil V. |

[7] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le fomhír 2(c) d'Airteagal 10.5 (Raon feidhme) agus fomhír 2(a) d'Airteagal 11.2 (Raon feidhme), fágtar seirbhísí closamhairc as an áireamh ó raon feidhme Chaibidlí 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuireann Meicsiceo roinnt beart san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht sin, ar mhaithe le trédhearcacht amháin.

| | |
|---|---|
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Déanfaidh taispeántóirí 10 % den am scáileáin iomlán a fhorchoimeád chun scannáin náisiúnta a theilgean ar scáileán.

**Foscríbhinn I-B-2**

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA ATÁ ANN CHEANA

LIOSTA MHEICSICEO

Forchoimeádais is Infheidhme ag an Leibhéal Fo-Lárnach

Fágadh é seo folamh d'aon ghnó

**IARSCRÍBHINN II**

BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. Leagtar amach i Liosta Páirtí san Iarscríbhinn seo, de bhun Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí) agus Airteagal 11.8 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí), na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na gníomhaíochtaí sonracha a bhféadfaidh an Páirtí sin bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun ina leith, é sin nó bearta nua nó bearta níos sriantaí a ghlacadh ina leith nach bhfuil i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach sna coinníollacha seo a leanas:

(a) 10.7 (Cóir Náisiúnta), 11.6 (Cóir Náisiúnta);

(b) 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair);

(c) 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta);

(d) 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí); nó

(e) 11.5 (Láithreacht Áitiúil).

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

(a) Ciallaíonn ‘CMAP’ uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Meicsiceach Gníomhaíochtaí agus Táirgí (Clasificación Mexicana de Actividades y Productos) mar a leagtar amach san Institiúid Náisiúnta um Staidreamh agus Thíreolaíocht (Instituto Nacional de Estadística y Geografía) san Aicmiú Meicsiceach Gníomhaíochtaí agus Táirgí (Clasificación Mexicana de Actividades y Productos), 1994;

(b) ciallaíonn ‘CPC’ uimhreacha a bhaineann leis an Aicmiú Lárnach Táirgí (CPC) mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, Aicmiú Lárnach Táirgí Sealadach, 1991; agus

(c) ciallaíonn ‘ISIC’ Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le Gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch faoi mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Leag. 3.1, 2002.

3. Tá Liosta Páirtí gan dochar do chearta agus d’oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

4. I ngach Liosta leagtar amach na heilimintí seo a leanas:

(a) tagraíonn ‘earnáil’ don earnáil ghinearálta ina ndéantar an iontráil;

(b) tagraíonn ‘fo-earnáil’ don earnáil shonrach ina ndéantar an iontráil;

(c) tagraíonn ‘aicmiú tionscail’, i gcás inarb iomchuí, don ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an mbeart neamh-chomhréireach de réir CMAP, CPC nó ISIC;

(d) sonraíonn ‘oibleagáidí lena mbaineann’ na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 nach mbaineann, de bhun Airteagail 10.12 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-chomhréireacha) agus 11.8 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-chomhréireacha), leis na bearta a liostaítear san iontráil;

(e) sa ‘tuairisc’ leagtar amach raon feidhme na hearnála, na fo-earnála nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas; agus

(f) le ‘bearta atá ann cheana’ sainaithnítear, chun críoch trédhearcachta, liosta beart atá ann cheana, liosta nach bhfuil uileghabhálach, a bhfuil feidhm acu maidir leis an earnáil, leis an bhfo-earnáil nó leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bhforchoimeádas.

5. Le ‘leibhéal rialtais’ i Liosta Mheicsiceo, tagraítear don leibhéal rialtais lena gcoinnítear na bearta sonraithe ar bun.

6. Agus iontráil á léiriú, déanfar gach eilimint den iontráil sin a bhreithniú. Beidh forlámhas ag eilimint na ‘tuairisce’ ar gach eilimint eile.

7. Maidir le forchoimeádas a ghlactar ar leibhéal an Aontais, beidh feidhm aige maidir le beart de chuid an Aontais agus de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, agus maidir le beart rialtais laistigh de Bhallstát, mura rud é go n-eisiatar Ballstát leis an bhforchoimeádas.

8. Maidir le forchoimeádas a choinnítear ar bun ar leibhéal náisiúnta Mheicsiceo nó ar leibhéal náisiúnta Ballstáit, tá feidhm aige maidir le beart rialtais ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil laistigh den tír sin.

9. I gcás ina gcoinníonn Páirtí beart ar bun lena gceanglaítear ar sholáthróir seirbhíse a bheith ina dhuine nádúrtha, ina shaoránach, ina bhuanchónaitheoir, nó ina chónaitheoir ina chríoch nó sainchónaí a bheith air ina chríoch, mar choinníoll le seirbhís a sholáthar sa chríoch sin, oibreoidh forchoimeádas don bheart sin arna ghlacadh i leith oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le Caibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) mar fhorchoimeádas i leith oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le Caibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochta), a mhéid a éilítear leis an mbeart sin.

10. Ní áirítear i Liosta Páirtí bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás nach teorannú córa náisiúnta iad de réir bhrí Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) nó 11.6 (Cóir Náisiúnta), ná i gcás nach srian ar rochtain ar an margadh iad de réir bhrí Airteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) nó 11.4 (Rochtain ar an Margadh). Na bearta sin, amhail an ceanglas ceadúnas a fháil, na hoibleagáidí seirbhíse uilíche, an ceanglas cáilíochtaí aitheanta in earnálacha rialáilte a bheith faighte, an ceanglas pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena bhféadfaí scrúduithe teanga a áireamh, agus aon cheanglas neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i gcriosanna nó limistéir chosanta, beidh feidhm acu in aon chás, fiú mura liostaítear iad.

11. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i Liosta an Aontais Eorpaigh:

AT An Ostair

BE An Bheilg[1]

BG An Bhulgáir

CY An Chipir

CZ An tSeicia

DE An Ghearmáin

DK An Danmhairg

EE An Eastóin

LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

EL An Ghréig

[1] Chun críocha na bhforchoimeádas sa Bheilg, cumhdaíonn leibhéal lárnach an rialtais an rialtas cónaidhme agus rialtais na réigiún agus na gcomhphobal mar go bhfuil cumhachtaí reachtúla coibhéiseacha ag gach ceann acu.

ES An Spáinn

AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh

FI An Fhionlainn[2]

FR An Fhrainc

HR An Chróit

HU An Ungáir

IE Éire

IT An Iodáil

LT An Liotuáin

LU Lucsamburg

LV An Laitvia

MT Málta

[2] Chun críocha na bhforchoimeádas san Fhionlainn, ciallaíonn leibhéal réigiúnach rialtais Oileáin Åland.

NL An Ísiltír

ECFE An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

PL An Pholainn

PT An Phortaingéil

RO An Rómáin

SE An tSualainn

SI An tSlóivéin

SK An tSlóvaic

12. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, leis an oibleagáid maidir le cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear an ceanglas an chóir chéanna a dheonaítear i mBallstát, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE' anseo feasta), do dhaoine nádúrtha nó d'fhiontair Ballstáit eile a leathnú chuig daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo, ná d'aon bheart a ghlactar de bhun CFAE, lena n-áirítear a gcur chun feidhme sna Ballstáit. De bhun CFAE, ní thugtar an chóir sin ach amháin d'fhiontair arna bhunú nó arna n-eagrú i gcomhréir le dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó laistigh den Aontas Eorpach, lena n-áirítear na fiontair sin atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó fiontair de chuid Mheicsiceo.

13. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, chun críocha Liosta Mheicsiceo, is é Meicsiceo an chiall atá leis na téarmaí 'Náisiún' agus 'Stát'.

**Foscríbhinn II-A**

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

LIOSTA AN AONTAIS EORPAIGH

Liosta na bhforchoimeádas:

II-EU-1 – Gach earnáil

II-EU-2 – Seirbhísí Gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

II-EU-3 – Seirbhísí Gairmiúla – Gairmeacha a bhaineann leis an tSláinte agus Miondíol Táirgí Cógaisíochta

II-EU-4 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Taighde agus Forbartha

II-EU-5 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Réadmhaoine

II-EU-6 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Cíosa nó Léasa

II-EU-7 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Gníomhaireachta Bailiúcháin, Seirbhísí Tuairiscithe Creidmheasa

II-EU-8 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Socrúcháin

II-EU-9 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Slándála agus Imscrúdaithe

II-EU-10 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Gnó Eile

II-EU-11 – Seirbhísí Teileachumarsáide

II-EU-12 – Foirgníocht

II-EU-13 – Seirbhísí Dáileacháin

II-EU-14 – Seirbhísí Oideachais

II-EU-15 – Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta

II-EU-16 – An Turasóireacht agus Seirbhísí a Bhaineann le Taisteal

II-EU-17 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt

II-EU-18 – Seirbhísí Iompair agus Seirbhísí Cúnta Iompair

II-EU-19 – Talmhaíocht, Iascach agus Uisce

II-EU-20 – Gníomhaíochtaí a Bhaineann leis an bhFuinneamh

II-EU-21 – Seirbhísí Eile nach bhfuil san Áireamh aon Áit Eile

II-EU-1 – Gach earnáil

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Gach earnáil |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| | Ceanglais Feidhmíochta |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Láithreacht tráchtála

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FI: Srianta ar an gceart atá ag daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, agus ag daoine dlítheanacha, réadmhaoin a fháil in Oileáin Åland agus seilbh a choinneáil uirthi gan cead a fháil ó údaráis inniúla Oileáin Åland. Srianta ar dhaoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, nó ar aon fhiontar, maidir leis an gceart bunaíochta agus an ceart chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh, gan cead a bheith faighte acu ó údaráis inniúla Oileáin Åland.

Bearta atá ann cheana:

FI: Ahvenanmaan maanhankintalaki (An tAcht um thalamh a éadáil in Åland) (3/1975), s. 2; agus Ahvenanmaan itsehallintolaki (An tAcht um Neamhspleáchas Åland) (1144/1991), s. 11.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In FR: Cineálacha bunaíochta – de bhun Airteagail L151-1 agus R153-1 den chód airgeadais agus airgeadaíochta, tá infheistíochtaí coigríche in FR in earnálacha a liostaítear in Airteagal R153-2 den chód airgeadais agus airgeadaíochta faoi réir formheas a fháil roimh ré ón Aire Geilleagair.

Bearta atá ann cheana:

In FR: Cód airgeadais agus airgeadaíochta, Airteagail L151-1, R153-1.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In FR: Cineálacha bunaíochta - lena dteorannaítear rannpháirtíocht eachtrannach i gcuideachtaí nuaphríobháidithe do mhéid athraitheach den chothromas a chuirtear ar fáil don phobal, méid arna chinneadh ag rialtas FR. I gcás gníomhaíochtaí áirithe tráchtála, tionscail nó ceardaíochta, tá gá le húdarú sonrach maidir le bunaíocht mura bhfuil cead buanchónaithe ag an stiúrthóir bainistíochta.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta amháin – Cóir Náisiúnta:

In BG: Gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le réadmhaoin Stáit nó réadmhaoin phoiblí a shaothrú nó a úsáid, tá siad faoi réir lamháltais a dheonaítear faoi fhorálacha Acht na Lamháltas.

I gcorparáidí tráchtála ina bhfuil sciar is mó ná 50 % den chaipiteal ag an Stát nó ag bardas, aon idirbheart chun sócmhainní seasta de chuid na corparáide a dhiúscairt ar mhaithe le haon chonradh a thabhairt i gcrích maidir le leas rannpháirteachais, léas, gníomhaíocht chomhpháirteach nó creidmheas a éadáil, sin agus infháltais a urrú, chomh maith le haon oibleagáid a eascraíonn as billí malairte a thabhú, tá na hidirbhearta, an t-urrú agus an tabhú céanna faoi réir a n-údaraithe nó a gceadaithe ag an nGníomhaireacht um Príobháidiú nó ag comhlachtaí eile stáit nó réigiúnacha, cibé acu is údarás inniúil. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le mianadóireacht ná cairéalú, atá faoi réir Fhorchoimeádas I-A-16 (Gníomhaíochtaí a Bhaineann leis an bhFuinneamh) i bhFoscríbhinn I-A.

In IT: Féadfaidh an Rialtas cumhachtaí speisialta áirithe a fheidhmiú i bhfiontair a oibríonn i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus i ngníomhaíochtaí áirithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide. Baineann sé sin le gach duine dlítheanach a dhéanann gníomhaíochtaí a meastar go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo i réimsí na cosanta agus na slándála náisiúnta, agus ní hamháin le cuideachtaí príobháidithe.

I gcás ina bhfuil an bhagairt ann go ndéanfar mórdhíobháil do leasanna bunúsacha na cosanta agus na slándála náisiúnta, tá na cumhachtaí seo a leanas ag an Rialtas:

(a) coinníollacha sonracha a fhorchur maidir le ceannach scaireanna;

(b) rúin a bhaineann le hoibríochtaí speisialta amhail aistrithe, cumaisc, deighilt agus athruithe gníomhaíochta, glacadh na rún sin a chrosadh; nó

(c) diúltú d'éadáil scaireanna, i gcas ina bhfuil an ceannaitheoir ag féachaint le leibhéal rannpháirtíochta a bheith aige sa chaipiteal ar dócha go ndéanfadh sé dochar do leasanna na cosanta agus na slándála náisiúnta.

Aon rún, gníomh nó idirbheart (amhail aistrithe, cumaisc, deighilt, athrú gníomhaíochta nó foirceannadh) a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha i réimsí an fhuinnimh, an iompair agus na cumarsáide, tabharfaidh an chuideachta lena mbaineann fógra faoi d'oifig an Phríomh-Aire. Go sonrach, tabharfar fógra faoi éadálacha arna ndéanamh ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach lasmuigh den Aontas Eorpach lena dtugtar smacht ar an gcuideachta don duine sin.

Féadfaidh an Príomh-Aire na cumhachtaí speisialta seo a leanas a fheidhmiú:

(a) aon rún, gníomh nó idirbheart a chrosadh, ar bagairt eisceachtúil mórdhíobhála é do leas an phobail i dtaca le slándáil agus oibriú líonraí agus soláthairtí;

(b) coinníollacha sonracha a fhorchur chun leas an phobail a ráthú; nó

(c) éadáil a dhiúltú i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil leasanna bunúsacha an Stáit i mbaol.

Leagtar síos sa dlí na critéir chun an fhíorbhagairt nó an bhagairt eisceachtúil a mheas, agus na coinníollacha agus nósanna imeachta chun na cumhachtaí speisialta a fheidhmiú.

Bearta atá ann cheana:

IT: Dlí 56/2012 um chumhachtaí speisialta i gcuideachtaí a oibríonn sna réimsí cosanta agus slándála náisiúnta, fuinnimh, iompair agus cumarsáide; Foraithne an Phríomh-Aire DPCM 253 an 30.11.2012 lena sainmhínítear na gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i réimse na cosanta agus na slándála náisiúnta.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In LT: Fiontair a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis an tslándáil náisiúnta i ndáil le húinéireacht (an sciar caipitil a fhéadfaidh a bheith i seilbh daoine príobháideacha náisiúnta nó eachtracha a chomhlíonann na leasanna slándála náisiúnta, i ndáil le hinfheistíocht san fhiontraíocht, in earnálacha agus i saoráidí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo maidir leis an tslándáil náisiúnta, agus an nós imeachta agus na critéir a bhaineann lena chinneadh go bhfuil comhlíonadh á bhaint amach ag infheisteoirí náisiúnta agus rannpháirtithe ionchasacha san fhiontraíocht srl.).

Bearta atá ann cheana:

LT: An Dlí um Fhiontair agus Saoráidí a bhfuil Tábhacht Straitéiseach leo maidir leis an tSlándáil Náisiúnta agus Fiontair Eile atá Tábhachtach chun Slándáil Náisiúnta Phoblacht na Liotuáine a Áirithiú an 10 Deireadh Fómhair 2002 Uimh. IX-1132 (arna leasú go deireanach an 12 Eanáir 2018 le Dlí Uimh. XIII-992).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In SE: Ceanglais idirdhealaitheacha le haghaidh bunaitheoirí, na bainistíochta sinsearaí agus na mbord stiúrthóirí nuair a dhéantar foirmeacha nua comhlachais dhlíthiúil a chorprú i ndlí na Sualainne.

(b) Réadmhaoin a éadáil

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In HU: Réadmhaoin atá faoi úinéireacht stáit a éadáil.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In HU: Éadáil talún arúla arna déanamh ag daoine dlítheanacha eachtracha agus ag daoine nádúrtha neamhchónaitheacha, lena n-áirítear an próiseas údaraithe chun talamh arúil a éadáil.

Bearta atá ann cheana:

HU: Acht CXXII 2013 um chúrsaíocht talún talmhaíochta agus foraoiseachta (Caibidil II (Míreanna 6-36) agus Caibidil IV (Míreanna 38-59));

Acht CCXII 2013 um bearta idirthréimhseacha agus forálacha áirithe a bhaineann le hAcht CXXII 2013 um chúrsaíocht talún talmhaíochta agus foraoiseachta (Caibidil IV (Míreanna 8-20)).

In LV: Éadáil talún arúla arna déanamh ag náisiúnaigh Mheicsiceo nó tríú tír, lena n-áirítear an próiseas údaraithe chun talamh arúil a éadáil.

Bearta atá ann cheana:

LV: An dlí um príobháidiú talún i limistéir thuaithe, ss. 28, 29, 30.

In SK: Ní fhéadfaidh cuideachtaí eachtracha ná daoine nádúrtha talamh talmhaíochta agus foraoise a éadáil lasmuigh de theorainn ceantair uirbí i mbardas, ná roinnt tailte eile amhail acmhainní nádúrtha, lochanna, aibhneacha, bóithre poiblí.

Bearta atá ann cheana:

SK: Acht Uimh. 44/1988 um chosaint agus saothrú acmhainní nádúrtha;

Acht Uimh. 229/1991 um úinéireacht talún agus úinéireacht maoine talmhaíochta eile a rialáil;

Acht Uimh. 460/1992 Bunreacht Phoblacht na Slóvaice;

Acht Uimh. 180/1995 um bearta áirithe i gcomhair socruithe úinéireachta talún;

Acht Uimh. 202/1995 um Malartú Eachtrach;

Acht Uimh. 503/2003 um úinéireacht talún talmhaíochta a thabhairt ar ais;

Acht Uimh. 326/2005 um Fhoraoisí; agus

Acht Uimh. 140/2014 um sheilbh a fháil ar thalamh talmhaíochta.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In BG: Ní fhéadfaidh daoine eachtracha nádúrtha ná daoine eachtracha dlítheanacha seilbh a fháil ar thalamh in BG (lena n-áirítear seilbh trí bhrainse). Ní fhéadfaidh daoine dlítheanacha in BG ag a bhfuil rannpháirtíocht eachtrach seilbh a fháil ar thalamh talmhaíochta. Féadfaidh daoine dlítheanacha eachtracha agus saoránaigh eachtracha ar a bhfuil buanchónaí thar lear seilbh a fháil ar fhoirgnimh agus ar chearta teoranta maoine (ceart úsáide, ceart tógála, ceart ollstruchtúr a thógáil agus easúintí) ar mhaoin réadach. Saoránaigh eachtracha ar a bhfuil buanchónaí thar lear, daoine dlítheanacha eachtracha agus cuideachtaí ina n-áirithítear le rannpháirtíocht eachtrach tromlach ó thaobh glacadh le cinntí de, nó ina gcuirtear bac ar chinntí a ghlacadh, féadfaidh siad cearta chun maoine réadaigh a éadáil i limistéir gheografacha shonracha arna sainiú ag Comhairle na n Airí faoi réir cead a fháil.

Bearta atá ann cheana:

BG: Bunreacht Phoblacht na Bulgáire, Airteagal 22;

An Dlí um Úinéireacht agus Úsáid Talún Talmhaíochta, Airteagal 3; agus

An Dlí um Fhoraoisí, Airteagal 10.

In EE: Daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha atá lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (dá ngairtear 'LEE' anseo feasta) nó ECFE, ní fhéadfaidh siad réadmhaoin dhochorraithe ina bhfuil talamh talmhaíochta nó foraoise a éadáil ach amháin le húdarú an rialtóra contae agus, ón 1 Eanáir 2018 ar aghaidh, le húdarú na comhairle cathrach, agus beidh orthu a bheith in ann a chruthú maidir leis an réadmhaoin dhochorraithe, ar bhealach a fhorordaítear de réir dlí, go n-úsáidfear í go héifeachtúil inbhuanaithe spriocdhírithe, de réir an chuspóra atá beartaithe di.

Bearta atá ann cheana:

EE: Kinnisasja omandamise kitsendamise seadus (An tAcht um Shrianta ar Éadáil Sócmhainní Dochorraithe) Caibidlí 2 agus 3.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In LT: Aon bheart atá i gcomhréir leis na gealltanais arna ndéanamh ag an Aontas Eorpach agus is infheidhme in LT tríd an gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (CGTS) i ndáil le héadáil talún. An nós imeachta, na téarmaí agus coinníollacha, agus na srianta maidir le dáileacht talún a éadáil, bunófar iad leis an Dlí Bunreachtúil, leis an Dlí um Thalamh agus leis an Dlí um Thalamh Talmhaíochta a Éadáil. Mar sin féin, rialtais áitiúla (bardais) agus eintitis náisiúnta eile de chuid Chomhaltaí ECFE agus Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), a ghabhann do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha in LT, gníomhaíochtaí a shonraítear leis an dlí bunreachta i gcomhréir le critéir na lánpháirtíochta Eorpaí agus aon lánpháirtíocht eile a bhfuil LT tar éis tabhairt fúithi, tá cead ag na rialtais agus na heintitis sin seilbh a fháil ar dháileachtaí talún neamhthalmhaíochta atá riachtanach chun foirgnimh agus saoráidí a thógáil agus a oibriú a bhfuil gá leo le haghaidh a ngníomhaíochtaí díreacha.

Bearta atá ann cheana:

LT: Bunreacht Phoblacht na Liotuáine;

Dlí Bunreachta Phoblacht na Liotuáine maidir le Cur Chun Feidhme Mhír 3 d’Airteagal 47 de Bhunreacht Phoblacht na Liotuáine an 20 Meitheamh 1996, Uimh. I-1392 arna leasú go deireanach an 20 Márta 2003, Uimh. IX-1381;

An dlí um thalamh, an 27 Eanáir 2004, Uimh. IX-1983; agus

An dlí um thalamh talmhaíochta a éadáil an 24 Aibreán 2014, Uimh. XII-854.

(c) Aithint

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: Treoracha an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí agus cáilíochtaí gairmiúla eile, níl feidhm acu ach amháin maidir le saoránaigh an Aontais. Leis an gceart chun seirbhís ghairmiúil rialáilte a chleachtadh i mBallstát amháin, ní dheonaítear an ceart chun cleachtadh i mBallstát eile.

(d) Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

San Aontas Eorpach: Cóir dhifreálach a thabhairt de bhun aon chonartha infheistíochta idirnáisiúnta nó aon chomhaontaithe trádála eile atá i bhfeidhm nó a síníodh roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

San Aontas Eorpach: Cóir dhifreálach a thabhairt do thír de bhun aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh nó iltaobhaigh atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo:

a) lena gcruthaítear margadh inmheánach i seirbhísí agus infheistíocht;

b) lena ndeonaítear an ceart bunaíochta; nó

c) lena gceanglaítear comhfhogasú reachtaíochta in earnáil eacnamaíoch amháin nó níos mó.

Margadh inmheánach maidir le seirbhísí agus bunaíocht, ciallaíonn sé sin limistéar gan teorainneacha inmheánacha lena n-áirithítear saorghluaiseacht seirbhísí, caipitil agus daoine.

Ciallaíonn an ceart bunaíochta go bhfuil oibleagáid ann deireadh a chur go substaintiúil le gach bacainn ar bhunaíocht i measc na bpáirtithe sa chomhaontú réigiúnach maidir le lánpháirtíocht eacnamaíoch, le teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe sin. Áireofar leis an gceart bunaíochta an ceart atá ag náisiúnaigh na bpáirtithe sa chomhaontú réigiúnach maidir le lánpháirtíocht eacnamaíoch fiontair a bhunú agus a oibriú faoi na coinníollacha céanna dá bhforáiltear maidir le náisiúnaigh faoi dhlí na tíre ina ndéantar an bhunaíocht sin.

Ciallaíonn comhfhogasú reachtaíochta an méid seo a leanas:

(a) reachtaíocht páirtí amháin nó níos mó sa chomhaontú réigiúnach maidir le lánpháirtíocht eacnamaíoch a ailíniú le reachtaíocht an pháirtí nó na bpáirtithe eile sa chomhaontú sin; nó

(b) reachtaíocht choiteann a chorprú i ndlí na bpáirtithe sa chomhaontú réigiúnach maidir le lánpháirtíocht eacnamaíoch.

Ní dhéanfar comhfhogasú sin na reachtaíochta, agus ní mheasfar go ndearnadh é, go dtí go ndéanfar é a achtú i ndlí an pháirtí nó na bpáirtithe sa chomhaontú réigiúnach maidir le lánpháirtíocht eacnamaíoch.

Bearta atá ann cheana:

San Aontas Eorpach: An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE);

Comhaontuithe Cobhsúcháin;

Comhaontuithe déthaobhacha idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise; agus

Comhaontuithe Doimhne Cuimsitheacha Saorthrádála.

San Aontas Eorpach: Cóir dhifreálach a thabhairt do náisiúnaigh nó d'fhiontair maidir leis an gceart bunaíochta trí bhíthin comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo idir na Ballstáit seo a leanas: BE, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT, LU, NL agus PT, agus aon cheann de na tíortha nó na prionsachtaí seo a leanas: Andóra, Monacó, San Mairíne agus Stát Chathair na Vatacáine.

In DK, FI agus SE: Bearta arna nglacadh ag DK, FI atá dírithe ar chomhar Nordach a chur chun cinn, amhail na bearta seo a leanas:

(a) tacaíocht airgeadais le haghaidh tionscadail taighde agus forbartha (T&F) (an Ciste Tionscail Nordach);

(b) staidéir indéantachta a chistiú le haghaidh tionscadail idirnáisiúnta (an Ciste Nordach le haghaidh Onnmhairí Tionscadail); agus

(c) cúnamh airgeadais le haghaidh cuideachtaí[3] a úsáideann teicneolaíocht chomhshaoil (an Chorparáid Airgeadais Nordach le haghaidh an Chomhshaoil).

Tá an forchoimeádas sin gan dochar d’eisiamh soláthair arna dhéanamh ag Páirtí nó d’fhóirdheontais i mír 2 d’Airteagal 11.2 (Raon feidhme), agus i mír 2 d’Airteagal 10.5 (Raon feidhme), faoi seach.

In PL: Féadfar síneadh a chur, trí chonarthaí tráchtála agus loingseoireachta, le coinníollacha fabhracha maidir le bunaíocht nó maidir le soláthar trasteorann seirbhísí, coinníollacha lena bhféadfar a chur san áireamh go gcuirfear deireadh le srianta áirithe a chumhdaítear sa liosta forchoimeádas is infheidhme in PL, nó go leasófar na srianta sin.

In PT: Tarscaoileadh na gceanglas náisiúntachta maidir le gníomhaíochtaí agus gairmeacha áirithe a bheith á gcleachtadh ag daoine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhísí le haghaidh tíortha inarb í an Phortaingéilis an teanga oifigiúil (Angóla, an Bhrasaíl, Rinn Verde, Guine Bissau, Mósaimbíc agus São Tomé & Principe).

3 Baineann sé sin le cuideachtaí in Oirthear na hEorpa a bhíonn ag comhoibriú le cuideachta Nordach amháin nó níos mó.

(e) Airm, muinisin agus ábhar cogaidh

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Láithreacht Áitiúil:

San Aontas Eorpach: Airm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a dháileadh, nó trádáil iontu. Tá ábhar cogaidh teoranta d'aon táirge ar lena úsáid go míleata amháin, i ndáil le gníomhaíochtaí cogaidh nó cosanta a dhéanamh, a bheartaítear agus a dhéantar é.

II-EU-2 – Seirbhísí Gairmiúla (gach gairm seachas gairmeacha a bhaineann leis an tsláinte)

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí dlí: seirbhísí nótairí agus báillí; seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta; seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí comhairleacha cánach, seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí; seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite |
| Aicmiú Tionscail: | Cuid de CPC 861, cuid de CPC 87902, 862, 863, 8671, 8672, 8673, 8674, cuid de CPC 879 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí dlí

Forchoimeádann an tAontas, cé is moite de SE, an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le soláthar seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí údaraithe dlí, seirbhísí doiciméadachta dlí agus seirbhísí deimhnithe dlí arna gcur ar fáil ag gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, 'huissiers de justice' nó 'officiers publics et ministériels' eile, agus i ndáil le seirbhísí a chuireann báillí ar fáil a cheaptar trí bhíthin acht oifigiúil rialtais (cuid de CPC 861, cuid de 87902).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In BG: Cóir náisiúnta iomlán i leith bunú agus oibriú cuideachtaí, agus i leith soláthar seirbhísí chomh maith, ní féidir sin a leathnú ach amháin chuig cuideachtaí atá bunaithe sna tíortha lenar tugadh socruithe fabhracha i gcrích nó lena dtabharfar socruithe fabhracha i gcrích, agus chuig saoránaigh de na tíortha sin (cuid de CPC 861).

In LT: Ní fhéadfaidh aturnaetha as tíortha eachtracha páirt a ghlacadh sa chúirt mar abhcóidí ach amháin i gcomhréir le comhaontuithe déthaobhacha (cuid de CPC 861).

(b) Seirbhísí iniúchóireachta (CPC 86211, 86212 seachas seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Iniúchóirí cláraithe is comhaltaí den Institiúid Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe, cuirfidh siad iniúchóireacht airgeadais neamhspleách chun feidhme. Faoi réir cómhalartachta, cláróidh an Institiúid Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe eintiteas iniúchóireachta ó Mheicsiceo nó ó thríú tír tar éis don eintiteas nó don tír cruthúnas a thaispeáint ina léireofar an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais atá ar iniúchóirí de chuid na Bulgáire á gcomhlíonadh ag trí cheathrú de chomhaltaí na gcomhlachtaí bainistíochta agus na n-iniúchóirí cláraithe atá ag déanamh na hiniúchóireachta thar ceann an eintitis, agus gur éirigh leis na comhaltaí sna scrúduithe chuige sin;

(b) gur i comhréir leis na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus oibiachtúlacht a dhéanfaidh an t-eintiteas iniúchóireachta an iniúchóireacht airgeadais neamhspleách; agus

(c) go bhfoilseoidh an t-eintiteas iniúchóireachta tuarascáil trédhearcachta bhliantúil ar a láithreán gréasáin nó go gcomhlíonfaidh sé ceanglais choibhéiseacha eile maidir le nochtadh i gcás ina ndéanann sé iniúchóireacht ar eintitis leasa phoiblí.

Bearta atá ann cheana:

BG: An tAcht um Iniúchóireacht Airgeadais Neamhspleách.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In CZ: Ní fhéadfar ach fiontar ina bhforchoimeádtar 60 % ar a laghad de na leasanna caipitil nó cearta vótála do náisiúnaigh CZ nó do náisiúnaigh Ballstát a údarú chun iniúchtaí a dhéanamh in CZ.

Bearta atá ann cheana:

CZ: Dlí an 14 Aibreán 2009 Uimh. 93/2009 Bail., maidir le hIniúchóirí.

(c) Seirbhísí ailtireachta agus pleanála uirbí (CPC 8674)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In HR: Soláthar trasteorann pleanála uirbí.

II-EU-3 – Seirbhísí Gairmiúla – Gairmeacha a bhaineann leis an tSláinte agus Miondíol Táirgí Cógaisíochta

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gairmiúla – seirbhísí gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, miondíolachán táirgí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 63211, 85201, 9312, 9319, 93121 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Ceanglais Feidhmíochta |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí leighis agus fiaclóireachta; seirbhísí arna soláthar ag cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, síceolaithe agus pearsanra paraimhíochaine (CPC 63211, 85201, 9312, 9319, 932)

In FI: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, bíodh sí á cistiú go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine, chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe, seachas seirbhísí a sholáthraíonn altraí (CPC 9312, 93191).

In BG: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, seirbhísí a sholáthraíonn altraí, cnáimhseacha, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine, chomh maith le seirbhísí a sholáthraíonn síceolaithe (CPC 9312, cuid de 9319).

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki yksityisestä terveydenhuollosta (An tAcht um Chúram Sláinte Príobháideach) (152/1990).

BG: An Dlí maidir leis an Acht um Bunaíocht Leighis, an tAcht um an Eagraíocht Ghairmiúil Altraí Leighis, na gCnáimhseach agus Chumann Gaolmhar na Speisialtóirí Leighis.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In CZ agus MT: Soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí agus síceolaithe, chomh maith le seirbhísí gaolmhara eile (CPC 9312, cuid de 9319).

Bearta atá ann cheana:

CZ: Acht Uimh. 296/2008 Bail., um Cháilíocht agus Sábháilteacht Fíochán agus Ceall Daonna a Chosaint atá Ceaptha lena nÚsáid sa Duine;

Acht Uimh. 378/2007 Bail., maidir le Táirgí Cógaisíochta agus maidir le Leasuithe ar Roinnt Achtanna Gaolmhara;

Acht. Acht 123/2000 Bail., maidir le Feistí Leighis; agus

Acht. Acht 285/2002 Bail., maidir le Deonú, Tógáil agus Trasphlandú Fíochán agus Orgán agus maidir le Leasú ar Achtanna Áirithe (an tAcht um Thrasphlandú).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AE, cé is moite de NL agus SE: Tá cónaí ina cheanglas le haghaidh sholáthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe. Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha ag a bhfuil láithreacht fhisiceach i gcríoch an Aontais Eorpaigh na seirbhísí sin a sholáthar (CPC 9312, cuid de 93191).

In BE: Soláthar trasteorann seirbhísí leighis, fiaclóireachta agus cnáimhseach a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí, síceolaithe agus pearsanra paraimhíochaine.

(b) Seirbhísí Tréidliachta (CPC 932)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach bunaíocht leighis tréidliachta a bhunú.
Tá cleachtadh an leighis tréidliachta faoi réir coinníoll nár mhór don té a bheith ina náisiúnach Ballstáit den Aontas Eorpach nó de LEE (dá ngairtear 'LEE' anseo feasta), murach sin, tá ceadúnas buanchónaithe ina cheanglas le haghaidh náisiúnaigh eachtracha (tá láithreacht fhisiciúil ina ceanglas).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE agus LV: Soláthar trasteorann seirbhísí tréidliachta.

(c) Miondíol táirgí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha, seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí (CPC 63211)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FI: Miondíol táirgí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In SE: Miondíolachán earraí cógaisíochta agus soláthar earraí cógaisíochta don phobal i gcoitinne.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In AE, cé is moite de BE, BG, EE, ES, IE agus LT: Ní féidir postdíol a dhéanamh ach ó Bhallstáit de LEE amháin, rud a fhágann go bhfuil bunaíocht in aon cheann de na tíortha sin ina ceanglas le haghaidh miondíol táirgí cógaisíochta agus earraí míochaine sonracha leis an bpobal i gcoitinne san Aontas.

In BE: Níl postdíol ceadaithe ach le haghaidh cógaslanna atá oscailte don phobal, rud a fhágann go bhfuil bunaíocht in BE ina ceanglas le haghaidh miondíol táirgí cógaisíochta agus earraí sonracha leis an bpobal.

In BG agus EE: Tá toirmeasc ar phostdíol cógas.

In IE, LT agus ES: Tá toirmeasc ar phostdíol táirgí cógaisíochta lena bhfuil oideas ag teastáil.
Bearta atá ann cheana:

AT: Arzneimittelgesetz (An tAcht um Chógas), BGBl. Uimh. 185/1983 arna leasú, §§ 57, 59, 59a; agus

Medizinproduktegesetz (An Dlí maidir le Táirgí Leighis), BGBl. Uimh. 657/1996 arna leasú, § 99.

BE: Arrêté royal du 21 janvier 2009 portant instructions pour les pharmaciens; agus

Arrêté royal du 10 novembre 1967 relatif à l'exercice des professions des soins de santé.

FI: Lääkelaki (An tAcht Leighis) (395/1987).

SE: An Dlí maidir le trádáil i dtáirgí cógaisíochta (2009:336);

Rialachán maidir le trádáil i dtáirgí cógaisíochta (2009:659); agus

Rialacháin eile arna nglacadh ag Gníomhaireacht na Sualainne um Tháirgí Leighis (tá na sonraí le fáil ag LVFS 2009:9).

II-EU-4 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Taighde agus Forbartha

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gnó – seirbhísí taighde agus forbartha |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 851, 852, 853 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| Caibidil: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In RO: Soláthar trasteorann seirbhísí taighde agus forbartha.

Bearta atá ann cheana:

RO: Reacht Rialtais Uimh. 6 / 2011;

Ordú ón Aire Oideachais agus Taighde Uimh. 3548 / 2006; agus

Cinneadh Rialtais Uimh. 134 / 2011.

II-EU-5 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Réadmhaoine

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí gnó – seirbhísí maoine réadaigh

Aicmiú Tionscail: CPC 821, 822

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Caibidil: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In CZ agus HU: Soláthar trasteorann seirbhísí maoine réadaigh.

II-EU-6 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Cíosa nó Léasa

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gnó – seirbhísí cíosa nó léasa gan oibreoirí |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 832 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| Caibidil: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In BE agus FR: Soláthar trasteorann seirbhísí léasa nó cíosa gan oibreoir i ndáil le hearraí pearsanta agus tí.

II-EU-7 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Gníomhaireachta Bailiúcháin, Seirbhísí Tuairiscithe Creidmheasa

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gnó – seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin, seirbhísí tuairiscithe creidmheasa |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 87901, CPC 87902 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| Caibidil: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In AE, cé is moite de ES, LV agus SE: Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin agus seirbhísí tuairiscithe creidmheasa.

II-EU-8 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Socrúcháin

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí gnó – seirbhísí socrúcháin

Aicmiú Tionscail: CPC 87201, 87202, 87203, 87204, 87205, 87206 agus 87209

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí

Láithreacht Áitiúil

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

Cé is moite de HU agus SE: Soláthar seirbhísí socrúcháin maidir le hoibrithe tí, oibrithe eile tráchtála nó tionscail, pearsanra altranais agus pearsanra eile (CPC 87204, 87205, 87206, 87209).

Cé is moite de BE, HU agus SE: Bunaíocht a bheith ina ceanglas agus toirmeasc a chur ar sholáthar trasteorann seirbhísí socrúcháin maidir le pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile.

In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, MT, PL, PT, RO, SK agus SI: Seirbhísí socrúcháin a bhunú le haghaidh pearsanra tacaíochta oifige agus oibrithe eile. In LV agus LT: Seirbhísí socrúcháin pearsanra tacaíochta oifige a sholáthar. In DE agus IT: Srian a chur le líon na soláthróirí seirbhísí socrúcháin. In FR: Féadfaidh na seirbhísí sin a bheith faoi réir monaplacht stáit. In DE: Féadfaidh an Aireacht Fheidearálach Saothair agus Gnóthaí Sóisialta rialachán a eisiúint maidir le socrú agus earcú pearsanra neamh-AE nó neamh-LEE le haghaidh gairmeacha sonraithe (CPC 87202).

In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, LT, LV, MT, PL, PT, RO, SI agus SK: Seirbhísí socrúcháin pearsanra tacaíochta oifige a sholáthar. In FR, IE, IT agus NL: Bunaíocht a bheith ina ceanglas agus toirmeasc a chur ar sholáthar trasteorann seirbhísí soláthar pearsanra tacaíochta oifige.

In IT: Srian a chur le líon na soláthróirí seirbhísí soláthair pearsanra oifige. (87203)

In BG, CY, CZ, DE, EE, FI, MT, LV, LT, PL, PT, RO, SK, SI:: Soláthar seirbhísí cuardaigh feidhmeannach.

In IE: Bunaíocht a bheith ina ceanglas agus toirmeasc a chur ar sholáthar trasteorann seirbhísí cuardaigh feidhmeannach (87201).

Bearta atá ann cheana:

AT: §§97 agus 135 d’Acht Trádála na hOstaire (Gewerbeordnung);

Iris Oifigiúil Uimh. 194/1994, arna leasú;

An tAcht um Fhostaíocht Shealadach (Arbeitskräfteüberlassungsgesetz/AÜG); agus

Iris Oifigiúil Uimh. 196/1988, arna leasú.

BG: An Dlí maidir le hInfhostaitheacht a Chur Chun Cinn, Airteagail 26, 27, 27a agus 28.

CY: An Dlí um Ghníomhaireacht Phríobháideach Fostaíochta Uimh. 150(I)/2013 arna eisiúint an 6/12/2013; agus

An Dlí um Ghníomhaireacht Phríobháideach Fostaíochta Uimh. 126(I)/2012.

CZ: An tAcht um Fhostaíocht (435/2004).

DE: Roinn 38, Rialachán Fostaíochta (Beschäftigungsverordnung); agus

Roinn 292 Cód Sóisialta Uimh. III Fostaíocht a Chur Chun Cinn (Drittes Buch Sozialgesetzbuch, SGB III).

DK: §§ 8a – 8f i bhforaithne dlí Uimh. 73 an 17 Eanáir 2014 agus atá sonraithe i bhforaithne Uimh. 228 an 7 Márta 2013 (fostaíocht maraithe); agus

An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006. S1(2) agus (3).

EL: Dlí 4052/2012 (Iris Oifigiúil an Rialtais 41 A) ar leasú roinnt dá fhorálacha le dlí Uimh. 4093/2012 (Iris Oifigiúil an Rialtais 222 A).

FI: Laki julkisesta työvoima- ja yrityspalvelusta (An tAcht um Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta agus Fiontair) (916/2012).

HR: An tAcht um Idirghabháil Fostaíochta agus Cearta Dífhostaíochta (OG 80/08, 121/10, 118/12 agus 153/13);

Reacht maidir le gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann leis an bhfostaíocht (OG 8/14);

An tAcht Saothair (OG 93/14) Airteagail 44 go 47; agus

Acht na Náisiúnach Eachtrach (OG 130/11 agus 74/12) maidir le náisiúnaigh eachtracha sa Chróit a fhostú.

IE: An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006. S1(2) agus (3).

IT: Foraithne Reachtach 276/2003, Airteagail 4 agus 5.

LT: Cód Saothair Phoblacht na Liotuáine, agus

Dlí Phoblacht na Liotuáine maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta Sealadaí an 19 Bealtaine 2011 Uimh. XI-1379, leasú deiridh an 11 Aibreán 2013 Uimh. XII-230.

LU: Loi du 18 janvier 2012 portant création de l'Agence pour le développement de l'emploi) (Dlí an 18 Eanáir 2012 maidir le gníomhaireacht a chruthú le haghaidh forbairt fostaíochta – ADEM).

MT: An tAcht Seirbhísí Fostaíochta agus Oiliúna, (Cap 343) (Airteagail 23 go 25); agus Rialacháin maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta (S.L. 343.24).

PL: Airteagal 18 d'Ionstraim an 20 Aibreán 2004 maidir le hinstitiúidí fostaíochta agus margaidh saothair a chur chun cinn (Dz.U. de 2015, ítim 149, arna leasú).

PT: Dlí Foraithne Uimh. 260/2009 an 25 Meán Fómhair, arna leasú le Dlí Uimh. 5/2014 an 12 Feabhra (soláthar seirbhísí arna dhéanamh ag gníomhaireachtaí socrúcháin chomh maith le rochtain ar na seirbhísí sin).

RO: Dlí Uimh. 156/2000 maidir le cosaint shaoránaigh na Rómáine a oibríonn thar lear, arna athfhoilsiú;

Cinneadh Uimh. 384/2001 ón Rialtas maidir leis na noirm mhodheolaíochta a fhormheas chun Dlí Uimh. 156/2000 a chur i bhfeidhm, chomh maith leis na leasuithe ina dhiaidh sin;

Reacht Uimh. 277/2002 ón Rialtas, arna mhodhnú le Reacht Uimh. 790/2004 ón Rialtas agus le Reacht Uimh. 1122/2010 ón Rialtas;

Dlí Uimh. 53/2003 – Cód Saothair, arna athfhoilsiú, chomh maith leis na leasuithe agus an forlíonadh ina dhiaidh sin; agus

Cinneadh Uimh. 1256/2011 ón Rialtas maidir leis na coinníollacha oibriúcháin agus an nós imeachta um údarú maidir le gníomhaireachtaí oibre sealadaí.

SI: An tAcht um margadh an tsaothair a rialáil (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 80/2010, 21/2013, 63/2013, 55/2017);

An tAcht um Fhostaíocht, Féinfhostaíocht agus Obair Náisiúnach Eachtrach – ZZSDT (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 47/2015), ZZSDT-UPB2 (Iris Oifigiúil RS, Uimh. 1/2018).

SK: Acht Uimh. 5/2004 maidir le Seirbhísí Fostaíochta; agus Acht Uimh. 455/1991 maidir le Ceadúnú Trádála.

II-EU-9 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Slándála agus Imscrúdaithe

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí gnó – seirbhísí slándála agus imscrúdaithe

Aicmiú Tionscail: CPC 87301, 87302, 87303, 87304, 87305, 87309

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Ceanglais Feidhmíochta

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí

Láithreacht Áitiúil

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí slándála (CPC 87302, 87303, 87304, 87305, 87309)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG, CY, CZ, EE, LT, LV, MT, PL, RO, SI agus SK: Soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais.

In DK, HR agus HU: Soláthar na bhfo-earnálacha seo a leanas: seirbhísí garda (87305) in HR agus HU, seirbhísí comhairliúcháin slándála (87302) in HR, seirbhísí garda aerfoirt (cuid de 87305) in DK agus seirbhísí carr armúrtha (87304) in HU.

In BE, ES, FI, FR agus PT: Níl fhéadfaidh soláthróir seirbhísí eachtrach seirbhísí slándála a sholáthar ar bhonn trasteorann. Tá ceanglais maidir le náisiúntacht ann do shainphearsanra in PT, do phearsanra slándála príobháideach in ES, agus do stiúrthóirí agus stiúrthóirí bainistíochta in FR.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

In FI: Ní fhéadfar ceadúnais maidir le soláthar seirbhísí slándála a dheonú ach amháin do dhaoine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó do dhaoine dlítheanacha atá bunaithe in LEE.

In BE: Tá náisiúntacht an Aontais Eorpaigh ina ceanglas le haghaidh boird stiúrthóirí cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí garda agus slándála (87305), chomh maith le sainchomhairleoireacht agus oiliúint a bhaineann le seirbhísí slándála (87302).

In BE: Tá ceanglas ar bhainisteoirí sinsearacha cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí sainchomhairleoireachta garda agus slándála a bheith ina náisiúnaigh chónaitheacha i mBallstát.

Bearta atá ann cheana:

BE: Loi réglementant la sécurité privée et particulière, 2 Octobre 2017.

BG: An tAcht um Ghnó Slándála Príobháidí.

CZ: An tAcht um Cheadúnas Trádála.

DK: Rialachán maidir leis an tslándáil eitlíochta.

FI: Laki yksityisistä turvallisuuspalveluista (An tAcht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí) 282/2002.

LT: An Dlí maidir le slándáil Daoine agus Sócmhainní an 8 Iúil 2004 Uimh. IX-2327 (le leasú).

LV: An Dlí maidir le Gníomhaíochtaí Garda Slándála (Ranna 6, 7, 14).

PL: Acht an 22 Lúnasa 1997 maidir le cosaint daoine agus réadmhaoine (Iris Dlíthe 2016, ítim 1432 arna leasú).

PT: Dlí 34/2013 agus Reacht 273/2013.

SI: Zakon o zasebnem varovanju (An dlí maidir le slándáil phríobháideach).

(b) Seirbhísí imscrúdaithe (CPC 87301)

In AE, cé is moite de AT agus SE: Soláthar seirbhísí imscrúdaithe.

II-EU-10 – Seirbhísí Gnó – Seirbhísí Gnó Eile

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí gnó – seirbhísí gnó eile (seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta, seirbhísí dúblála, seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh agus seirbhísí a bhaineann le monaraíocht) |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 87905, 87904, 884, 887 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí<br><br>Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta (CPC 87905)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In HR: Soláthar trasteorann aistriúcháin agus ateangaireachta ar dhoiciméid oifigiúla.

(b) Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh agus seirbhísí a bhaineann le monaraíocht (Cuid de CPC 884, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In HU: Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh, agus le soláthar trasteorann seirbhísí a bhaineann le monaraíocht, cé is moite de sheirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann leis na hearnálacha sin.

(c) Cothabháil agus deisiú soithí, trealaimh iompair iarnróid agus aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 86764, CPC 86769, 8868)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AE, cé is moite de DE, EE agus HU: Bunaíocht nó láithreacht fhisiciúil ina críoch a bheith ina ceanglas agus toirmeasc a chur ar sholáthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair iarnróid ó lasmuigh dá críoch.

San Aontas Eorpach, cé is moite de CZ, EE, HU, LU agus SK: Bunaíocht nó láithreacht fhisiciúil ina críoch a bheith ina ceanglas agus toirmeasc a chur ar sholáthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe soithí iompair ar uiscebhealaí inmheánacha ó lasmuigh dá críoch.

San Aontas Eorpach, cé is moite de EE, HU agus LV: Bunaíocht nó láithreacht fhisiciúil ina críoch a bheith ina ceanglas agus toirmeasc a chur ar sholáthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe soithí muirí ó lasmuigh dá críoch.

San Aontas, cé is moite de AT, EE, HU, LV agus PL: Bunaíocht nó láithreacht fhisiciúil ina críoch a bheith ina ceanglas agus toirmeasc a chur ar sholáthar trasteorann seirbhísí cothabhála agus deisithe aerárthaí agus páirteanna díobh ó lasmuigh dá críoch (Cuid de CPC 86764, CPC 86769, CPC 8868).

San Aontas Eorpach: Ní fhéadfaidh ach eagraíochtaí aitheanta a bhfuil údarú acu san Aontas Eorpach suirbhéanna reachtúla agus deimhniú long a dhéanamh thar ceann na mBallstát. Féadfaidh bunaíocht a bheith ina ceanglas.

Bearta atá ann cheana:

San Aontas Eorpach: Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d’eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge.

(d) Seirbhísí gnó eile a bhaineann leis an eitlíocht

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

San Aontas Eorpach: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír nó do thríú tír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann leis na seirbhísí seo a leanas:

(i) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú;

(ii) seirbhísí córas áirithinte ar ríomhairí (CAR);

(iii) aerárthaí agus páirteanna díobh a chothabháil agus a dheisiú; nó

(iv) aerárthaí gan chriú a fháil ar cíos nó a léasú.

II-EU-11 – Seirbhísí Teileachumarsáide

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí teileachumarsáide – seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte

Aicmiú Tionscail:

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In BE: Seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte.

II-EU-12 – Foirgníocht

Earnáil – Fo-earnáil: Tógáil – Seirbhísí foirgníochta

Aicmiú Tionscail: CPC 51

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

In LT: Ní thugtar an ceart chun cáipéisí dearaidh a ullmhú i gcomhair oibreacha foirgníochta a bhfuil tábhacht eisceachtúil leo ach amháin d'fhiontar dearaidh atá cláraithe in LT, nó d'fhiontar dearaidh eachtrach atá formheasta ag institiúid arna húdarú ag Rialtas LT le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin. Féadfar institiúid arna húdarú ag Rialtas LT an ceart chun gníomhaíochtaí teicniúla a dhéanamh i bpríomhréimsí na foirgníochta a dheonú do dhuine nach Liotuánach é.

II-EU-13 – Seirbhísí Dáileacháin

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí dáileacháin

Aicmiú Tionscail: CPC 62117, 62251, 8929, cuid de 62112, 62226, 63107

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Ceanglais Feidhmíochta

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Dáileadh táirgí cógaisíochta

In BG: Dáileadh trasteorann mórdhíola táirgí cógaisíochta (CPC 62251).

In FI: Dáileadh táirgí cógaisíochta (CPC 62117, 62251).

Bearta atá ann cheana:

BG: Dlí maidir le Táirgí Leighis i Leigheas don Duine.

FI: Lääkelaki (An tAcht Leighis) (395/1987).

(b) Dáileadh deochanna alcólacha

In FI: Dáileadh deochanna alcólacha (cuid de CPC 62112, 62226, 63107, 8929).

Bearta atá ann cheana:

FI: Alkoholilaki (An tAcht um Alcól) (1102/2017).

(c) Dáileadh eile (Cuid de CPC 621, CPC 62228, 62251, 62271, cuid de CPC 62272, 62276, 63108, cuid de CPC 6329)

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí - Cóir Náisiúnta:

In BG: Dáileachán mórdhíola táirgí ceimiceacha, miotal agus cloch lómhar, substaintí leighis agus táirgí agus míreanna le haghaidh úsáid leighis; tobac agus táirgí tobac agus deochanna alcólacha.

Forchoimeádann an Bhulgáir an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le seirbhísí a sholáthraíonn bróicéirí tráchtearraí.

Bearta atá ann cheana:

BG: An Dlí maidir le Táirgí Leighis i Leigheas an Duine;

An Dlí maidir le Gníomhaíocht Tréidliachta;

An Dlí maidir le Toirmeasc ar Airm Cheimiceacha agus maidir le Rialú ar Shubstaintí Ceimiceacha Tocsaineacha agus a Réamhtheachtaithe;

An Dlí maidir le Tobac agus Táirgí Tobac; agus

An dlí maidir le dleachtanna máil agus stórais chánach agus an Dlí maidir le fíon agus biotáillí.

II-EU-14 – Seirbhísí Oideachais

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí oideachais

Aicmiú Tionscail: CPC 92

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Ceanglais Feidhmíochta

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí

Láithreacht Áitiúil

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

San Aontas Eorpach: Gach seirbhís oideachais a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith, agus nach meastar, dá bhrí sin, í a bheith á cistiú go príobháideach. I gcás ina gceadaítear seirbhísí oideachais a sholáthar arna gcistiú go príobháideach ag soláthróir seirbhíse eachtrach, féadfar go mbeidh rannpháirtíocht soláthróirí seirbhíse príobháideacha sa chóras oideachais faoi réir lamháltas arna leithdháileadh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

In AE, cé is moite de CZ, NL, SE agus SK: Soláthar seirbhísí oideachais eile a chistítear go príobháideach, rud a chiallaíonn seirbhísí seachas iad sin a aicmítear mar sheirbhísí bunoideachais, meánoideachais, ardoideachais nó oideachais aosach (CPC 929).

In SE: Soláthróirí seirbhísí oideachais atá formheasta ag údaráis phoiblí chun oideachas a chur ar fáil. Baineann an forchoimeádas sin le soláthróirí seirbhísí oideachais atá á gcistiú go príobháideach agus a bhfuil leagan éigin de thacaíocht Stáit acu, amhail soláthróirí seirbhísí oideachais arna sainaithint ag an Stát, soláthróirí seirbhísí oideachais faoi mhaoirseacht an Stáit nó oideachas a thugann teidlíocht chun tacaíocht staidéir a fháil (CPC 92).

In CY, FI, MT agus RO: Soláthar seirbhísí bunoideachais, meánoideachais, agus oideachais aosach arna gcistiú go príobháideach (CPC 921, 922, 924).

In AT, BG, CY, FI, MT agus RO: Soláthar seirbhísí ardoideachais arna gcistiú go príobháideach (CPC 923).

In SK: Tá cónaí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) ina cheanglas ar sholáthróirí gach seirbhíse oideachais atá á cistiú go príobháideach cé is moite de sheirbhísí teicniúla agus gairmoideachais iar-bhunscoile. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm agus féadfaidh na húdaráis áitiúla líon na scoileanna atá á mbunú a theorannú (CPC 921, 922, 923 seachas 92310, 924).

In CZ agus SK: Ní mór náisiúnaigh de chuid na tíre sin a bheith i bhformhór na gcomhaltaí de bhord stiúrthóirí bunaíochta a sholáthraíonn seirbhísí oideachais arna gcistiú go príobháideach (CPC 921, 922, 923 le haghaidh SK seachas 92310, 924). In SI: Is féidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha Slóivéanacha, agus iad sin amháin, bunscoileanna arna gcistiú go príobháideach a bhunú. Ní mór don soláthróir seirbhíse oifig chláraithe nó oifig brainse a bhunú. Ní mór formhór na mball de bhord stiúrthóirí bunaíochta a sholáthraíonn seirbhísí meánoideachais nó ardoideachais atá á gcistiú go príobháideach a bheith ina náisiúnaigh Shlóivéanacha (CPC 922, 923).

In BG, IT agus SI: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí bunoideachais arna gcistiú go príobháideach (CPC 921). In BG agus IT: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí meánoideachais arna gcistiú go príobháideach (CPC 922). In AT: Srian a chur le soláthar trasteorann seirbhísí oideachais aosach arna gcistiú go príobháideach trí chraoltóireacht raidió nó teilifíse (CPC 924).

Bearta atá ann cheana:

BG: An tAcht Ardoideachais (Forálacha Breise, mír 4) den Acht um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint (Airt. 22).

FI: Perusopetuslaki (An tAcht um Bunoideachais) (628/1998);

Lukiolaki (An tAcht um Meánscoileanna Uachtaracha Ginearálta) (629/1998);

Laki ammatillisesta koulutuksesta (An tAcht um Ghairmoiliúint agus Gairmoideachas) (630/1998);

Laki ammatillisesta koulutuksesta (An tAcht um Ghairmoideachas Aosach) (631/1998); agus

Ammattikorkeakoululaki (An tAcht um Pholaiteicnicí) (351/2003), Yliopistolaki (An tAcht um Ollscoileanna) (558/2009).

IT: Foraithne Ríoga 1592/1933 (An Dlí maidir le meánoideachas);

Dlí 243/1991 (Ranníocaíocht phoiblí ócáideach le haghaidh ollscoileanna príobháideacha);

Rún 20/2003 ó CNVSU (Comitato nazionale per la valutazione del sistema universitario); agus Foraithne Uachtarán na Poblachta (DPR) 25/1998.

SK: Acht 245/2008 um an Oideachas;

Acht 131/2002 um Ollscoileanna; agus

Acht 596/2003 um Riarachán Stáit san Oideachas agus Féinriarachán Scoile.

II-EU-15 – Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí sláinte agus sóisialta |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 93, 931, seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193, 93199 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br><br>Cóir an Náisiúin Barrfhabhair<br><br>Ceanglais Feidhmíochta<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí<br><br>Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí sláinte (CPC 93, 931, seachas 9312, cuid de 93191, 9311, 93192, 93193, 93199)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

San Aontas Eorpach: Soláthar gach seirbhíse oideachais a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith, agus nach meastar, dá bhrí sin, í a bheith á cistiú go príobháideach.

San Aontas Eorpach: Gach seirbhís sláinte a fhaigheann cistiú príobháideach, seachas seirbhísí ospidéil, otharchairr, agus saoráidí sláinte cónaithe a fhaigheann cistiú príobháideach cé is moite de sheirbhísí ospidéil. Rannpháirtíocht soláthróirí seirbhíse príobháideacha sa líonra sláinte arna chistiú go príobháideach, d’fhéadfadh sin a bheith faoi réir lamháltas ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d’imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua.

Ní bhaineann an forchoimeádas sin le soláthar gach seirbhíse gairmiúla a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a bhíonn á soláthar ag gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, ar seirbhísí iad a chumhdaítear le forchoimeádais eile (CPC 931, seachas 9312, cuid de 93191).

In AT, PL agus SI: Soláthar seirbhísí otharchairr arna gcistiú go príobháideach (CPC 93192).

In BG, CY, CZ, FI, MT agus SK: Soláthar seirbhísí ospidéil, otharchairr, agus seirbhísí sláinte cónaithe arna gcistiú go príobháideach, cé is moite de sheirbhísí ospidéil (CPC 9311, 93192, 93193).

In BE: Soláthar seirbhísí otharchairr agus saoráidí sláinte cónaithe arna gcistiú go príobháideach, cé is moite de sheirbhísí ospidéil (CPC 93192, 93193).

In FI: Soláthar seirbhísí eile a bhaineann le sláinte an duine (CPC 93199).

Bearta atá ann cheana:

CZ: Acht Uimh. 372/2011 Sb. maidir le Seirbhísí Cúraim Sláinte agus maidir leis na Coinníollacha a bhaineann lena Soláthar.

FI: Laki yksityisestä terveydenhuollosta (An tAcht um Chúram Sláinte Príobháideach) (152/1990).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In DE: Soláthar Chóras Slándála Sóisialta DE, i gcás ina bhféadfaidh cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí a sholáthar a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo nach seirbhísí iad, dá bhrí sin, atá ‘á ndéanamh go heisiach chun údarás an rialtais a fheidhmiú’. Chun cóir níos fearr a thabhairt i gcomhthéacs comhaontú déthaobhach trádála maidir le soláthar seirbhísí sláinte agus sóisialta (CPC 93).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta,

In FR: Soláthar seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne arna gcistiú go príobháideach.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta:

In DE: Úinéireacht ospidéal arna gcistiú go príobháideach agus arna reáchtáil ag Fórsaí na Gearmáine. Ospidéil ríthábhachtacha eile arna gcistiú go príobháideach a náisiúnú (CPC 93110).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FR: Soláthar seirbhísí anailíse agus tástála saotharlainne arna gcistiú go príobháideach (cuid de CPC 9311).

Bearta atá ann cheana:

In FR: Airteagail L 6213-1 go 6213-6 den Code de la Santé Publique.

(b) Seirbhísí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AE, cé is moite de HU: Bunaíocht nó láithreacht fhisiciúil ina gcríoch a bheith ina ceanglas ar sholáthróirí agus srian a chur ar sholáthar trasteorann seirbhísí sláinte ó lasmuigh dá gcríoch, soláthar trasteorann seirbhísí sóisialta ó lasmuigh dá gcríoch, chomh maith le gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar cuid iad de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le soláthar gach seirbhíse gairmiúla i dtaca leis an tsláinte, lena n-áirítear na seirbhísí a sholáthraíonn gairmithe amhail dochtúirí leighis, fiaclóirí, cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí, paraimhíochaineoirí, agus síceolaithe, ar seirbhísí iad a chumhdaítear le forchoimeádais eile (CPC 931 cé is moite de 9312, cuid de 93191).

In HU: Soláthar trasteorann, ó lasmuigh dá críoch, gach seirbhíse ospidéil, otharchairr, agus seirbhíse sláinte cónaithe cé is moite de sheirbhísí ospidéil, a fhaigheann cistiú poiblí (CPC 9311, 93192, 93193).

(c) Seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear árachas pinsin

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, Ceanglais Feidhmíochta:

San Aontas Eorpach: Soláthar na seirbhísí sóisialta uile a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit i bhfoirm ar bith, agus nach meastar, dá bhrí sin, iad a bheith á gcistiú go príobháideach, agus gníomhaíochtaí nó seirbhísí ar cuid iad de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialaí. Féadfaidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra sóisialta arna chistiú go príobháideach a bheith faoi réir lamháltas ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d’imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua.

In CZ, FI, HU, MT, PL, RO, SK agus SI: Soláthar seirbhísí sóisialta arna gcistiú go príobháideach.
In BE, CY, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT agus PT: Soláthar seirbhísí sóisialta arna gcistiú go príobháideach cé is moite de sheirbhísí a bhaineann le tithe téarnaimh agus aíochta agus le hárais seanóirí.

In DE: Córas Slándála Sóisialta DE, i gcás ina gcuireann cuideachtaí nó eintitis éagsúla seirbhísí ar fáil a bhfuil gnéithe iomaíocha ag baint leo agus, dá bhrí sin, nach dtiocfadh, b’fhéidir, faoin sainmhíniú ‘seirbhísí a dhéantar go heisiach chun údarás an rialtais a fheidhmiú’.

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki yksityisistä sosiaalipalveluista (An tAcht um Sheirbhísí Sóisialta Príobháideacha) (922/2011).

IE: An tAcht Sláinte 2004 (S. 39) agus an tAcht Sláinte 1970 (arna leasú –S.61A).

IT: Dlí 833/1978 Institiúid an chórais sláinte poiblí;

Foraithne Reachtach 502/1992 Eagrú agus smacht réimse na sláinte; agus

Dlí 328/2000 Athchóiriú na seirbhísí sóisialta.

II-EU-16 – An Turasóireacht agus Seirbhísí a Bhaineann le Taisteal

Earnáil – Fo-earnáil: Seirbhísí treoraithe do thurasóirí

Aicmiú Tionscail: CPC 7472

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta

Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

Caibidil: Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FR: Náisiúntacht Ballstáit a bheith ina ceanglas le haghaidh soláthar seirbhísí treoraithe turasóireachta ina chríoch.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

In LT: A mhéid a cheadóidh Meicsiceo do náisiúnaigh LT seirbhísí treoraithe turasóireachta a sholáthar, ceadóidh LT do náisiúnaigh Mheicsiceo seirbhísí treoraithe a sholáthar do thurasóirí faoi na coinníollacha céanna.

II-EU-17 – Seirbhísí Áineasa, Cultúrtha agus Spóirt

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 962, 963, 9619, 964 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Ceanglais Feidhmíochta |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Leabharlanna, cartlanna, músaeim agus seirbhísí cultúrtha eile (CPC 963)

An tAontas Eorpach, cé is moite de AT agus, ar mhaithe le léirscaoileadh infheistíochta in LT: Soláthar seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim, agus seirbhísí cultúrtha eile. In AT agus LT: D’fhéadfadh ceadúnas nó lamháltas a bheith ina cheanglas le haghaidh bunaíochta.

(b) Seirbhísí siamsaíochta, amharclannaíocht, bannaí beo agus seirbhísí sorcais (CPC 9619, 964 seachas 96492)

In AE, cé is moite de AT agus SE: Soláthar trasteorann seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bandaí beo, sorcais agus dioscó. In CY, CZ, FI, MT, PL, RO, SI agus SK: I dtaca le soláthar seirbhísí siamsaíochta, lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó. In BG: Soláthar na seirbhísí siamsaíochta seo a leanas: seirbhísí sorcais, páirce siamsaíochta agus tarraingtí eile cosúil leo, seirbhísí bálseomra, dioscó agus teagascóra rince agus seirbhísí siamsaíochta eile. In EE: Soláthar seirbhísí siamsaíochta eile ach amháin i gcás seirbhísí pictiúrlainne. In LT agus LV: Soláthar seirbhísí siamsaíochta uile ach amháin i gcás seirbhísí oibriúcháin pictiúrlainne.

In CY, CZ, LV, PL, RO agus SK: Soláthar trasteorann seirbhísí spóirt agus seirbhísí eile áineasa.

(c) Seirbhísí gníomhaireachta nuachta (CPC 962)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In FR: Rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí atá ann cheana a eisíonn foilseacháin sa Fhraincis, ní sháróidh sí 20 % den chaipiteal ná de na cearta vótála sa chuideachta. Tá bunú ghníomhaireachtaí preasa as Meicsiceo faoi réir coinníollacha a leagtar amach i rialacháin intíre. I gcás ina mbunaíonn infheisteoirí eachtracha gníomhaireachtaí preasa, tá an bunú sin faoi réir cómhalartachta.

Bearta:

In FR: Loi uimh. 86-897 du 1 août 1986 portant réforme du régime juridique de la presse

(d) Seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta (CPC 96492)

In AE, cé is moite de MT: Soláthar seirbhísí cearrbhachais, lena mbaineann geall a chur a bhfuil luach airgid air i gcluichí seans, lena n-áirítear crannchuir áirithe, scríobchártaí, seirbhísí cearrbhachais arna dtairiscint i gcasaíní, in árais siamsaíochta cearrbhachais nó in áitribh cheadúnaithe, seirbhísí gealltóireachta, seirbhísí biongó agus seirbhísí cearrbhachais arna n-oibriú ag carthanais nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus chun a leasa.

Ní bhaineann an forchoimeádas sin le cluichí scile, meaisíní cearrbhachais nach dtugann duaiseanna nó a thugann duaiseanna ach iad a bheith i bhfoirm cluichí saor in aisce, nó cluichí fógraíochta, arb é an t-aon chuspóir leo soláthar earraí nó seirbhísí a spreagadh.

II-EU-18 – Seirbhísí Iompair agus Seirbhísí Cúnta Iompair

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí iompair |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| | Ceanglais Feidhmíochta |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| | Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Iompar muirí – aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar ó long

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, Ceanglais Feidhmíochta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: Náisiúntacht an chriú ar shoitheach.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta amháin – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In AE, cé is moite de LV agus MT: Chun soitheach a chlárú agus cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta Stát na bunaíochta (gach gníomhaíocht mhuirí tráchtála a dtugtar fúithi ó long mhuirghabhála, lena n-áirítear iascaireacht, dobharshaothrú, agus seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht; iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus lasta (CPC 721); iompar idirnáisiúnta paisinéirí agus lasta ar uiscebhealaí intíre (CPC 7221 agus 7222); seirbhísí cúnta iompair mhuirí).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

San Aontas Eorpach: I gcás seirbhísí friothálacha, agus i gcás athshuí coimeádán, iad faoi úinéireacht nó ar léas, arna dhéanamh ag fiontair loingseoireachta de chuid an Aontais, don chuid de na seirbhísí sin nach dtagann faoi eisiamh an chabatáiste mhuirí.

In SK: Ní mór d'infheisteoirí eachtracha a bpríomhoifig a bheith acu in SK chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas a fhágfaidh go mbeidh siad in ann seirbhís a sholáthar (CPC 722).

(b) Seirbhísí cúnta iompair mhuirí

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: Soláthar seirbhísí píolótaíochta agus cur i mbeart. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, gan beann ar na critéir a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm maidir le clárú long i mBallstát, forchoimeádann an tAontas Eorpach an ceart a cheangal nach bhféadfaidh ach longa atá cláraithe ar chláir náisiúnta na mBallstát seirbhísí píolótaíochta agus seirbhísí cur i mbeart a sholáthar (CPC 7214, 7224).

An tAontas Eorpach, cé is moite de LT agus LV: Ní fhéadfaidh ach soithí a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu seirbhísí brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7452).

In LT: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha de LT nó daoine dlítheanacha de Bhallstát ag a bhfuil brainsí in LT ag a bhfuil deimhniú acu arna eisiúint ag Riarachán na Liotuáine um Shábháilteacht Muirí seirbhísí píolótaíochta agus calaithe agus seirbhísí brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7452).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Láithreacht Áitiúil:

In LT: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanacha de LT nó daoine dlítheanacha Ballstáit ag a bhfuil brainsí in LT ag a bhfuil deimhniú arna eisiúint ag Riarachán na Liotuáine um Shábháilteacht Muirí seirbhísí píolótaíochta agus calaithe agus seirbhísí brú agus tarraingthe a sholáthar (CPC 7214).

(c) Iompar uiscebhealaí intíre agus seirbhísí cúnta iompair uiscebhealaí intíre

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, Ceanglais Feidhmíochta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

San Aontas Eorpach: Iompar uiscebhealaí intíre do phaisinéirí agus do lasta (CPC 722), agus seirbhísí cúnta iompair uiscebhealaí intíre.

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cumhdaítear leis an bhforchoimeádas sin freisin soláthar iompair cabatáiste ar uiscebhealaí intíre (CPC 722).

(d) Iompar d'iarnród agus seirbhísí cúnta iompair d'iarnród

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: Iompar d'iarnród do phaisinéirí agus do lasta (CPC 711).

In LT: Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair d'iarnród faoi réir monaplacht stáit (CPC 86764, 86769, cuid de 8868).

In FI: Soláthar trasteorann iompair d'iarnród. Maidir le seirbhísí iompair d'iarnród do phaisinéirí a bhunú, faoi láthair, tá cearta eisiacha (arna ndeonú do VR-Group Teo a bhí 100 % faoi úinéireacht an Stáit) go dtí 2017 i gCeantar Bardasach Heilsincí agus in áiteanna eile go dtí 2019 sa réimse sin, cearta a fhéadfar a athnuachan (CPC 7111, 7112).

Bearta atá ann cheana:
FI: Rautatielaki (An tAcht um Iarnróid) (304/2011).

(e) Iompar de bhóthar (iompar paisinéirí, iompar lasta, seirbhísí iompair trucailí idirnáisiúnta) agus seirbhísí cúnta iompair de bhóthar.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Láithreacht Áitiúil:

San Aontas Eorpach:

(i) Bunaíocht a bheith ina ceanglas agus soláthar trasteorann na seirbhísí iompair de bhóthar a theorannú (CPC 712).

(ii) Teorainn a chur le hinfheisteoirí eachtracha atá bunaithe i mBallstát eile cabatáiste a sholáthar laistigh de Bhallstát (CPC 712).

(iii) Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm maidir le seirbhísí tacsaí san Aontas, lena leagfar síos teorainn le líon na soláthróirí seirbhíse. Príomhchritéar: éileamh áitiúil dá bhforáiltear sna dlíthe is infheidhme (CPC 71221).

Bearta atá ann cheana:

San Aontas Eorpach: Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha atá le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a shaothrú agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle;

Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar; agus

Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In LV: Maidir le seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta, is gá údarú a bheith ann, agus ní chumhdaítear leis an údarú sin feithiclí atá cláraithe thar lear. Ceanglaítear ar eintitis bhunaithe feithiclí atá cláraithe go náisiúnta a úsáid (CPC 712).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Maidir le hiompar paisinéirí agus lasta, ní fhéadfar cearta eisiacha ná údaruithe a dheonú ach amháin do náisiúnaigh Ballstáit agus do dhaoine dlítheanacha de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach. Tá corprú ina cheanglas. Coinníoll náisiúntachta Ballstáit le haghaidh daoine nádúrtha (CPC 712).

In MT: I gcás seirbhís bus poiblí: Tá an líonra iomlán faoi réir lamháltas lena n-áirítear comhaontú maidir le hoibleagáid seirbhíse poiblí chun freastal ar earnálacha sóisialta áirithe (amhail mic léinn agus daoine scothaosta) (CPC 712).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FI: Tá údarú ina cheanglas chun seirbhísí iompair de bhóthar a sholáthar, ach ní chumhdaítear leis an údarú sin feithiclí atá cláraithe i dtír eachtrach (CPC 712).

Bearta atá ann cheana:

FI: Laki liikenteen palveluista (An tAcht um Sheirbhísí Iompair) 320/2017; agus

Ajoneuvolaki (an tAcht um Fheithiclí) 1090/2002.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In FR: Níl cead ag infheisteoirí neamh-AE seirbhísí bus idirchathrach a sholáthar (CPC 712).

(f) Spásiompar agus spásárthaí ar cíos

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Ceanglais Feidhmíochta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: Seirbhísí iompair tríd an spás agus spásárthaí ar cíos (CPC 733, cuid de 734).

(g) Díolúintí MFN a bhaineann le hiompar

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

Iompar (cabatáiste) seachas iompar muirí

In FI: Cóir dhifreálach a thabhairt do thír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo lena ndíolmhaítear soithí atá cláraithe faoi bhratach eachtrach tíre sonraithe eile nó feithiclí atá cláraithe i dtír eachtrach ón toirmeasc ginearálta ar iompar cabatáiste a sholáthar (lena n-áirítear iompar traschórais de bhóthar agus d’iarnród) in FI ar bhonn cómhalartachta (cuid de CPC 711, cuid de 712, cuid de 722).

Seirbhísí tacaíochta don iompar uisce

In BG: A mhéid a cheadaíonn Meicsiceo do sholáthróirí seirbhíse as BG seirbhísí láimhseála lasta agus seirbhísí stórála agus trádstórais a sholáthar i gcuanta farraige agus aibhneacha, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le coimeádáin agus earraí i gcoimeádáin, ceadóidh BG do sholáthróirí seirbhíse as Meicsiceo seirbhísí láimhseála lasta agus seirbhísí stórála agus trádstórais a sholáthar i gcuanta farraige agus aibhneacha, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le coimeádáin agus earraí i gcoimeádáin faoi na coinníollacha céanna (cuid de CPC 741, cuid de 742).

Soithí ar cíos nó ar léas

In DE: Cairtfhostú long eachtrach arna dhéanamh ag tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu in DE, féadfaidh sé a bheith faoi réir coinníoll cómhalartachta (CPC 7213, 7223, 83103).

Iompar de bhóthar agus d’iarnród

San Aontas Eorpach: Chun cóir dhifreálach a thabhairt do thír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le tarlú idirnáisiúnta de bhóthar (lena n-áirítear iompar traschórais – de bhóthar nó d’iarnród) agus le hiompar paisinéirí, arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas nó na Ballstáit agus tríú tír (CPC 7111, 7112, 7121, 7122, 7123). Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an gcóir sin:

(a) soláthar na seirbhísí iompair ábhartha idir na Páirtithe conarthacha nó ar fud chríoch na bPáirtithe conarthacha a fhorchoimeád nó a theorannú d’fheithiclí atá cláraithe i ngach Páirtí conarthach[4]; nó

(b) foráil a dhéanamh maidir le díolúintí cánach le haghaidh na bhfeithiclí sin.

[4] Maidir le AT, leis an gcuid den díolúine i leith chóir an náisiúin barrfhabhair i dtaca le cearta tráchta, cumhdaítear na tíortha go léir lena bhfuil comhaontuithe déthaobhacha faoi láthair maidir le hiompar de bhóthar nó socruithe eile i dtaca le hiompar de bhóthar nó na comhaontuithe nó na socruithe a bhféadfar breithniú a dhéanamh orthu amach anseo.

Iompar de bhóthar

In BG: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear srian le soláthar na gcineálacha sin seirbhísí iompair agus lena sonraítear téarmaí agus coinníollacha an tsoláthair sin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha, i gcríoch BG nó thar theorainneacha BG (CPC 7121, 7122, 7123).

In HR: Bearta arna gcur i bhfeidhm faoi chomhaontuithe atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo maidir le hiompar idirnáisiúnta de bhóthar agus lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear srian le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair isteach in HR, trasna HR agus amach ó HR do na páirtithe lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

In CZ: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear srian le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair, isteach in CZ, trasna CZ agus amach ó CZ do na páirtithe conarthacha lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

In LT: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe déthaobhacha agus lena leagtar síos na forálacha maidir le seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna aistrithe déthaobhacha agus ceadanna iompair eile le haghaidh seirbhísí iompair isteach in LT, trasna LT agus amach ó LT do na páirtithe conarthacha lena mbaineann, agus cánacha agus tobhaigh bhóthair (CPC 7121, 7122, 7123).

In SK: Bearta a dhéantar faoi chomhaontuithe atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear srian le soláthar seirbhísí iompair agus lena sonraítear coinníollacha oibriúcháin, lena n-áirítear ceadanna iompair nó cánacha bóthair fabhracha le haghaidh seirbhísí iompair, isteach in SK, trasna SK agus amach ó SK do na páirtithe conarthacha lena mbaineann (CPC 7121, 7122, 7123).

In ES: Féadfar údarú chun láithreacht tráchtála a bhunú in ES a dhiúltú do sholáthróirí seirbhíse, i gcás nach dtugann a dtír thionscnaimh rochtain éifeachtach ar an margadh do soláthróirí seirbhíse ES (CPC 7123).

Bearta atá ann cheana:

In ES: Ley 16/1987, de 30 de julio, de Ordenación de los Transportes Terrestres

Iompar d’iarnród

In BG, CZ agus SK: I gcás comhaontuithe atá ann cheana nó a bheidh amach anseo, lena rialaítear cearta tráchta agus coinníollacha oibriúcháin, agus soláthar seirbhísí iompair i gcríoch BG, CZ agus SK agus idir na tíortha lena mbaineann (CPC 7111, 7112).

Aeriompar – Seirbhísí cúnta aeriompair

San Aontas Eorpach: Cóir dhifreálach a thabhairt do thríú tír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le seirbhísí láimhseála ar an talamh.

Iompar de bhóthar agus d’iarnród

In EE: I gcás ina dtugtar cóir dhifreálach do thír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann le hiompar idirnáisiúnta de bhóthar (lena n-áirítear iompar traschórais de bhóthar agus d’iarnród), lena bhforchoimeádtar nó lena gcuirtear srian le soláthar seirbhísí iompair isteach in EE, trasna EE agus amach ó EE do na Páirtithe conarthacha d’fheithiclí atá cláraithe i ngach Páirtí conarthach, agus lena bhforáiltear do dhíolúine cánach le haghaidh na bhfeithiclí sin (cuid de CPC 711, cuid de 712, cuid de 721).

Gach seirbhís iompair paisinéara agus lasta seachas iompar muirí agus aeriompar

In PL: A mhéid a cheadaíonn Meicsiceo soláthar seirbhísí iompair isteach i gcríoch Mheicsiceo agus trasna chríoch Mheicsiceo do sholáthróirí iompair paisinéara agus lasta de PL, ceadóidh PL soláthar seirbhísí iompair do sholáthróirí iompair paisinéara agus lasta de Mheicsiceo isteach i gcríoch PL agus trasna chríoch PL faoi na coinníollacha céanna.

II-EU-19 – Talmhaíocht, Iascach agus Uisce

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht; iascaireacht, dobharshaothrú, seirbhísí a bhaineann le hiascaireacht; bailiú, íonú agus dáileadh uisce |
| Aicmiú Tionscail: | ISIC 011, 012, 013, 014, 015, CPC 8811, 8812, 8813 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta; ISIC 0501, 0502, CPC 882 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br><br>Cóir an Náisiúin Barrfhabhair<br><br>Ceanglais Feidhmíochta<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In HR: Gníomhaíochtaí talmhaíochta agus sealgaireachta. In HU: Gníomhaíochtaí talmhaíochta (ISIC 011, 3.1 012, 3.1 013, 3.1 014, 3.1 015, CPC 8811, 8812, 8813 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

Bearta atá ann cheana:

HR: An Dlí maidir le Talamh Talmhaíochta (Iris Oifigiúil uimh. 152/08, 25/09, 153/09, 21/10 39/11 agus 63/11), Airt. 2.

(b) Iascaireacht, dobharshaothrú agus seirbhísí a bhaineann le hiascaireacht (ISIC leag. 3.1 0501, 0502, CPC 882)

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, Ceanglais Feidhmíochta; Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair:

San Aontas Eorpach: Faoi chuimsiú an Chomhbheartais Iascaigh agus comhaontuithe iascaireachta le tríú tír go háirithe, rochtain ar na hacmhainní bitheolaíocha agus na meánna atá suite in uiscí muirí a thagann faoi cheannasacht nó laistigh de dhlínse Ballstát, agus a n-úsáid, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) rialáil a dhéanamh ar thabhairt i dtír gabhálacha éisc a dhéantar sna fochuótaí arna leithdháileadh ar shoithí de chuid Mheicsiceo nó tríú tír i gcalafoirt an Aontais;

(b) an t-íosmhéid a chinneadh le haghaidh fiontair chun soithí iascaireachta ceardaíochta agus cósta araon a chaomhnú; nó

(c) cóir dhifreálach a thabhairt do Mheicsiceo nó do thríú tír de bhun comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo a bhaineann leis an iascach.

Ní fhéadfar ceadúnas iascaireachta tráchtála lena ndeonaítear an ceart iascaireachta in uiscí teorann de chuid Ballstáit a dheonú ach amháin do shoithí faoi bhratach Ballstáit.

Náisiúntacht criú soithigh iascaireachta atá faoi bhratach Ballstáit.
Saoráidí dobharshaothraithe mara nó intíre a bhunú.

In FR: Ní fhéadann náisiúnaigh tíortha neamh-AE páirt a ghlacadh i réadmhaoin mhuirí na Fraince le haghaidh feirmeoireacht éisc, sliogéisc nó algaí.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Cóir an Náisiúin Barrfhabhair; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: Aon tógáil acmhainní atá beo san fharraige nó in aibhneacha, a bhíonn á déanamh ag soithí sna huiscí mara inmheánacha agus i bhfarraige chríochach BG, is iad soithí faoi bhratach BG a dhéanfaidh í. Ní fhéadfaidh long eachtrach gabháil don iascaireacht tráchtála sa limistéar eacnamaíoch eisiach ach amháin ar bhonn comhaontaithe idir BG agus an stát brataí. Le linn dóibh a bheith ag dul tríd an limistéar eacnamaíoch eisiach, ní fhéadfaidh longa iascaireachta eachtracha a bhfearas iascaireachta a choinneáil sa mhód oibriúcháin.

(c) Bailiú, íonú agus dáileadh uisce

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: I gcás gníomhaíochtaí, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le bailiú, íonú agus dáileadh uisce d’úsáideoirí tí, úsáideoirí tionscail, úsáideoirí tráchtála nó eile, lena n-áirítear soláthar uisce óil, agus bainistiú uisce.

II-EU-20 – Gníomhaíochtaí a Bhaineann leis an bhFuinneamh

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Táirgeadh fuinnimh agus seirbhísí gaolmhara |
| Aicmiú Tionscail: | ISIC 10, 1110, 12, 120, 1200, 13, 14, 232, 233, 2330, 40, 401, 4010, 402, 4020, cuid de 4030, CPC 613, 62271, 63297, 7131, 71310, 742, 7422, cuid de 88, 887. |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta<br><br>Ceanglais Feidhmíochta<br><br>Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí<br><br>Láithreacht Áitiúil |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí fuinnimh – ginearálta (ISIC 10, 1110, 13, 14, 232, 40, 401, 402, cuid de 403, 41; CPC 613, 62271, 63297, 7131, 742, 7422, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, Ceanglais Feidhmíochta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

San Aontas Eorpach: I gcás ina gceadóidh Ballstát úinéireacht eachtrach ar chóras tarchurtha gáis nó leictreachais, nó córas iompair ola agus gáis trí phíblíne, maidir le fiontair Mheicsiceo arna rialú ag daoine nádúrtha nó fiontair tríú tír ina bhfuil breis agus 5 % d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha nó leictreachais an Aontais, chun slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais ina iomláine nó slándáil soláthar Ballstáit aonair a ráthú. Ní bhaineann an forchoimeádas sin le seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta arna soláthar mar sheirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh.

Ní bhaineann an forchoimeádas sin le HR, HU agus LT (i dtaca le LT, CPC 7131 amháin) maidir le hiompar breoslaí trí phíblíne, ná ní bhaineanna sé le LV maidir le seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh, ná le SI maidir le seirbhísí a bhaineann le dáileadh gáis (ISIC 401, 402, CPC 7131, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

In CY: Maidir le monarú táirgí peitriliam scagtha a mhéid atá an t-infheisteoir faoi rialú duine nádúrtha nó duine dlítheanach tíre nach tír den Aontas í ina bhfuil breis agus 5 % d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais, chomh maith le monarú gáis, dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlínte as a stuaim féin, táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, iompar breoslaí trí phíblínte, seirbhísí a bhaineann le dáileadh leictreachais agus gáis nádúrtha seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta, seirbhísí mórdhíolacháin leictreachais, seirbhísí miondíolacháin breosla mótair, leictreachais agus gáis neamhbhuidéalaithe. Tá náisiúntacht agus cónaí ina gceanglas le haghaidh seirbhísí a bhaineann le leictreachas (ISIC leag 3.1 232, 4010, 4020, CPC 613, 62271, 63297, 7131, agus 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

In FI: Líonraí agus córais tarchurtha agus dáilte fuinnimh agus gaile agus uisce the. Na srianta cainníochtúla i bhfoirm monaplachtaí nó ceart eisiach le haghaidh allmhairiú gáis nádúrtha agus le haghaidh táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the. Faoi láthair, tá monaplachtaí nádúrtha agus cearta eisiacha ann (ISIC 40, CPC 7131, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

In FR: Na córais tharchurtha leictreachais agus gáis agus iompar ola agus gáis trí phíblíne (CPC 7131).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE: Na seirbhísí dáilte fuinnimh, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (CPC 887 seachas seirbhísí sainchomhairleoireachta).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE: I gcás seirbhísí tras-seolta fuinnimh, na cineálacha eintiteas dlíthiúil agus cóir na n-oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas ina ceanglas (ISIC 4010, CPC 71310).

In BG: Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (cuid de CPC 88).

In PT: Táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, monarú gáis, iompar breoslaí trí phíblíne, seirbhísí mórdhíolacháin leictreachais, seirbhísí miondíolacháin leictreachais agus gáis neamhbhuidéalaithe, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh leictreachais agus gás nádúrtha. Ní shanntar lamháltais d'earnálacha an leictreachais agus an gháis ach amháin do chuideachtaí teoranta a bhfuil a gceanncheathrú agus a mbainistíocht éifeachtach in PT (ISIC 232, 4010, 4020, CPC 7131, 7422, 887 seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta).

In SK: Tá údarú ina cheanglas i dtaca le táirgeadh, tarchur agus dáileadh leictreachais, monarú gáis agus dáileadh breoslaí gásacha, táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the, iompar breoslaí trí phíblíne, mórdhíol agus miondíol leictreachais, gaile agus uisce the, agus seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh, lena n-áirítear seirbhísí sa réimse éifeachtúlacht fuinnimh, caomhnú fuinnimh agus iniúchadh fuinnimh. Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm agus ní fhéadfar diúltú don iarratas ach amháin má tá an margadh plúchta. I gcás na ngníomhaíochtaí sin go léir, ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha ar a bhfuil buanchónaí i mBallstát den Aontas Eorpach nó de LEE nó do dhuine dlítheanach atá bunaithe san Aontas Eorpach nó in LEE.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In BE: Cé is moite de mhianadóireacht mianta miotail agus mianadóireacht agus cairéalú eile, féadfar toirmeasc a chur ar fhiontair eachtracha arna rialú ag daoine nádúrtha nó fiontair tríú tír atá freagrach as níos mó ná 5 % d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais, smacht a fháil ar an ngníomhaíocht. Tá corprú ina cheanglas (ní cheadaítear brainsiú) (ISIC 10, 1110, 13, 14, 232, cuid de 4010, cuid de 4020, cuid de 4030).

Bearta atá ann cheana:

San Aontas Eorpach: Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE; agus

Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE.

BG: An tAcht um Fhuinneamh.

CY: Dlíthe maidir le Rialáil an Mhargaidh Leictreachais 2003;

Dlíthe maidir le Rialáil an Mhargaidh Leictreachais 2003 Dlí 122(I)/2003 arna leasú le Dlíthe 239(I)/2004, 143(I)/2005, 173(I)/2006, 92(I)/2008, 211(I)/2012, 206(I)/2015 agus 18(I)/2017;

Dlíthe maidir le Rialáil an Mhargaidh Gáis 2004 go 2007;

An Dlí maidir le Peitriliam (Píblínte), Caibidil 273 de Bhunreacht Phoblacht na Cipire;

Dlí maidir le Peitriliam L.64(I)/1975; agus

Na Dlíthe maidir le Sonraíochtaí Peitriliam agus Breosla ó 2003 go 2009.

FI: Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (508/2000);

Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (587/2017); agus

Sähkömarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Leictreachais) (386/1995).

In FR: An Cód Fuinnimh (L111-5, L111-53,).

PT: Gás nádúrtha: Dlí Foraithne 230/2012 agus Dlí Foraithne 231/2012, 26 Deireadh Fómhair;

Leictreachas: Dlí Foraithne 215-A/2012, agus Dlí Foraithne 215-B/2012, 8 Deireadh Fómhair –; agus

Táirgí amhola/peitriliam: Dlí Foraithne 31/2006, 15 Feabhra –.

SK: Acht 51/1988 um an Mianadóireacht, Pléascáin agus Riarachán Mianadóireachta Stáit;

Acht 569/2007 maidir le hOibreacha Geolaíocha;

Acht 251/2012 maidir le Fuinneamh; agus

Acht 657/2004 maidir le Fuinneamh Teirmeach.

(b) Leictreachas (ISIC leag.3.1 40, 401; CPC 62271, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, Ceanglais Feidhmíochta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FI: Allmhairiú leictreachais. Maidir le trádáil trasteorann, mórdhíol agus miondíol leictreachais. In FR: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí ina bhfuil 100 % den chaipiteal i seilbh Stát na Fraince, i seilbh eagraíochta eile san earnáil phoiblí nó i seilbh Electricité de France (EDF) a bheith ina n-úinéirí agus ina n-oibreoirí córas tarchurtha leictreachais nó córas dáilte leictreachais.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BG: I gcás leictreachas a tháirgeadh agus teas a tháirgeadh.

In PT: Déantar na gníomhaíochtaí tarchurtha agus dáilte leictreachais trí lamháltais eisiacha na seirbhíse poiblí.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In BE: Le haghaidh údarú aonair chun leictreachas dar toilleadh 25 MW a tháirgeadh, tá bunaíocht san Aontas ina ceanglas, nó i Stát eile ag a bhfuil córas i bhfeidhm atá comhchosúil leis an gcóras a fhorfheidhmítear le Treoir 96/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 1996 i dtaca le rialacha comhchoiteanna maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas, agus i gcás ina bhfuil nasc éifeachtach leanúnach ag an gcuideachta leis an ngeilleagar.

Táirgeadh leictreachais amach ón gcósta laistigh de chríoch amach ón gcósta BE, tá sé faoi réir oibleagáid lamháltais agus comhfhiontair le cuideachta ó Bhallstát, nó cuideachta eachtrach ó thír ag a bhfuil córas atá comhchosúil le córas Threoir 2003/54/CE, go háirithe maidir leis na coinníollacha a bhaineann le húdarú agus le roghnú. Ina theannta sin, ní mór riarachán lárnach nó ceannoifig na cuideachta a bheith i mBallstát nó i dtír a chomhlíonann na critéir thuas, i gcás ina bhfuil nasc éifeachtach leanúnach aici leis an ngeilleagar.

Tá údarú ina cheanglas chun línte cumhachta leictreachais a thógáil lena nasctar táirgeadh amach ón gcósta le líonra tarchurtha Elia, agus ní mór don chuideachta na coinníollacha a sonraíodh roimhe sin a chomhlíonadh, ach amháin an ceanglas maidir le comhfhiontair.

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE: Tá údarú ina cheanglas maidir le soláthar leictreachais arna dhéanamh ag idirghabhálaí ag a bhfuil custaiméirí atá bunaithe in BE agus atá nasctha leis an gcóras eangaí náisiúnta nó le líne dhíreach a bhfuil a voltas ainmniúil níos airde ná 70 000 volta. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe in LEE.

Bearta atá ann cheana:

BE: Arrêté Royal du 11 octobre 2000 fixant les critères et la procédure d'octroi des autorisations individuelles préalables à la construction de lignes directes;

Arrêté Royal du 20 décembre 2000 relatif aux conditions et à la procédure d'octroi des concessions domaniales pour la construction et l'exploitation d'installations de production d'électricité à partir de l'eau, des courants ou des vents, dans les espaces marins sur lesquels la Belgique peut exercer sa juridiction conformément au droit international de la mer;

Arrêté Royal du 12 mars 2002 relatif aux modalités de pose de câbles d'énergie électrique qui pénètrent dans la mer territoriale ou dans le territoire national ou qui sont installés ou utilisés dans le cadre de l'exploration du plateau continental, de l'exploitation des ressources minérales et autres ressources non vivantes ou de l'exploitation d'îles artificielles, d'installations ou d'ouvrages relevant de la juridiction belge;

Arrêté royal du 2 avril 2003 relatif aux autorisations de fourniture d'électricité par des intermédiaires et aux règles de conduite applicables à ceux-ci; agus

Arrêté royal du 12 juin 2001 relatif aux conditions générales de fourniture de gaz naturel et aux conditions d'octroi des autorisations de fourniture de gaz naturel.

FI: Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (508/2000);

Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (587/2017); agus

Sähkömarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Leictreachais) 588/2013.

In FR: An Cód Fuinnimh (L111-5, L111-53).

PT: Leictreachas: Dlí Foraithne 215-A/2012, agus Dlí Foraithne 215-B/2012, 8 Deireadh Fómhair.

(c) Breoslaí, táirgí gáis, amhola nó peitriliam (ISIC 232, 40, 402; CPC 613, 62271, 63297, 7131, 71310, 742, 7422, cuid de 88, 887 (seachas seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta))

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, Ceanglais Feidhmíochta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In FI: Chun cosc a chur ar dhaoine nó fiontair eachtracha críochfort gáis nádúrtha leachtaithe (dá ngairtear 'GNL' anseo feasta) a bheith á rialú nó ina seilbh acu (lena n-áirítear na codanna sin den chríochfort GNL a úsáidtear chun GNL a stóráil nó a athghású).

In FR: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí ina bhfuil 100 % den chaipiteal i seilbh Stát na Fraince, i seilbh eagraíochta eile san earnáil phoiblí nó i seilbh ENGIE, a bheith ina n-úinéirí agus ina n-oibreoirí córas tarchurtha nó dáileacháin gáis ar chúiseanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta fuinnimh.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE: I gcás seirbhísí bulcstórála gáis, maidir leis na cineálacha eintiteas dlíthiúil agus maidir leis an gcóir a thugtar d'oibreoirí poiblí nó príobháideacha a bhfuil cearta eisiacha tugtha ag BE dóibh. Tá bunaíocht laistigh den Aontas ina ceanglas le haghaidh seirbhísí bulcstórála gáis (cuid de CPC 742).

In BG: I gcás iompar trí phíblíne, stóráil agus trádstóráil peitriliam agus gáis nádúrtha, lena n-áirítear tarchur idirthurais (CPC 71310, cuid de CPC 742).

In PT: I gcás soláthar trasteorann seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí phíblínte (gás nádúrtha). Freisin, maidir le lamháltais a bhaineann le tarchur agus dáileadh gáis nádúrtha agus lena stóráil faoi thalamh, agus a bhaineann le críochfoirt glactha, stórála agus athghásaithe GNL, bronnfar na lamháltais sin trí chonarthaí lamháltais, tar éis glaonna poiblí ar thairiscintí (CPC 7131, CPC 7422).

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE: Tá iompar gáis nádúrtha agus breoslaí eile trí phíblíne faoi réir ceanglas údarúcháin. Ní fhéadfar údarú a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát (i gcomhréir le hAirteagal 3 de AR an 14 Bealtaine 2002).

I gcás ina n-iarrann cuideachta an t-údarú:

(a) ní mór don chuideachta a bheith bunaithe i gcomhréir le dlí na Beilge, nó le dlí Ballstáit eile, nó le dlí tríú tír, a thug gealltanais chun creat rialála a choinneáil ar bun agus é comhchosúil leis na ceanglais chomhchoiteanna a shonraítear i dTreoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha; agus

(b) ní mór suíomh riaracháin, príomhbhunaíocht nó ceannoifig na cuideachta a bheith i mBallstát, nó i dtríú tír, a thug gealltanais chun creat rialála a choinneáil ar bun agus é comhchosúil leis na ceanglais chomhchoiteanna a shonraítear i dTreoir 98/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha, ar choinníoll go bhfuil gníomhaíocht na bunaíochta nó na ceannoifige sin ina nasc éifeachtach leanúnach le geilleagar na tíre lena mbaineann (CPC 7131).

De ghnáth, an soláthar gáis nádúrtha do chustaiméirí atá bunaithe in BE (is é sin, custaiméirí ar cuideachtaí dáileacháin agus tomhaltóirí araon iad, a sroicheann a dtomhaltas foriomlán gáis arna eascairt ó gach ionad soláthair íosleibhéal d’aon mhilliún méadar ciúbach in aghaidh na bliana), tá an soláthar gáis sin faoi réir údarú aonair arna sholáthar ag an Aire, ach amháin i gcás inar cuideachta dáileacháin é an soláthróir, a úsáideann a líonra dáileacháin féin. Ní fhéadfar an t-údarú sin a dheonú ach amháin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát.

In CY: I gcás soláthar trasteorann seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí phíblínte, agus miondíolachán ola breosla agus gáis bhuidéalaithe seachas trí phostdíol (CPC 613, CPC 62271, CPC 63297, CPC 7131, CPC 742).

Bearta atá ann cheana:

BE: Arrêté Royal du 14 mai 2002 relatif à l’autorisation de transport de produits gazeux et autres par canalisations; agus

Loi du 12 avril 1965 relative au transport de produits gazeux et autres par canalizations (airteagal 8.2).

BG: An tAcht um Fhuinneamh.

CY: Dlíthe maidir le Rialáil an Mhargaidh Leictreachais 2003;

Dlí 122(I)/2003 arna leasú le Dlíthe 239(I)/2004, 143(I)/2005, 173(I)/2006, 92(I)/2008, 211(I)/2012, 206(I)/2015 agus 18(I)/2017;

Dlíthe maidir le Rialáil an Mhargaidh Gáis 2004 go 2007;

An Dlí maidir le Peitriliam (Píblínte), Caibidil 273 de Bhunreacht Phoblacht na Cipire;

Dlí maidir le Peitriliam L.64(I)/1975; agus

Na Dlíthe maidir le Sonraíochtaí Peitriliam agus Breosla ó 2003 go 2009.

FI: Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (508/2000); agus

Maakaasumarkkinalaki (An tAcht um an Margadh Gáis Nádúrtha) (587/2017).

In FR: An Cód Fuinnimh (L111-5, L111-53).

PT: Gás Nádúrtha: Dlí Foraithne 230/2012 agus Dlí Foraithne 231/2012, 26 Deireadh Fómhair;

Leictreachas: Dlí Foraithne 215-A/2012, agus Dlí Foraithne 215-B/2012, 8 Deireadh Fómhair; agus

Táirgí amhola/peitriliam: Dlí Foraithne 31/2006, 15 Feabhra.

(d) Núicléach (ISIC leag 3.1 12, 3.1 23, 120, 1200, 233, 2330, 40, cuid de 4010, CPC 887))

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In DE: I gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In AT agus FI: I gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil, a dháileadh nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí, Ceanglais Feidhmíochta:

In HU agus SE: I gcás breosla núicléach a phróiseáil agus leictreachas núicléach-bhunaithe a ghiniúint.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In BE: I gcás ábhar núicléach a tháirgeadh, a phróiseáil nó a iompar agus fuinneamh núicléach-bhunaithe a ghiniúint nó a dháileadh.

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí:

In BG: Maidir le próiseáil ábhar ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na n-ábhar as a ndíorthaítear iad, agus maidir leis an trádáil iontu, le cothabháil agus deisiú trealaimh agus córas i saoráidí le haghaidh táirgeadh fuinnimh núicléach, le hiompar ábhar den chineál sin agus ábhar bruscair agus dramhaíola óna bpróiseáil, le húsáid radaíochta ianúcháin, agus le gach seirbhís eile a bhaineann le húsáid fuinnimh núicléach le haghaidh cuspóirí síochánta (lena n-áirítear, i measc seirbhísí eile, seirbhísí innealtóireachta agus sainchomhairleoireachta agus seirbhísí a bhaineann le bogearraí, etc.).

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta:

In FR: Ní mór na gníomhaíochtaí sin oibleagáidí Chomhaontú Euratom a urramú.

Bearta atá ann cheana:

AT: Bundesverfassungsgesetz für ein atomfreies Österreich (an tAcht Bunreachtúil le haghaidh Ostair Neamhnúicléach), BGBl. I Uimh. 149/1999.

BG: An tAcht um Úsáid Shábháilte Fuinnimh Núicléach.

FI: Ydinenergialaki (An tAcht um Fhuinneamh Núicléach) (990/1987).

HU: Acht CXVI de 1996 maidir le Fuinneamh Núicléach; agus

Foraithne an Rialtais Uimh. 72/2000 maidir le Fuinneamh Núicléach.

SE: Cód Comhshaoil na Sualainne (1998:808); agus

An Dlí maidir le Gníomhaíochtaí Teicneolaíochta Núicléiche (1984:3).

II-EU-21 – Seirbhísí Eile nach bhfuil san Áireamh aon Áit Eile

| | |
|---|---|
| Earnáil – Fo-earnáil: | Seirbhísí eile nach bhfuil san áireamh aon áit eile |
| Aicmiú Tionscail: | CPC 9703, cuid de CPC 612, cuid de CPC 621, cuid de CPC 625, cuid de 85990 |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair |
| | Ceanglais Feidhmíochta |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí |
| Caibidil: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Tuairisc:

Forchoimeádann an tAontas an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta CPC 9703

Maidir le Léirscaoileadh Infheistíochta – Cóir Náisiúnta, Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí; agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In DE: Ní fhéadfaidh ach daoine dlítheanach atá bunaithe faoin dlí poiblí reilig a oibriú. Reiligí a chruthú agus a oibriú agus seirbhísí a bhaineann le sochraidí, déantar mar sheirbhísí rialtais iad.

In CY agus SI: Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta.

In SE: Monaplacht Eaglais na Sualainne nó údaráis áitiúil ar sheirbhísí créamtha agus sochraide.

(b) Seirbhísí eile a bhaineann le cúrsaí gnó

Maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí – Cóir Náisiúnta:

In LT: Tá cearta eisiacha ag an bhfiontar Stáit 'Infrostruktura' chun na seirbhísí seo a leanas a sholáthar: tarchur sonraí trí líonraí slána stáit um tharchur sonraí, deonú seoltaí idirlín dar críoch 'gov.lt', agus deimhniú scipéad airgid leictreonach.

Bearta atá ann cheana:

LT: Rún Rialtais an 28 Bealtaine 2002 Uimh. 756 maidir le formheas an nós imeachta chaighdeánaigh um praghsanna agus taraifí earraí agus seirbhísí de chineál monaplachta a shocrú, arna soláthar ag fiontair faoi úinéireacht an stáit agus institiúidí poiblí arna mbunú ag aireachtaí, institiúidí rialtais agus gobharnóirí contae agus arna sannadh dóibh.

**Foscríbhinn II-B**

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE BEARTA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

LIOSTA MHEICSICEO

Forchoimeádais is Infheidhme ar an Leibhéal Lárnach

II-MX-1

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Uile |
| Fo-earnáil: | |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Tuairisc: | Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena gcuirtear srian le héadáil, díolachán nó diúscairt eile bannaí, billí státchiste nó aon chineáil urrúis fiachais eile a eisíonn an rialtas lárnach, an rialtas réigiúnach nó an rialtas áitiúil.

Bearta atá ann cheana:

II-MX-2

Earnáil: Uile

Fo-earnáil:

Aicmiú Tionscail:

Oibleagáidí lena mBaineann: Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena gceanglaítear ar thromlach bhord stiúrthóirí fiontair den Aontas Eorpach, nó aon choiste den bhord, atá ina infheistíocht faoi chumhdach, náisiúntacht ar leith a bheith acu nó cónaí a bheith orthu i gcríoch Mheicsiceo, ar choinníoll nach lagaíonn an ceanglas sin, ar bhealach ábhartha, cumas an infheisteora a infheistíocht a rialú.

Bearta atá ann cheana:

II-MX-3

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Fuinneamh |
| Fo-earnáil: | Ola agus hidreacarbóin eile |
| | Leictreachas |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7 agus 11.6) |
| | Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9) |
| | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun bearta a ghlacadh i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhforchoimeádais I-MX-14 agus I-MX-15 d'Fhoscríbhinn I-B-1, i gcur chun feidhme na Foraithne lena n-achtaítear an Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, an Coimisiún Feidearálach Leictreachais; an Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, Petróleos Mexicanos; Dlí na hEarnála Leictreachais; Dlí na hEarnála Hidreacarbón; an Dlí um Pleanáil agus Aistriú Fuinnimh; Dlí na mBithbhreoslaí; an Dlí um Fhuinneamh Geoiteirmeach agus Dlí an Choimisiúin Náisiúnta um Fhuinneamh; lena leasaítear roinnt forálacha de Dhlí Chiste Peitriliam Mheicsiceo um Chobhsaíocht agus Forbair; lena leasaítear agus lena n-athchóirítear roinnt forálacha de Dhlí Chiste Peitriliam Mheicsiceo um Chobhsaíocht agus Forbairt agus lena gcuirtear leo; an Dlí um Fhuinneamh Geoiteirmeach agus Dlí an Choimisiúin Náisiúnta um Fhuinneamh; leasaítear roinnt forálacha de Dhlí Chiste Peitriliam Mheicsiceo um Chobhsaíocht agus Forbairt agus déantar roinnt forálacha de Dhlí Orgánach an Riaracháin Phoiblí Fheidearálaigh a leasú, a chur isteach agus a aisghairm, a foilsíodh san Iris Oifigiúil an 18 Márta 2025. Nuair a ghlacfar bearta den sórt sin, measfar iad a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana a liostaítear in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-chomhréireacha). Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh na gnéithe neamh-chomhréireacha a bhaineann le haon bheart cur chun feidhme den sórt sin teoranta don mhéid a cheadaítear leis an bhForaithne sin agus le haon bheart cur chun feidhme a ghlactar de bhun an fhorchoimeádais sin chomh maith.

Ceadaíonn Meicsiceo infheistíocht phríobháideach go heisiach trí shocruithe conarthacha i ndáil le taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus hidreacarbón eile, agus i ndáil le seirbhís phoiblí tharchur agus dháileadh an leictreachais.

I gcás ina leasófar dlí Mheicsiceo chun infheistíocht phríobháideach a cheadú a bhfuil a módúlacht dhifriúil leis an módúlacht a leagtar amach sa dara mír, nó chun díol na sócmhainní nó an leasa úinéireachta i bhfiontar a cheadú, agus an fiontar sin ag gabháil do na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa dara mír, forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun srianta a fhorchur ar an infheistíocht sin.

Aon srian a fhorchuirtear i gcomhréir leis an tríú mír, measfar é a bheith ar na bearta neamh-chomhréireach atá ann cheana a liostaítear in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagail 10.12 (Bearta agus Eisceachtaí Neamh-chomhréireacha).

Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, dearbhaíonn Meicsiceo an prionsabal a léirítear in Airteagail 25, 27 agus 28 de Bhunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), mar atá, go bhforchoimeádtar don Stát taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus hidreacarbón eile, pleanáil agus rialú an Chórais Leictreachais Náisiúnta agus seirbhís phoiblí tharchur agus dháileadh an leictreachais.

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 25, 27 agus 28.

An Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, an Coimisiún Feidearálach Leictreachais (Ley de la Empresa Pública del Estado, Comisión Federal de Electricidad).

An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera).

Dlí na hEarnála Hidreacarbón (Ley del Sector Hidrocarburos).

An Dlí um Fhiontar Poiblí Stáit, Petróleos Mexicanos (Ley de la Empresa Pública del Estado, Petróleos Mexicanos).

Dlí na hEarnála Leictreachais (Ley del Sector Eléctrico).

An Dlí um Pleanáil agus Aistriú Fuinnimh (Ley de Planeación y Transición Energética).

II-MX-4

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Seirbhísí Siamsaíochta |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí áineasa agus fóillíochta |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 949104 Seirbhísí Áineasa agus Fóillíochta Príobháideacha eile (teoranta do sheirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6) |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7) |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10) |
| | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |
| Tuairisc: | Léirscaoileadh Infheistíochta agus Trádáil Trasteorann i Seirbhísí |

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le léirscaoileadh infheistíochta t i seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta nó soláthar na seirbhísí sin.

Bearta atá ann cheana:

II-MX-5

Earnáil: Gnóthaí Mionlaigh

Fo-earnáil:

Aicmiú Tionscail:

Oibleagáidí lena mBaineann: Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)

Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Tuairisc: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cearta nó tosaíochtaí do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch.

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 4.

II-MX-6

Earnáil: Seirbhísí Sóisialta

Fo-earnáil:

Aicmiú Tionscail:

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagail 10.7 agus 11.6)

Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagail 10.8 agus 11.7)

Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)

Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le seirbhísí poiblí forfheidhmithe dlí agus ceartúcháin, agus i ndáil leis na seirbhísí seo a leanas a mhéid is seirbhísí sóisialta iad a bhunaítear nó a choinnítear ar bun ar mhaithe le cuspóir poiblí: cinnteacht ioncaim nó árachas, slándáil shóisialta nó árachas, leas sóisialta, oideachas poiblí, oiliúint phoiblí, sláinte agus cúram leanaí.

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagail 4, 17, 18, 25, 26, 28 agus 123.

II-MX-7

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Iompar |
| Fo-earnáil: | Pearsanra speisialaithe |
| Aicmiú Tionscail: | CMAP 951023 Seirbhísí Gairmiúla, Teicniúla agus Speisialaithe eile (teoranta do chaptaein loinge, píolótaí aerárthaigh, máistrí loinge, meaisíneoirí loinge, meicneoirí loinge, riarthóirí aerfoirt (comandantes de aeródromos), máistrí cuain, píolótaí cuain, criú ar shoithí nó aerárthaí Meicsiceacha a bhfuil bratach Mheicsiceo ar foluain acu) |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Láithreacht Áitiúil (Airteagal 11.5)<br><br>Cóir Náisiúnta (Airteagal 11.6)<br><br>Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 11.7) |
| Leibhéal Rialtais: | Lárnach |

Tuairisc: Trádáil Trasteorann i Seirbhísí

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le pearsanra speisialaithe. Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Mheicsiceacha a rugadh i Meicsiceo a bheith fostaithe mar:

chaptaein, píolótaí, máistrí loinge, meaisíneoirí, meicneoirí agus baill chriú i gceannas ar shoithí nó aerárthaí faoi bhratach Mheicsiceo; agus

píolótaí cuain, máistrí cuain agus riarthóirí aerfoirt.

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos), Airteagal 32.

II-MX-8

| | |
|---|---|
| Earnáil: | Uile |
| Fo-earnáil: | Seirbhísí teileagraif, radaiteileagraif agus poist |
| | Billí (airgeadra) a eisiúint agus mona a bhualadh |
| | Calafoirt mhuirí agus calafoirt intíre a rialú agus a iniúchadh agus faireachán a dhéanamh orthu |
| | Aerfoirt agus héileapoirt a rialú agus a iniúchadh agus faireachán a dhéanamh orthu |
| | Cumhacht núicléach, lena n-áirítear taiscéalaíocht agus saothrú ábhar radaighníomhach agus brabús a dhéanamh orthu. |
| Aicmiú Tionscail: | |
| Oibleagáidí lena mBaineann: | Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7) |
| | Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 10.8) |
| | Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9) |
| | Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10) |

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Na gníomhaíochtaí a liostaítear thíos, forchoimeádtar iad don Stát, agus tá toirmeasc faoi dhlí Mheicsiceo ar infheistíocht cothromais phríobháidigh. I gcás ina gceadaíonn Meicsiceo don infheistíocht phríobháideach a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin trí chonarthaí seirbhíse, lamháltais, socruithe iasachta nó aon chineál socraithe chonarthaigh eile, ní thuigfear as an rannpháirtíocht sin go ndéanfaidh sí difear d'fhorchoimeád na ngníomhaíochtaí sin.

I gcás ina leasófar dlí Mheicsiceo chun infheistíocht cothromais phríobháidigh a cheadú i ngníomhaíocht a leagtar amach sa liosta thíos, féadfaidh Meicsiceo srianta a fhorchur ar rannpháirtíocht infheistíochta coigríche agus measfar na srianta sin a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana a liostaítear in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí). Féadfaidh Meicsiceo srianta a fhorchur freisin ar rannpháirtíocht infheistíochta cothromais coigríche nuair atá sócmhainn nó leas úinéireachta á dhíol i bhfiontar a bhíonn ag gabháil do na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa liosta thíos, agus measfar na srianta sin a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí).

(a) Seirbhísí teileagraif, radaiteileagraif agus poist;

(b) Billí (airgeadra) a eisiúint agus mona a bhualadh;

(c) Calafoirt mhuirí agus calafoirt intíre a rialú agus a iniúchadh agus faireachán a dhéanamh orthu;

(d) Aerfoirt agus héileapoirt a rialú agus a iniúchadh agus faireachán a dhéanamh orthu; agus

(e) Cumhacht núicléach.[5]

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos) Airteagail 25 agus 28.

An Dlí maidir le Banc Mheicsiceo (Ley del Banco de México).

An Dlí maidir le hÁras Airgeadra Mheicsiceo (Ley de la Casa de Moneda de México).

Dlí Airgeadaíochta Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Ley Monetaria de los Estados Unidos Mexicanos).

An Dlí maidir le Loingseoireacht agus Tráchtáil Mhuirí (Ley de Navegación y Comercio Marítimos).

Dlí na gCalafort (Ley de Puertos).

---

[5] Chun críocha na hiontrála seo, áirítear le cumhacht núicléach taiscéalaíocht agus saothrú ábhar radaighníomhach agus brabús a dhéanamh orthu.

Dlí na nAerfort (Ley de Aeropuertos).

An Dlí Feidearálach Teileachumarsáide agus Craolacháin (Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión).

Foraithne lena mbunaítear gníomhaireacht dhíláraithe na Seirbhísí Loingseoireachta in Aerspás Mheicsiceo, (SENEAM, de réir a acrainm sa Spáinnis) (Decreto que crea el Organismo Desconcentrado de Servicios a la Navegación en el Espacio Aéreo Mexicano, SENEAM).

An Dlí maidir le Modhanna Ginearálta Cumarsáide (Ley de Vías Generales de Comunicación).

An Dlí maidir le Seirbhís Poist Mheicsiceo (Ley del Servicio Postal Mexicano), Teideal I, Caibidil III.

An Dlí um Infheistíocht Choigríche (Ley de Inversión Extranjera).

II-MX-9

Earnáil: Mianadóireacht

Fo-earnáil: Gníomhaíochtaí a bhaineann le litiam

Aicmiú Tionscail:

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir Náisiúnta (Airteagal 10.7)

Ceanglais Feidhmíochta (Airteagal 10.9)

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí (Airteagal 10.10)

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Na gníomhaíochtaí a bhaineann le litiam, lena n-áirítear taiscéalaíocht agus saothrú litiam, forchoimeádtar iad don Stát, agus tá toirmeasc faoi dhlí Mheicsiceo ar infheistíocht cothromais phríobháidigh. I gcás ina gceadaíonn Meicsiceo don infheistíocht phríobháideach a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin trí chonarthaí seirbhíse, lamháltais, socruithe iasachta nó aon chineál socraithe chonarthaigh eile, ní thuigfear as an rannpháirtíocht sin go ndéanfaidh sí difear d’fhorchoimeádas na ngníomhaíochtaí sin don Stát.

I gcás ina leasófar dlí Mheicsiceo chun infheistíocht cothromais phríobháidigh a cheadú i ngníomhaíocht a bhaineann le litiam, féadfaidh Meicsiceo srianta a fhorchur ar rannpháirtíocht infheistíochta coigríche agus measfar na bearta sin a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana a liostaítear in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí). Féadfaidh Meicsiceo srianta a fhorchur freisin ar rannpháirtíocht infheistíochta cothromais coigríche nuair atá sócmhainn nó leas úinéireachta á dhíol i bhfiontar a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le litiam, agus measfar na bearta sin a bheith ar na bearta neamh-chomhréireacha atá ann cheana mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 10.12 (Bearta Neamh-chomhréireacha agus Eisceachtaí).

Bearta atá ann cheana:

Bunreacht Polaitiúil Stáit Aontaithe Mheicsiceo (Constitución Política de los Estados Unidos Mexicanos) Airteagail 27 agus 28.

An Dlí um Mianadóireacht (Ley de Minería).

II-MX-10

Earnáil: Uile

Fo-earnáil:

Aicmiú Tionscail:

Oibleagáidí lena mBaineann: Cóir an Náisiúin Barrfhabhair (Airteagal 10.8)

Leibhéal Rialtais: Lárnach

Tuairisc: Léirscaoileadh Infheistíochta

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifriúil do thíortha, cóir a tugadh faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta déthaobhacha nó iltaobhacha uile a bhí i bhfeidhm roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir leis na bearta siúd lena ndeonaítear cóir dhifriúil i dtaca leis an méid seo a leanas:

(a) taiscéalaíocht, táirgeadh agus monarú earraí fuinnimh, mar aon le dáileadh agus tarchur gáis agus leictreachais, agus margaíocht earraí fuinnimh, lena n-áirítear a mórdhíol nó a miondíol, agus

(b) gníomhaíochtaí a bhaineann le litiam, lena n-áirítear taiscéalaíocht agus saothrú litiam.

Forchoimeádann Meicsiceo an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cóir dhifriúil do thíortha, cóir a tugadh faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta uile a bhí i bhfeidhm nó a síníodh tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, lena mbaineann na nithe seo a leanas:

(a) eitlíocht;

(b) iascach; nó

(c) ábhair mhuirí, lena n-áirítear tarrthálas.

________________